OPW
The Office of Public Works
Oifig na nOibreachta Poiblí

Oifig na nOibreachta Poiblí
Tuarascáil Bhliantúil 2005

Clár na nÁbhar

Réamhrá an Aire Stáit 02

Réamhrá an Chathaoirligh 03

Athbhreithniú Straitéiseach 2005 07
- Seirbhís don Chustaiméir
- Cairt an Chustaiméara 15
- Athbhreithniú ar Bhearta maidir le Seirbhís don Chustaiméir 20

Athbhreithniú Oibríochtaí 2005 25
- Dílárú ar OOP 26
- Seirbhísí Bainistíochta Maoine 27
  - 2005 Forléargas ar an Margadh 28
- Bainistíocht ar Shaoráidí agus ar Imeachtaí 34
- Seirbhísí Cothabháil Maoine 36
- Seirbhísí Bainistíú Tionscadail 38
  - Aonad Tionscadail Speisialta 44
- Seirbhísí Ailtireachta 49
- Seirbhísí Innealtóireachta 53
- Seirbhísí Oidhreachta 60
- Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais 67
- Seirbhísí Corparáideacha 68
  - Seirbhísí Pearsanra
  - An tAonad Eagrúcháin 68
    - Seirbhísí Dlí 70
    - An tAonad Saoráil Faisnéise 70
  - An tAonad Oiliúna 71
  - Brainse na gCuntas 71
  - An Rannóg CEB 72
  - Seirbhisí Cuntasaíochta Bainistíochta 72
  - Iniúchadh Inmheánach 72
  - An Grúpa Bainistíochta Ealaíne 73
  - An Roinn Caidrimh Phoiblí 74

Athbhreithniú Airgeadais 2005 76
- Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh 80

Gradaim de chuid OOP 2005 82

Ócáidí san Atrium 2005 84

An Fhoireann agus Baill Foirne Sinsearacha 2005 86

Oifigí OOP ar fud na hÉireann 90

Íomhá ar an gclúdach tosach:-
An Chartlann Ailtireachta Cearnóg Mhuirfean, B.Á.C. 2

Íomhá ar an gclúdach istigh:-
Aras an Uachtaráin

Réamhrá an Aire Stáit

Is cúis mhór áthais dom tuarascáil bhliantúil na bliana 2005 a chur i láthair, an ceathrú tuarascáil bhliantúil le linn mo thréimhsese in Oifig na nOibreacha Poiblí. Ba mhaith liom an dúthracht, críochnúlacht agus díograis a chaith an fhoireann ar fad ag déileáil leis an dúshlán a tugadh dúinn a admháil. Ba ghnóthach an bhliain í ach ba bhliain den rath chomh maith í ag OOP.

Níl amhras ar bith ach gur ar phróiseas an díláraithe is mó a bhí an bhéim i rith na bliana agus éadáil á dhéanamh ar shuíomhanna agus ceisteanna maoin talún eile á réiteach arís. Faoi dheireadh na bliana 2005, tá an idirbheartaíocht tugtha chun críche nó ar aghaidh go maith maidir le 23 láthair agus tá muinín agam go mbeidh an clár faoi lán seoil agus éadáil á dhéanamh ar shuíomhanna go seasta sna míonna atá ag teacht. Cuireadh tús i rith na bliana leis an obair thógála ar shuíomhanna i Sligeach agus sa Longfort chomh maith le Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.

Réimse amháin ar fiú tagairt speisialta a dhéanamh dó é an spás oifige farasbairr i mBaile Átha Cliath a bheith á chur ar fáil agus á dhíol. Ó d'fhógair an Rialtas an dílárú tá _ billiún tugtha isteach ag OOP, an praghas dochreidte a fuarthas ar na seansaotharlanna tréidliachta i nDroichead na Dothra i mí Dheireadh Fómhair seo caite san áireamh. Leanfar den chuíchóiriú agus den comhdhlúthú maidir leis an gcóiríocht oifige i mBaile Átha Cliath agus an Dílárú ag dul ar aghaidh.

Tugadh go leor tionscnaimh chaipitil chun críche go sásúil i rith na bliana 2005 ina measc aistriú Shaotharlann an Stáit ó Bhaile an Aba; Saotharlanna nua den chéadscoth a chur ar fáil don Roinn Talmhaíochta i mBacastún; agus, athlonnú Fhoras na Mara i nGaillimh. Lean an Oifig chomh maith leis sin de na cláir reatha maidir le hathchóiriú ar Stáisiúin Garda, Forais Chultúir agus cóiríocht ghnáthoifigí. Is dócha go bhfuil 'Foirgneamh na Saoráidí Nua' ag Coláiste an Gharda sa Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann ar cheann de na tionscnaimh is críochnúla ar cuireadh tús agus deireadh leis i rith na bliana 2005.

Rinne mé freastal i rith na bliana ar sheoladh chéim na dTaispeántas Poiblí de cheithre Scéim Fóirithinte Tuillte a bheartaítear i gCluain Meala, Mála, Inis agus, an ceann is deireanaí, Mainistir Fhear Maí. Sheol mé Feachtas Feasachta Poiblí chomh maith chun aird a tharraingt ar an gcontúirt a bhaineann le tuilte agus ar na bearta is féidir a dhéanamh chun an damáiste a dhéantar do dhaoine agus do mhaoin a mhaolú oiread agus is féidir. Is eol dom go bhfuil ciste breise curtha ar fáil ar mhaithe leis an staidéar is gá chun an Beartas faoi Bhainistiú an Bhaoil ó Thuilte a chur i bhfeidhm. Dul chun cinn dáiríre atá ansin agus tabharfaidh sé misneach a bhfuil gá leis do na daoine agus do na pobail a mbaineann sé leo.

Tugadh an bhainistíocht ar na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na Maoine Stairiúla isteach go sásúil le gnáthfhheidhmeanna na hOifige i rith na bliana 2005 agus tá mé lánchinnte go bhfuil dlús leis an gcur chuige maidir le cosaint agus cothabháil ar an oidhreacht nádúrtha agus ar an an oidhreacht thógtha stairiúil dá bharr sin.

Tom Parlon, TD
Aire Stáit ag an Roinn Airgeadais
agus freagracht ar leith air as Oifig na nOibreacha Poiblí

Réamhrá an Chathaoirligh

Is údar áthais agam Tuarascáil Bhliantúil 2005 a chur in bhur láthair agus aird a tharraingt ar go leor de na haidhmeanna mórthábhachta a baineadh amach go sásúil i rith na bliana. Tarlaíonn mórbhearta nua le déanamh gach bliain agus éilimh nua le sásamh agus is breá liom a chur in iúl gur léirigh foireann OOP gairmiúlacht agus dúthracht arís eile i mbaint amach ár gcuid cuspóirí.

Bhí an dílárú chun tosaigh go mór inár gcuid oibre agus inár n-intinn agus éadáil ar shuíomhanna ag leanacht ar aghaidh ar fud na tíre agus tús áite á thabhairt do na heagraíochtaí "luathaistríocha". Rinneadh go leor oibre agus dul chun cinn ag socrú sonraíochtaí riachtanais, lorgaíodh tairiscintí maidir le 8 gcinn de thograí agus bronnadh 'conarthaí' i dhá ionad.

Tugadh Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na Maoine Stairiúla ar ais faoi scáth na hOifige go sásúil. Tá sin anois ina dhlúthchuid d'íomhá chorparáideach Oifig na nOibreacha Poiblí. Is suntasach an réimse breise lenár gcuid oibre é agus táthar ar bís maidir leis na deiseanna a bhaineann leis dúinn sna blianta atá ag teacht.

Tar éis chinneadh an Rialtais an cheannródaíocht maidi le Bainistiú an Bhaol Tuilte leagan ar OOP, baineadh cuid mhaith amach i rith na bliana agus cuireadh Taispeántais Phoiblí i láthair i roinnt áiteanna maidir le mórscéimeanna fóirithinte tuilte atá á mbeartú.

Ní mór comhghairdeas a dhéanamh le Seirbhísí Innealtóireachta as an ngradam maidir le Forbairt Leanúnach sa Ghairm a bhronn Institiúid na nInnealtóirí in Éirinn orthu agus go deimhin leis na hAonaid Ghnó eile ar fad a choinnigh an creidiúnú I.S.O. atá acu.

Tharla an chéad chuid den aistriú foirne, isteach agus amach as an Oifig, chun críche díláraithe le linn na bliana 2005 agus tarlóidh aistriú foirne níos forleithne arís as seo go ceann roinnt míonna. Tuigim go dtabharfar dúshlán don Oifig ar roinnt bealaí dá bharr sin ach tá muinín agam go mbeidh na pleananna feidhme atá againn agus na cleachtais agus nósanna imeachta a bhfuil dea-thuairisciú déanta orthu ina chranntaca againn agus sinn ag tabhairt faoi seo go muiníneach.

Go raibh maith agaibh go léir as bhur gcuid díograis agus dúthrachta i gcónaí.

Sean Benton
Cathaoirleach
Oifig na nOibreacha Poiblí

Coiste Comhairleach Bainistíochta

Seán Benton
Cathaoirleach

David Byers
Coimisinéir

Clare McGrath
Coimisinéir

Vincent Campbell
Stiúrthóir na Seirbhísí
Corparáideacha

Patrick Cooney
Stiúrthóir na Seirbhísí
Ailtireachta

Tony Smyth
Stiúrthóir na Seirbhísí
Innealtóireachta

Radharc ar Mhúseum Shaol na Tuaithe agus ar Theach Pháirc Thurlaigh, Co. Maigh Eo

Athbhreithniú Straitéiseach 2005

Athbhreithniú Straitéiseach

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul chun cinn i rith 2005	Tráchtaireacht
1. **A bhfuil sa Chlár Oibre Bliantúil a thabhairt i gcrích agus go háirithe príomhriachtanais an Rialtais agus na gCustaiméirí maidir le tograí díláraithe a shásamh.**	• Iarmheasúnú maidir le spriocanna an Chlár Oibre.	• Rinneadh dul chun cinn sásúil san obair ar feadh na bliana 2005, agus bhí tuairim is 85% de leithdháileadh an Vóta caite faoi dheireadh na bliana.	Chuathas ar aghaidh le clár na hoibre don bhliain 2005 isteach is amach leis na spriocanna a bhi leagtha síos agus bhí na tionscnaimh agus na cláir mhóra ar fad á dtabhairt ar an marc a bheag nó a mhór ag deireadh na bliana. Is é ba chúis leis an ngannchuid sa chaiteachas i gcomparáid leis an tsuim sa Vóta go raibh sciar suntasach den airgead a vótáladh d'fhonn suíomhanna don dílárú a cheannach nach raibh caite go fóill faoi dheireadh na bliana ainneoin líon mór suíomhanna a bheith aimsithe agus aontaithe mar gheall ar na téarmaí ina leith.
2. **Dílárú OOP a thabhairt i gcrích go sásúil.**	• Comhairle a chur ar an Aire agus ar an Rialtas maidir le ceisteanna ábhartha eagrúcháin a eascraíonn ón Dílárú. • Straitéis maidir le togra a chur i bhfeidhm ina dtuigtear an tábhacht le bainistíocht fhorbheartach ar ghné bhainistíocht acmhainní daonna den dílárú a thabhairt chun cinn. • Tús le seirbhís á thabhairt as ionaid nua ag foireann a aistríodh dá ndeoin féin .	• Rinneadh athdréachtadh i mí Feabhra agus arís ag deireadh na bliana ar Phlean Chur i bhFeidhm an Díláraithe OOP, a bhfuil Anailís Baoil mar chuid de, i bhfianaise an ullmhúcháin reatha don athrú. • Ceapadh Bainisteoir Togra don Dílárú i mí Márta chun maoirsiú a dhéanamh ar ghnéithe géarchúiseacha de thabhairt i bhfeidhm an togra. • Cuireadh tús i mí Aibreán leis an obair chun malartú bhaill foirne le Ranna eile a luaigh le linn phróiseas an CAF tús áite a bheith acu le Baile Átha Troim a chinntiú. • Rinneadh forbairt ar an gcaidreamh idir foireann an Togra agus struchtúir fhoirmeálta Pearsanra agus leasanna na foirne d'fhonn cuidiú leis an gcumarsáid maidir le ceisteanna ábhartha.	Faoi láthair, táthar ag díriú, maidir le cur i bhfeidhm an togra, ar ionad Bhaile Átha Troim a bhfuil socraithe ag an Rialta go mbeidh sé ar cheann de na hionaid is luaithe a ndéanfar aistriú chuige. Is leis na Gráid Riaracháin amháin atáthar ag plé ar dtús, i bhfianaise an chuid is mó den fhoireann sna Gráid Ghairme agus Theicniúlachta bheith ag roghnú gan dílárú. Dá bhrí sin, tá an cur i bhfeidhm maidir leis an ngrúpa sin ag brath ar thoscaí seachtracha, go háirithe ar chomhaontú idir an Roinn Airgeadais agus IMPACT. Tá dáta amach i ndeireadh na bliana 2008 socraithe mar sprioc don lonnú san fhoirgneamh nua i mBaile Átha Troim.

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul chun cinn i rith 2005	Tráchtaireacht
3. Tionsnaimh shonracha maidir le seirbhís don chustaiméir a thabhairt i gcrích i gcomhthéacs Sheirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir a chur ar fáil agus measúnú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht an SAC i gcomparáid le critéir shainluaite	• ISO reatha a choinneáil; • Creidiúnú a bhaint amach sna réimsí eile; • CLS a chruthú	• Coinníodh gach creidiúnú ISO maidir le seirbhísí de chuid OOP trí iniúchadh seachtrach ag Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann go rialta. • Leanadh i rith na bliana ag tabhairt na cáipéisíochta maidir le córais agus próisis chun cinn sna réimsí nach bhfuil creidiúnú bainte amach go fóill ina leith (Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais & Seirbhísí Chothabháil Maoine). • Tá dréacht Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse maidir le Seirbhísí Bhainistiú Togra faoi bhráid an Ghailearaí Náisiúnta faoi láthair	Tá doiciméadú cuimsitheach déanta ag ASR agus Seirbhísí Chothabháil Maoine ar a gcuid próiseas agus táthar ag tuar go ndéanfar iarratais dhaingne ar chreidiúnú go luath sa bhliain 2006. D'fhéadfadh an CLS atá á bheartú leis an nGailearaí Náisiúnta, má aontaítear mar gheall air, a bheith ina mhúnla do shocruithe den chineál céanna le custaiméirí eile.
	• Deismireachtaí aiseolais, suirbhéanna etc. a thabhairt chun cinn	• Rinneadh suirbhé ar Chustaiméirí d'fhonn a fheabhas a chruthaíonn OOP i gcomparáid le caighdeáin Seirbhíse don Chustaiméir sainluaite go luath sa bhliain 2005. Féachadh le tuairim réimse custaiméirí a raibh teacht acu ar réimse iomlán sheirbhísí OOP a fháil.	Beidh an suirbhé a rinneadh i rith na bliana 2005 ina bhonn le suirbhéanna eile atá beartaithe a dhéanamh sa bhliain 2006 agus ina dhiaidh sin. Tá suirbhéanna ar chustaiméirí inmheánacha, go háirithe maidir le seirbhísí corparáideacha a chur ar fáil, beartaithe chomh maith.
	• An fheidhmíocht sa tseirbhís a mheas i gcomparáid le tagarmharcanna agus táscaire comparáide seachtracha	• Tá roinnt dul chun cinn déanta maidir le táscaire comparáide do Sheirbhísí Bhainistiú Tionscadail a aimsiú i dTuaisceart Éireann.Ireland.	Tá an beart tagarmharcála a bhí beartaithe curtha ar athló go sealadach ag ár bpáirtí i dTuaisceart Éireann. Cuirfear tús an athuair leis an obair sin i rith na bliana 2006.
4. A bheith ar an gcéad rogha soláthraí ag custaiméirí i réimsí an tsoláthair ghinearálta, na bainistíochta ar mhaoin sealbhais, agus na seirbhísí fónaimh ar fad a bhaineann le tógáil.	• Comhairle a chur ar an Rialtas maidir le modhanna soláthair den chéadscoth	• Chuir OOP comhairle ar an Rialtas agus ar chustaiméirí Ranna Rialtais agus Áisínteachtaí i rith na bliana 2005 maidir le gnéithe seilbhe agus Luach an Airgid de roinnt tograí ardleibhéil sonracha: - An t-achchóiriú ar Bhóthar Lansdúin; - Roghanna PPP na gCúirteanna; - Roghanna PPP maidir le hoifigí díláraithe. - Ionad Náisiúnta Comhdhála.	Déanfar freastal ar thionscnaimh de chuid an Rialtais san am atá romhainn ar bhonn riachtanais.

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul chun cinn i rith 2005	Tráchtaireacht
	• Aitheantas mar dhream saineolais tús áite i réimse na bainistíochta ar réimse ilghnéitheach de mhaoin Stáit agus ar phunann maoine. • An stádas ar an gcomhlacht Stáit is fearr a chuireann seirbhísí gairmiúla den scoth i réimse na tógála a choinneáil	• D'oibrigh OOP chun páirtnéirí a aimsiú le haghaidh babhtáil chothromais i roinnt áiteanna. • Bronnadh gradaim ar roinnt tionscadail de chuid OOP i rith na bliana 2005: - Gradam RIAI ar fhoirgneamh na Cartlainne Ailtireachta ; - Tugadh tionscadail Shaotharlann an Stáit agus Fhoras na Mara chun críche go sásúil; - Scéim Fóirithinte Tuilte Chluain Meala.	Níor tháinig aon tionscadal forbartha de thoradh ar thogra an bhabhtáil cothromais go fóill - ina dhiaidh sin féin, tá OOP ar fhód an mhargaidh anois dá bharr agus tiocfaidh deiseanna dá bharr san am atá ag teacht.
5. **Cláir agus bearta a thabhairt chun cinn chun an polasaí bhainistiú baoil maidir le tuilte a chur i bhfeidhm.**	• Comhairle a chur ar an Rialtas faoi bhainistiú an bhaoil maidir le tuilte agus polasaí bhainistiú baoil maidir le tuilte. • Cláir mhionsonraithe a thabhairt chun cinn maidir leis na moltaí i dTuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe an Bheartais maidir le Tuilte a chur i bhfeidhm. • Creat comhairliúcháin a bhunú a mbainfidh geallsealbhóirí ábhartha leis. • Critéir maidir le tosaíocht caiteachais a chur le chéile. • Critéir maidir le deimhniú ar shruthanna mórbhaoil maidir le tuilte a chur le chéile. • Cláir oibre agus tionscadail (bearta fóirithinte tuilte struchtúir agus neamhstruchtúir) bhainistiú an bhaoil ó thuilte a thabhairt i gcrích. • Eolas Mapála maidir le Contúirt Tuilte a thabhairt le chéile agus a dháileadh.	• Aontaíodh dréachtChlár Feidhmithe, lena mbaineann leithdháileadh acmhainní sa bhliain 2006 agus ina dhiaidh sin, leis an Aire Airgeadais i rith na bliana 2005. • Tá tús curtha leis an gcaidreamh le Roinn na Mara agus leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcreat comhairliúcháin atá beartaithe. • Seoladh suíomh idirlín maidir leis an tuiscint ar Thuilte. • Rinneadh dul chun cinn leis an togra mapála maidir le Baol Tuilte.	

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul chun cinn i rith 2005	Tráchtaireacht
6. Éifeachtacht níos fearr a bhaint amach san úsáid a bhaintear as sócmhainní maoine an Stáit.	• Athbhreithniú leanúnach ar an bpunann maoine d'fhonn an luach is fearr ar an airgead a chinntiú. • Caidreamh le páirtithe cuí (i.e. Údaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí Stáit) d'fhonn cinntiú go mbíonn oiread buntáiste agus is féidir as maoin sealbhais. • Bearta Comhfhiontair leis an tríú páirtí a thabhairt chun cinn. • Diúscairt nuair is cuí.	• Cuireadh roinnt tionscnamh / tionscadal chun cinn i rith na bliana: - Togra an Gheata Thiar a thabhairt chun cinn; - An suíomh ar Bhóthar N. Eoin a dhíol; - An foirgneamh ag 72 - 76 Faiche Stiabhna a dhíol; - Tionscnaimh de chineál "An Rogha Forbróir". - Suíomh Bhóthar Shíol Broin (An Coláiste Tréidliachta tráth) a dhíol; - Comhairleoir Straitéis Mhaoin Talún a cheapadh taobh istigh den tSeirbhís Luachála.	
7. Oiread agus is féidir a dhéanamh maidir le deiseanna rochtain níos fearr a bheith ag an bpobal ar shuíomhanna oidhreachta agus na suíomhanna a chur i láthair cuairteoirí.	• Suaitheantais nua ar shuíomhanna d'fhonn a gcur i láthair an phobail faoi chló gnó OOP. • Deismireachtaí inmheánacha a thabhairt chun cinn d'fhonn na scileanna cuí a roinnt idir na Seirbhísí Oidhreachta agus Aonaid Ghnó eile de chuid OOP. • Réimsí chomhspéise de chuid Sheirbhísí Oidhreachta agus Aonaid Ghnó eile de chuid OOP a thabhairt faoi deara agus straitéisí a aontú d'fhonn cinntiú go mbíonn cur chuige aontaithe amháin ann maidir le	• Rinneadh dul chun cinn maidir le tabhairt Sheirbhísí Oidhreachta ar ais isteach faoi OOP i rith na bliana 2005. - Dul chun cinn maidir le suaitheantais nua ar shuíomhanna oidhreachta; - Comhtháthú ar chórais TE; - Athstruchtúrú ar Rannóga Acmhainní Daonna.	Roinnt an tsaineolais / soláthar na comhairle gairimiúla / tacaíocht arna gcur ar fáil ag: - Bainistiú Áiseanna; - Páirceanna (Páirc an Fhionnuisce / Faiche Stiabhna) - Seirbhísí Ailtireachta (Caomhnú).
8. Cur go fonnmhar chuig múnla na Páirtnéireachta mar mhodh chun feabhas a chur ar an gcumarsáid agus páirt na foirne i dtabhairt chun cinn an bheartais a chinntiú.	• Na struchtúir Pháirtnéireachta reatha a choinneáil, Grúpaí Oibre san áireamh. • Clár Oibre do gach bliain a fhoilsiú. • Straitéis cumarsáide OOP a dhréachtadh. • Talamh slán a dhéanamh d'aon fhorbairt nua maidir le	• Na struchtúir Pháirtnéireachta ar fad, na Grúpaí Oibre san áireamh, ag feidhmiú taobh istigh de na teorainní agus na réimsí aontaithe ina ghnáthstaid; - Chuir an Fhoireann Ghlas polasaithe an bhirt maidir le hathchúrsáil / úsáid éifeachtach as fuinneamh chun cinn	Tá na struchtúir pháirtnéireachta ag teacht chun cinn i gcónaí de réir na stiúrach nua a cuireadh fúthu sa Ráiteas Straitéise 2005 - 2008. Táthar ag tabhairt faoin athrú ar chomhaltaí an Choiste Páirtnéireachta agus na nGrúpaí Oibre ar bhonn leanúnach. Tá tús curtha leis an díospóireacht faoina mbeidh i gceist le Páirtnéireacht taobh

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul chun cinn i rith 2005	Tráchtaireacht
8. continued	Páirtnéireacht a thagann ón Ionad le linn ré na Straitéise. • Socruithe comhairliúcháin le baill na foirne ag an leibhéal logánta taobh istigh d'Aonaid Ghnó a thabhairt chun cinn.	taobh istigh den oifig; - Chuir an Grúpa Oibre Sraitéise go bríomhar leis an díospóireacht maidir leis an Dílárú; - Thosaigh an Grúpa Oibre Cumarsáide ag díriú ar cheisteanna maidir le feabhas a chur ar an gcumarsáid taobh istigh de OOP; - D'eagraigh grúpa na nGradam Tuillteanais ócáidí d'fhonn aird a tharraingt ar shárobair de chuid bhaill foirne. • Cuireadh Struchtúir Réigiúnacha nua ar bun san Iarthar / Iardheisceart; • Ullmhaíodh agus foilsíodh Clár	istigh de OOP chomh maith, go háirithe i gcomhthéacs eagraíochta díláraithe.
9. **Leanacht de chóiriú fheidhm na n-acmhainní daonna d'fhonn freastal níos fearr ar riachtanais fhoireann OOP agus riachtanais scileanna agus acmhainní daonna an ghnó.**	• An Straitéis AD nua a chur i bhfeidhm • Talamh slán a dhéanamh den CBFF	• Leanadh de chruinnithe Ghrúpa Oibre BAD na Páirtnéireachta i rith na bliana d'fhonn dréacht aontaithe de Straitéis BAD a chur le chéile. • Rinneadh bearta sonracha ar feadh na bliana 2005 chun treisiú le cleachtas CBFF ag baint leas as deismireacht Ag Coinneáil an Dul chun Cinn.	Shocraigh Grúpa Oibre BAD na Páirtnéireachta i rith na bliana 2005 díriú ar mhalairt Straitéis BAD d'fhonn laghdú ar scóip an chéad mholadh. Beidh go dtí an chéad ráithe den bhliain 2008 sa chreat ama anois agus, maidir le bearta gnímh, díreofar ar cheisteanna gearrthéarmacha ar féidir iad a bhaint amach taobh istigh de chomhthéacs an díláraithe.
	• Forbairt a dhéanamh ar Peoplesoft.	• Aontaíodh leis an Roinn Airgeadais go dtiocfaí chomh fada le OOP i mí Bealtaine 2006 maidir leis an gcóras a chur i bhfeidhm.	Leanfar den phróiseas maidir le leanacht ar aghaidh ag bunú CBFF mar ghnáthfheidhm de chuid na bainistíochta i rith na bliana 2006. Tá an togra Peoplesoft á láimhseáil go lárnach anois ag CMOD agus iad á leathnú amach ar fud na Ranna agus na nOifigí ar bhonn seirbhísí i gcomhar.
10. **Socruithe éifeachtacha a thabhairt chun cinn maidir le tuairisciú corparáideach d'fhonn eolas oibre agus airgeadais a scaipeadh**	• An CEB a chur i bhfeidhm.	• Beidh an Córas Bainistíochta Airgeadais nua i bhfeidhm ó Aibreán 2006 ar aghaidh. Beidh sin ina dhlúthchuid den chóras nua agus	

Príomhchuspóir	Táscaire Feidhmíochta	Dul chun cinn i rith 2005	Tráchtaireacht
agus bonn a chur faoi chinntí tráthúla, lán eolais a dhéanamh.		tiocfaidh céimeanna eile den fhorbairt ar an CEB ina dhiaidh trína leathnófar ról an chórais sa bhainistíocht ar an Oifig.	Rinneadh dul chun cinn maidir le hábhar tairisceana / tairiscintí a chur ar fáil go leictreonach d'fhonn freastal ar lucht conraitheoireachta.
	• Tionscnaimh r-straitéise a chur ar bun.	• Tugadh tús áite ar feadh na bliana 2005 do roinnt tionscnaimh TE inmheánacha a leagadh amach d'fhonn réiteach do pháirt níos forleithne ag OOP i dtionscnaimh r-Straitéise san am atá romhainn: - Seirbhísí Oidhreachta a thabhairt ar ais isteach; - Pleanáil agus ullmhúchán maidir le seirbhísí TE a oibriú i gcomhthéacs díláraithe.	Rinneadh dul i bhfeabhas go logánta le hAonaid Ghnó maidir le hullmhúchán do r-sheirbhísí a chur ar fáil; áirítear air sin ábhar a chuirtear ar fáil go rialta ar nós eolas deartha agus sonraíocht ar fhormáidí leictreonacha

Cairt Chustaiméirí



Cairt Chustaiméirí

Is eagraíocht seirbhísí í Oifig na nOibreacha Poiblí ar dtús báire. Is é an t-éiteas atá aici ná díriú ar an gcliant, seachadadh a dhéanamh in am agus luach ar airgead a thabhairt. Comhlíonann seacht cinn d'Aonaid Ghnó oibríochtaí OOP:

- Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal.
- Seirbhísí Bainistíochta Maoine.
- Seirbhísí Cothabhála Maoine.
- Seirbhísí Ailtireachta.
- Seirbhísí Innealtóireachta.
- Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais.
- Seirbhísí Oidhreachta.

Ráiteas Misin

Seachadadh a dhéanamh in am agus laistigh de bhuiséad, i dtacaíocht le Polasaithe Rialtais, ar sheirbhísí ardchaighdeáin i maoin, dearadh, tógáil agus fáil.

Tá an Oifig na nOibreacha Poiblí tiomanta seirbhísí den scoth a sholáthar duitse, ár gcustaiméir. Leagann an Chairt seo amach caighdeán na seirbhísí a bhféadfaidh tusa a bheith ag súil leis. Ba chóir é a léamh le haird ar ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí a thugann cuntas ar ár gcur chuige maidir le pleanáil chun seirbhísí maithe custaiméirí a sholáthar bunaithe ar na 12 Prionsabal Seirbhísí ar mhaithe le Seirbhísí Custaiméirí Ardchaighdeáin.

Caighdeáin Seirbhísí Custaiméirí Oifig na nOibreacha Poiblí

Rinneamar rangú ar ár gCaighdeáin Seirbhísí faoi 5 théama leathana:

1. Freagra Ginearálta;
2. Eolas;
3. Comhionannas;
4. Seachadadh Misin;
5. Gearáin agus Achomhraic.

Freagra Ginearálta

Tá sé d'aidhm againn seirbhísí a sheachadadh go leanúnach ag amanna agus ionaid a oireann dár gcustaiméirí.

Fiosruithe ar an Teileafón

- Beimid ar fáil chun freagra a thabhairt ar fhiosruithe teileafóin le linn gnáthuaire oifige (9.15 am-1.00 pm and 2.15 pm-5.30 pm Luan-Aoine [5.15 pm Aoine])*

* D'fhéadfadh nach mbeadh roinnt oifigí áitiúla/ réigiúnacha ar foireann oibríochta láithreacha/ tionscadail a bhíonn ag obair iontu oscailte le linn na n-uaire seo. Mura bhfuil daoine ar leith den fhoireann ar fáil chun labhairt leat nuair a ghlaonn tú cinnteoimid go dtabharfar gach cabhair duit.

Cumarsáid Scríofa

- abharfaimid admháil ar gach fiosrú scríofa agus gach comhfhreagras neamhghnách (lena n-áirítear faicseanna agus ríomhphoist) go pras agus tá sé d'aidhm againn freagra cuimsitheach a thabhairt ar 95% ar a laghad de gach comhfhreagras laistigh de 20 lá oibre ar a dheireanaí.

Daoine a ghlaonn isteach chugainn go pearsanta

- Beimid ar fáil chun bualadh leat ach coinne a bheith agat le linn gnáthuaire oifige (féach thuas). Beimid chomh solúbtha agus is féidir más mian leat cruinniú a shocrú lasmuigh de na huaire sceadalaithe sin.

Eolas a Sholáthar

Aithnímid chomh tábhachtach atá sé freastal a dhéanamh ar gach a mbíonn ár gcustaiméirí ag súil leis trí eolas atá tráthúil, cruinn agus oiriúnach dá riachtanais a sholáthar.

Saoráil Faisnéise

- Comhlíonfaimid ár riachtanais reachtúla ar fad maidir le faisnéis a chur ar fáil laistigh d'am sonraithe.

- Déanfaimid gach iarracht a chinntiú go ndéileálfar le hiarratais shimplí lasmuigh de scóip na reachtaíochta cuí lena laghad míchaoithiúlachta d'iarratasóirí agus is féidir.

An Láithreán Gréasáin

- Déanfaimid Láithreán Gréasáin Oifig na nOibreacha Poiblí a chothabháil ionas go mbíonn sé cruinn, oiriúnach agus éasca le húsáid ag úsáideoirí.

- Cuirfimid, nuair is oiriúnach agus indéanta sin, naisc ar fáil ónár láithreán gréasáin chuig foinsí oiriúnacha eolais eile ar an Idirlíon.

- Cuirfimid pointe aiseolais ar fáil d'úsáideoirí an láithreáin ghréasáin agus féachfaimid le freagairt d'aon shaincheisteanna a ardófar ar an ngréasán laistigh de fiche lá oibre.

Eolas Ginearálta

- Cinnteoimid go bhfuil fáil ar gach eolas ginearálta go leictreonach agus i bhformáid phriontáilte, má tá riachtanas ann do

Cóir Chomhionann

Táimid tiomanta seirbhísí a sholáthar dár gcustaiméirí ar bhonn stádais chomhionann. Ciallaíonn sé sin go ndéanfaimid freastal ar riachtanais chustaiméirí ar leith nó ghrúpaí de chustaiméirí agus é mar aidhm again cóir chomhionann a bhaint amach.

Rochtain Fhisiciúil

- Cinnteoimid go mbeidh rochtain ag gach duine a thagann chugainn ar limistéir phoiblí(*) inár n-áitribh agus láithreacha(**).

- Cinnteoimid, thar ceann ár Ranna Custaiméirí, ár nOifigí agus ár nGníomhaireachtaí, go mbeidh rochtain ag cách ar aon oifigí nua a churfimid ar fáil dóibh. Déileálfaimid de réir a chéile le foirgnimh agus áitribh níos sine lena chinntiú go mbeidh siad inrochtaine.

** De bharr nádúr roinnt láithreacha, ní gá go mbeadh rochtain iomlán ar gach limistéar laistigh de láithreacha Oidhreachta nó d'oifigí oibríochta áitiúla áirithe*

*** D'fhéadfaí, ó am go chéile, go rialófaí rochtain chuig limistéir áirithe ar láithreacha agus i bhfoirgnimh Oifig na nOibreaha Poiblí chun críocha Sláinte agus Sábháilteachta.*

Comhionannas Teanga

- Comhlíonfaimid riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir le riachtanais Ghaeilge ár gcustaiméirí.
- Cinnteoimid go bhfaighidh aon duine a dhéanfaidh cumarsáid linn i scríbhinn as Gaeilge freagra ar ais sa teanga chéanna.

- Féachfaimid, le himeachta ama, lena chinntiú go ndéanfar freastal ar aon duine ar mian leo cumarsáid a dhéanamh linn trí Ghaeilge.

Seachadadh Misin

Táimid tiomanta seirbhísí éifeachtacha a sholáthar dár gcustaiméirí de réir na bpríomhghnéithe inár Ráiteas Misin.

Oiriúnach don Chuspóir

- Cinnteoimid go mbeidh gach foirgneamh nó áitreabh a sholáthraímid dár gcustaiméirí oiriúnach don chuspóir.

Seirbhísí ar Ardchaighdeán

- Féachfaimid le seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar sna príomhréimsí ar fad a sonraíodh thuas inár Ráiteas Misin (maoin, dearadh, tógáil agus fáil) agus i soláthar Seirbhísí Oidhreachta.

Tráthúlacht agus Costas

- Féachfaimid le seirbhísí a sheachadadh in am agus laistigh den bhuiséad.

Déileáil le Fadhbanna

Féachfaimid le córas simplí soiléir próiseála gearán agus achomharc a sholáthar.

Gearáin

- Déileálfaidh Oifigigh Seirbhísí Custaiméirí laistigh d'Aonaid Ghnó(*) le gearáin ar dtús. Mura mbíonn aon réiteach ag an leibhéal sin is féidir achomharc inmheánach a dhéanamh chuig an gCeann Ranna* cuí (Príomhoifigeach, Príomhailtire Cúnta nó Príomhinnealtóir Cúnta)**.

Laistigh de Sheirbhísí Oidhreachta is féidir gearáin a bhaineann le seachadadh seirbhísí ag láithreacha cuairteoirí a dhéanamh leis an Treoraí nó an Maoirseoir Treoraí ar an láthair atá i gceist. Mura bhfuil seirbhís Treorach ar fáil nó má bhaineann an gearán le gné eile de na seirbhísí a thairgeann an tSeirbhís Oidhreachta ba chóir an gearán a dhéanamh díreach leis an Oifigeach Seirbhísí Custaiméirí don limistéar sin.

** Ní mheastar go bhfolaíonn an téarma 'gearán' éileamh dlí nó aon éileamh eile a bhfuil nós imeachta ar leithligh ar fáil dó cheana féin nó tá ceann leagtha amach sa dlí.*

*** Tá mionsonraí teagmhála d'Oifigigh Seirbhísí Custaiméirí, Príomhoifigigh, Príomhailtirí Cúnta agus Príomhinnealtóirí Cúnta le fáil in Aguisín 2&3 de Phlean Seirbhísí Custaiméirí Oifig na nOibreacha Poiblí.*

Achomhairc

- Murar féidir déileáil leis an gceist ag leibhéal Oifig na nOibreacha Poiblí is féidir achomharc a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman.

Príomhshonraí Teagmhála*

Ceanncheathrú

Oifig an Aire Stáit, Oifig an Chathaoirligh, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Bhainistiú Maoine, Seirbhísí Bhainistiú Tionscadal, Seirbhísí Cothabhála Maoine, Seirbhísí Ailtireachta, Seirbhísí Innealtóireachta, Seirbhísí Oidhreachta**.

51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.
Teil: (01) 647 6000 LóGhlao: 1890 213 414/1850 00601 (Cárta Oidhreachta)
Príomhuimh. Faics: (01) 661 0747
Láithreán Gréasáin: www.opw.ie
Ríomphost: info@opw.ie

* Féach ar ár bPlean Gníomhaíochta Seirbhísí Custaiméirí le do thoil chun mionsonraí a fháil maidir lenár Láithreacha Oidhreachta agus ár nOifigí Réigiúnacha agus Áitiúla.
** Féadfar comhairle a fháil maidir le hUimhreacha Teileafóin do na hAonaid Seirbhísí Oidhreachta aonair trí Phríomhlasc Oifig na nOibreacha Poiblí.

Athbhreithniú ar Bhearta maidir leis an tSeirbhís don Chustaiméir.

Tá an chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil á chur ar fáil ar chomhlíonadh an ghealltanais in Plean Gnímh maidir le Seirbhís don Chustaiméir 2004 - 2007 athbhreithniú in aghaidh na bliana a dhéanamh ar na bearta a rinneadh i rith na bliana maidir le feabhas a chur ar léibhéal agus ar chaighdeán na seirbhíse don chustaiméir in OOP.

Tagann seo sna sála ar fhoilsiú Cairt an Chustaiméara OOP agus Plean Gnímh maidir le Seirbhís don Chustaiméir OOP i lár na bliana 2004. Leagadh amach den chéad uair sa Chairt na cúig réimse a mbeadh OOP ag féachaint le leibhéil sainluaite seirbhíse don chustaiméir a bhaint amach iontu:

- Freagra Ginearálta
- Eolas
- Comhionannas
- An Misean a thabhairt i gcrích
- Gearáin agus Achomharc

• Suirbhé ar Chustaiméirí..

Go luath sa bhliain 2005, críochnaíodh an obair maidir le suirbhé ar chustaiméirí i gcás sampla ionadaíoch de chustaiméirí de chuid an OOP ar fud na nAonad Gnó ar fad. Rinneadh an suirbhé ina dhá chuid:

- Suirbhé i scríbhinn trínar lorgaíodh freagraí ó chustaiméirí maidir leis an gcaoi ina bhfuil OOP ag cruthú maidir le caighdeán na Seirbhíse don Chustaiméir sna cúig réimse;
- Agallamh inar díríodh ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas agus inar lorgaíodh sonraí breise a chuirfeadh leis na freagraí a tugadh i scríbhinn.

Leagtar amach thíos na freagraí a tugadh ar an suirbhé i scríbhinn:

Freagra Ginearálta

1. Cén modh caidrimh is minicí a bhíonn agat leis an OOP?



2. Sa chás go ndearna tú caidreamh le OOP ar an fón, ar freagraíodh do ghlao go pointeáilte (glao ar ais i gcás teachtaireacht a fhágáil san áireamh)?



3. Sa chás gur sheol tú comhfhreagras chuig OOP ar ríomhphost, le litir nó ar faics, ar pléadh leis an gcomhfhreagras go pointeáilte?



4. An raibh sé éasca agat an duine ceart in OOP a aimsiú chun déileáil le do chuid ceisteanna agus éilimh?



5. Cad é an príomhfhoinse eolais agat faoi sheirbhísí de chuid OOP?



6. An dóigh leat go mbíonn an t-eolas a chuireann OOP ar fáil go díreach faoi sheirbhísí dá chuid soiléir, gan bheann ar fhoinse?



7. Tríd is tríd, cé chomh sásta agus atá tú le caighdeán an eolais a fhaigheann tú ó OOP?



8. An bhfuil tú ar an eolas faoin gClár Áis do Chách atá ag OOP?



9. An ndéanann OOP dóthain i do thuairim chun cuidiú leat freastal ar riachtanais na gcustaiméirí de do chuid a bhfuil riachtanais rochtana speisialta acu?



10. An raibh ar do chumas teacht ar eolas faoi OOP agus a chuid seirbhísí i bhformáid a oireann duit?



11. An gcomhlíonann OOP, i do thuairim, an gealltanas sa Ráiteas Misin maidir leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil duitse?



12. Cé chomh rialta agus a bhíonn seirbhísí de chuid OOP in úsáid agat?



13. Dá mbeadh teacht ar mhalairt soláthraí seirbhíse a chaithfí a íoc, an mbainfeá úsáid astu i gcás seirbhísí a chuireann OOP ar fáil?



14. An ndearna tú gearán riamh le OOP maidir le caighdeán na seirbhíse a tugadh duit?



15. Sa chás go ndearna, cé chomh sásta agus a bhí tú leis an gcaoi ar pléadh leis an ngearán?



16. Cé chomh mór agus atá tú ar an eolas faoi nósanna imeachta OOP maidir le gearáin?



17. An mbíonn plé go rialta agat le níos mó ná Aonad Gnó amháin de chuid OOP?



Arna mbunú ar an suirbhé, d'aontaigh MAC OOP leis na moltaí seo a leanas:

1. Ba cheart monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar oibriú na dteachtaireachtaí ó bhéal chun cinntiú go leantar á úsáid mar is ceart chun treisiú le Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir a chur ar fáil.

2. Ba cheart go mbeadh bearta sonracha d'fhonn tráthúlacht na bhfreagraí i scríbhinn a mheas mar chuid den anailís san am atá romhainn ar an gcaidreamh leis na Custaiméirí.

3. Ba cheart feachtas feasachta a reáchtáil maidir leis an gClár Áis do Chách i measc na gcustaiméirí agus na ngrúpaí custaiméirí ábhartha;

4. Ba cheart sraith treoracha shonrach a chur le chéile do na custaiméirí ar gá dóibh seirbhís deasc chúnta na cothabhála a úsáid;

5. Ba cheart polasaí soiléir a thabhairt chun cinn maidir le Suíomh Idirlín OOP lena mbainfeadh measúnú ar an leibhéal ama agus acmhainní a d'infheisteofaí ann chun go mbeadh sé úsáideach ag cuairteoirí

6. Ba cheart forbairt a dhéanamh ar an bplean oiliúna do bhaill foirne nua a thagann isteach in OOP tríd an dílárú agus acmhainní sonracha a chur ina leith; ba cheart go mbeadh bearta oiliúna sonracha maidir leis an tseirbhís don chustaiméir mar chuid de sin agus go bhféachfaí le teicnící a thabhairt chun cinn d'fhonn cinntiú go mbíonn ar a gcumas an caidreamh le custaiméirí nua a chothú;

7. Ba cheart gur faoin Oifig Caidrimh Phoiblí a d'fhanfadh an smacht ginearálta go hinmheánach ar Shuirbhéanna ar Chustaiméirí agus cúnamh acu ag réimsí eile de chuid Seirbhísí Corparáideacha agus Gréasán SAC de réir mar is cuí;

8. Ba cheart go gcuirfí leis na hacmhainní inmheánacha trí úsáid a bhaint as dreamanna proifisiúnta seachtracha a chuirfeadh comhairle ghinearálta ar fáil maidir le suirbhé a leagan amach agus a dhéileálfadh le roinnt gnéithe de dhéanamh an tsuirbhé;

9. Ba cheart acmhainní cearta i dtéarmaí airgeadais, taobh istigh den bhuiséad Riaracháin go háirithe, a bheith le bearta suirbhéireachta as seo amach.

10. Ba cheart go ndíreofaí ar chás an Chustaiméara Inmheánaigh i suirbhéanna as seo amach d'fhonn a fheabhas a chruthaíonn Rannán na Seirbhísí Corparáideacha a mheas.

11. Ba cheart bearta a thagann de bharr Suirbhéanna ar Chustaiméirí, an Suirbhé seo san áireamh, a chur in iúl do na custaiméirí cuí - ba cheart, go sonrach, an deis a thabhairt do chustaiméirí caidreamh a dhéanamh le baill shinsearacha den bhainistíocht maidir le bearta a rinneadh de thoradh ar fhaisnéis a fuarthas trí shuirbhéanna;

Ceanncheathrú Cheantar
Ghardaí Chill Rois



Athbhreithniú Oibríochtaí 2005

Dílárú ar OOP

Táthar ag leanacht den dul chun cinn maidir le gnéithe éagsúla de Dhílárú OOP go Baile Átha Troim (Ceanncheathrú OOP), Clár Chlainne Mhuiris agus Ceann Toirc.

Bhí an bhéim ba mhó i rith na bliana ar thogra Bhaile Átha Troim, áit a mbeidh Ceanncheathrú nua OOP, a thabhairt chun cinn tar éis don Ghrúpa Feidhmithe um Dhílárú (GFD) an t-ionad sin a roghnú ar cheann de na "luathaistritheoirí" a fógraíodh i mí an Mheithimh.

Ullmhaíodh plean feidhmithe do dhílárú OOP, lena ndeachaigh Measúnú Baoil mionsonraithe inar tugadh faoi deara na réimsí tábhachtacha ar gá aire ina leith le linn an togra. Beidh an Plean agus an Measúnú Baoil faoi athbhreithniú leanúnach, ag teacht le riachtanais leanúnacha an GFD i rith chéim an chur i bhfeidhm.

Togra Tógála Bhaile Átha Troim

Eagraíodh comórtas deartha ailtireachta maidir le foirgneamh Bhaile Átha Troim go hinmheánach taobh istigh de Sheirbhísí Ailtireachta OOP. Rinneadh forbairt ar an dearadh a raibh an chraobh aige, arna chur isteach ag an Uasal Patrick Boyle as Seirbhísí Ailtireachta 4, agus bhí sé ina chroíchuid de na tairiscintí a cuireadh faoi bhráid an mhargaidh. Cuireadh tairiscintí faoi bhráid i mí na Nollag 2005 d'fhorbairt ar na hoifigí nua ar bhonn Tógáil de réir Dhearadh an Chliaint. Tar éis bhronnadh an chonartha, rachaidh lucht na tairisceana a n-éiríonn léi ar aghaidh le céimeanna na pleanála agus na tógála d'fhonn an obair ar an bhfoirgneamh a thabhairt chun críche roimh dheireadh na bliana 2008.

Acmhainní Daonna

Ceapadh Bainisteoir Tionscadail don Togra Díláraithe, an tUasal Michael Fennelly, i mí Márta 2005. Is é an ról a bheidh aige bainistiú a dhéanamh ar gach gné de thogra Díláraithe OOP agus, ag teacht leis an bPlean Feidhmithe agus leis an Anailís Baoil, comhordú a dhéanamh ar na bearta éagsúla a bhfuil riachtanas leo agus cinntiú go dtugtar i gcrích é taobh istigh den chreat ama atá leagtha amach ag an Rialtas.

Bhí dhá phríomhghné le hobair an Bhainisteoir Tionscadail i rith na bliana:

- Pleananna gnímh mionsonraithe do na réimsí gnó éagsúla a thabhairt chun cinn ionas go maolaítear oiread agus is féidir ar an mbaol a bheadh ann do leanúnachas na seirbhíse;

- Bainistíocht a dhéanamh maidir leis na baill foirne a bhí ag teacht isteach in OOP, ón tSaoráid Iarratais Lárnach (SIL) go príomha, an córas ar líne a ceapadh chun clárú a dhéanamh ar iarratasóirí maidir le gach ceann de na hionaid atá i gceist.

Leanfar ag déileáil le dílárú OOP, a tharraingíonn deacrachtaí dúshláin suntasacha, mar bheart 'tús áite'.

Mórathrú Maidir le Socmhainní Stait

- Táthar ag leanacht den iniúchadh ar phunann maoine an Stáit d'fhonn maoin sealbhais atá folamh, meathúsáidte, meathfhorbartha nó iomarcach a thabhairt faoi deara.

- Go dtí seo, tugadh faoi deara roinnt áitreabh a mheastar a bheith oiriúnach lena measúnú go mion d'fhonn an deis diúscartha nó athfhorbartha a bhaineann leo a dheimhniú.

- Is den riachtanas i ngach cás go mbeadh teideal úinéireachta glan foirfe ag dul leis. D'fhéadfadh go mbeadh scrúdú fada, leadránach ar mhuirir, cúnaint, cíos talún etc., i gceist agus i roinnt mhaith cásanna go mbeadh clárú le déanamh ar an talamh. Níl an obair dlíodóireachta atá i gceist le teideal a thabhairt chun críochnúlachta faoi smacht OOP agus táthar ag brath ar na hacmhainní a bheith ar fáil in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus i gClárlann na Talún.

- D'fhonn an buntáiste is fearr a d'fhéadfaí a bhaint as áitribh áirithe, tá réimse leathan gnéithe den chás á dtabhairt san áireamh, ina measc: -
    (i) ceisteanna chead pleanála i gcomhthéacs na ndeiseanna forbartha;
    (ii) riocht ginearálta na maoine;
    (iii) an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an dílárú ar an gcás;
    (iv) an mhalairt úsáide a d'fhéadfaí a bhaint astu;
    (v) an luach is dócha a bheadh leo ar an margadh.

- Is tar éis measúnú mion ar an áitreabh a thabhairt chun críche a dhéanfar cinneadh críochnúil maidir le diúscairt / athfhorbairt.

Tharla an díolachán ar dhá mhóráitreabh i gceantar Bhaile Átha Cliath de thoradh air sin i rith na bliana 2005:

*** Bóthar Eoin**: Díol i gcomhar a bhí anseo idir Eircom agus Oifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn an fáltas is fearr is féidir a fháil don Stát. Fuarthas cead pleanála do mhórfhorbairt ar an suíomh roimh an díol. D'fhág sin gur ardaíodh an luach ó €22m go €94m.

* Tá an díol ar an **tSeancholáiste Tréidliachta i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4 ar** €171.5m ar an díol is mó luacha riamh ag OOP. Beidh€300m gnóthaithe ag OOP as díol maoine de chuid an Stáit a bhí iomarcach nó nach raibh ach meathúsáid á bhaint as ón uair a d'fhógair an Rialtas an dílárú.

Diuscairt ar Mhaoin sa Bhliain 2005

Foirgneamh	Praghas €	Dáta Deiridh
Sean OLS Ailt an Chorráin, Co. Dhún na nGall	300,000.00	5 Bealtaine 2005
Stáisiún an Gharda Cósta, Cill Rónáin, Co. na Gaillimhe - díol an tsuímh le hÚdarás na Gaeltachta	1,416.53	14 Iúil 2005
* Bóthar Eoin (An Geata Thiar), Baile Átha Cliath	44,916,551.79	10 Lúnasa 2005
16 An Fhaiche Mhór, Gaillimh - talamh	9,920.59	18 Lúnasa 2005
An Seanstáisiún Gardaí, Baile an Sceilg, Co. Chiarraí	409,693.03	30 Lúnasa 2005
An Stáisiún Gardaí, Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach - láthair talún fuílligh	165,000.00	13 Deireadh Fómhair 2005
An Stáisiún Gardaí, Cill Dhéagláin, co. na Mí - díolachán ar thalamh fuílligh	2,125,000.00	25 Deireadh Fómhair 2005
* An Seancholáiste Tréidliachta, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4.	171,556,000.00	30 Samhain 2005
26-27 Cé Éidin - an tseanOifig Mhuirthráchtála, Baile Átha Cliath 1	4,205,000.00	21 Nollaig 2005
Ráth Michíl (Chantilly) - Cúiteamh maidir le Leathnú an Bhóthair	5,162,202.65	Nollaig 2005
Óstán Lynch's Lodge, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí	2,300,000.00	8 Nollaig 2005

- Leanfar le diúscairt áitreabh agus shuíomhanna eile i rith na bliana 2006.

- Tugadh faoi deara dhá shuíomh d'fhonn breis úsáide as Tailte de chuid an Stáit maidir le Tionscnamh na Tithíochta Inacmhainne de chuid Ag Coinneáil an Dul chun Cinn:
  1. Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7.
  2. Bóthar Bhaile Shéamais, Inse Chór.

Tá an t-aistriú á thabhairt chun críche le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

- Tar éis chinntí Rialtais, táthar i ndeireadh na hoibre maidir le haistriú ar dhá shuíomh go dtí an Pháirtnéireacht um Thithe Inacmhainne:
  1. Cuid de shuíomh Stáisiún na nGardaí Árdán Fhearchair, Baile Átha Cliath 2.
  2. Áras Broc, Baile Átha Cliath 4.

Tá luach foriomlán idir €30 - €50m leis na ceithre shuíomh.

Forléargas ar an Margadh 2005

Margadh na n-oifigí ar cíos i mBaile Átha Cliath
Críochnaíodh an obair ar 110,000 méadar cearnach de spás oifige nua i rith na bliana 2005, ardú timpeall is 50% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin; i lár na cathrach, Baile Átha Cliath 2 agus Baile Átha Cliath 4 atá an chuid is mó de. Ní raibh leibhéal ghlactha an spáis nua baileach chomh hard agus a bhí sa bhliain 2004, agus ba i rith ráithe dheireanach na bliana is mó a tharla sé. Bhí na rátaí folúntais mar a chéile leis an mbliain 2004 a bheag nó a mhór; bhí siad beagán níos ísle nó beagán níos airde ná a bhí anuraidh ag brath ar an slat tomhais a bhí in úsáid. Ina dhiaidh sin féin, ceileann an scéal ginearálta éagsúlacht shuntasach ó réigiún go réigiún. B'airde an leibhéal glactha a bhí sa phríomhlimistéar ligin i lár na cathrach, go háirithe i gcás spás nua-aimseartha ach tá fuílleach suntasach spáis i limistéir eile, e.g. Baile Átha Cliath 1, 7 agus 8.

Tá roinnt fianaise ann ar bhorradh ó thaobh cíosa de, go háirithe i gcás oifigí fairsinge, nua-aimseartha, dea-lonnaithe. Ina dhiaidh sin féin, tá sé níos deacra áitribh níos sine nach bhfuil lonnaithe in áiteanna chomh mealltach céanna a ligean agus tá leibhéal suntasach dreasachtaí ar fáil i gcónaí, fiú má tá siad ag dul i laghad.

Tionchar an díláraithe
I bhfianaise thionchar an chláir díláraithe ar chúrsaí, ní raibh an Oifig an-ghnóthach maidir le héadáil ar mhaoin sealbhais i mBaile Átha Cliath i rith na bliana 2005. Sa chás go ndearnadh éadáil ar spás ba chun críche riachtanais logánta speisialta a shásamh é. Ar an taobh eile den scéal, bhí an Oifig an-ghnóthach ag déanamh éadála i gcás suíomhanna nó foirgnimh d'fhonn cóiríocht a dhéanamh do na hoifigí réigiúnacha nua ag na Ranna Rialtais a bhfuil dílárú á dhéanamh orthu. Tá an idirbheartaíocht déanta cheana féin nó táthar amach go maith sa phróiseas i gcás 23 ionad. I gcás cúig cinn de na hionaid, tá suíomhanna faoi úinéireacht OOP luaite leo agus is ar an gcaoi sin a chuirfear an chóiríocht ar fáil do na hoifigí díláraithe. I gcás sé cinn eile de na hionaid, tá éadáil déanta ar shuíomhanna ó na hÚdaráis Áitiúla. I gcás na 23 ionad eile, tá éadáil déanta ar shuíomhanna ó úinéirí príobháideacha nó táthar gar dá thabhairt i gcrích.

As seo go ceann dhá bhliain nó trí, beidh níos mó den bhéim in obair na hOifige ar éadáil ar áitribh agus suíomhanna sna réigiúin d'fhonn freastal ar riachtanais chóiríochta na Ranna Rialtais a bhfuiltear ag déanamh díláraithe orthu.
I mBaile Átha Cliath, beidh níos mó den bhéim ar dhiúscairt, tabhairt ar láimh nó cuíchóiriú ar an spás a fhágann Ranna Rialtais ina ndiaidh arna n-athlonnú ar fud na gcúigí.

Díolachán Maoine
Tá sár-iarracht déanta faoi Chlár an Mhórathraithe ar Shócmhainní Stáit, le blianta beaga anuas maoin de chuid an Stáit nach bhfuil lánúsáid á mbaint astu nó atá iomarcach i gcomparáid le riachtanais a thabhairt faoi deara d'fhonn diúscairt a dhéanamh orthu. Mar chuid den chlár sin, thug Oifig na nOibreacha Poiblí an diúscairt chun críche ar roinnt ghabháltais mhóra maoine i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre ar phraghsanna a measadh i roinnt cásanna a bheith

eisceachtúil. Ba díol suntais go mórmhór an díolachán ar shuíomh ar Bhóthar Shíol Bhroin a bhíodh faoi úinéireacht an Stáit agus ar baineadh amach buaicphraghas in aghaidh an acra ina leith. Leanfar de chlár na diúscartha stuama sin de réir mar a thugtar faoi deara suíomhanna nach bhfuil lánúsáid á baint astu agus cuíchóiriú á dhéanamh ar an bpunann maoine tar éis an díláraithe. Cinnteoidh an Stát, ar an gcaoi sin, go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as na sócmhainní maoine agus go ngnóthaítear an luach is airde is féidir ón bpunann.

Athbhreithniú ar Chíosanna

Lean OOP den bhainistíocht ghníomhach ar chlár an athbhreithnithe ar na cíosanna a bhaineann leis na háitribh atá ar léas aige. Nuair ab fhéidir sin, thángthas ar aontú ach bhí roinnt cásanna, nuair a braitheadh nach rabhthas ag teacht ar aontú le réasún a cuireadh faoi bhráid an tríú páirtí d'fhonn a gcinnte.

Éadáil 2005

Contae	Ionad	Ainm	Dáta Éadála	Costas Ceannacháin
Corcaigh	Cloich na Coillte	Suíomh Chloich na Coillte na Roinne Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus BIM	02-MF-05	2875000
Dún na nGall	Bun Crannach	Suíomh Bhun Cranncha na Roinne Gnóthaí Sóisialtacha agus Teaghlaigh	13-DF-05	1105860
Dún na nGall	An Bun Beag	Suíomh Stáisiún Garda Cósta an Bhun Bhig	14-Aib-05	27934
Ciarraí	Oileán Ciarraí	Suíomh Stáisiún Gardaí Oileán Chiarraí	13-DF-05	1350000
Liatroim	Droim Sean Bhó	Suíomh OCT Dhroim Sean Bhó na Roinne Talmhaíochta agus Bia	22-Lún-05	140000
Luimneach	An Caisleán Nua	Suíomh na gCoimisinéirí Ioncaim sa Chaisleán Nua	15-Iúil-05	325000
Longfort	Longfort	Suíomh Cheanncheathrú Sheirbhís Príosúin na hÉireann - Longfort	21-Már-05	576250

Léasanna Nua 01 Eanáir 2005 - 31 Nollaig 2005 - Baile Átha Cliath

Contae	Ionad	Ainm	Roinn	Tús	Críoch	M² Inligthe	Cios Bliana	Spás Carranna
Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath	Sráid na Trá Mhór Áras na Mílaoise	An tOmbudsman do Leanaí	04-Aib-05	04-Aib-25	904.67	265675	7
Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 02	Sráid Fhearchair 71 Teach Pinebrook	An Roinn Dlí agus Cirt,Comhionannais & Athchóirithe Dlí	06-Iúil-05	24-Már-15	590	200000	4
Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 02	Sráid Fhearchair 72-74 Teach Pinewood	An Roinn Dlí agus Cirt,Comhionannais & Athchóirithe Dlí	06-Iúil-05	24-Már-15	3249	1419143	54
Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 02	Sráid Nassau Aonad Cigireachta na Seirbhíse Sóisialaí	An Roinn Sláinte & Leanaí	20-Meith-05	19-Bealt-15	232.58	87622.06	0
Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 07	Plás Blackhall Binse Fiosrúcháin Smithwick	An Roinn Dlí agus Cirt,Comhionannais & Athchóirithe Dlí	14-Samh-05	14-Lún-10	627.91	375000	15
Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 08	Lána an Ghairdín Oifig Promh/Leasa	An tSeirbhís Promhaidh & Leasa	25-Már-05	31-Már-25	316.14	55980	5
Baile Átha Cliath	Baile Átha Cliath 15	Stór Damastown MNEÉ	Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann	25-Lún-05	24-Iúil-15	969.32	99123	0
Baile Átha Cliath	Sórd	Oifig POS Shórd	An Príomh-Bhord Iascaigh	28-MF-05	27-MF-25	1261.62	231443.68	33
Baile Átha Cliath	Sórd	Oifig POS Shórd	An Príomh-Bhord Iascaigh	28-MF-05	27-MF-25	931.71	173226.5	28
Baile Átha Cliath	Sórd	Oifig POS Shórd	An Phríomh-Oifig Staidrimh	13-Meith-05	15-MF-25	864.84	181490.55	27

Léasanna Nua 01 Eanáir 2005 - 31 Nollaig 2005 - Réigiúnach

Contae	Ionad	Ainm	Roinn	Tús	Críoch	M² Inligthe	Cios Bliana
An Cabhán	Coill an Chollaigh	Oifig Daonáirimh Chabháin	An Lár-Oifig Staidrimh	19-MF-05	30-Mei-06	60.39	6,500.00
Corcaigh	Corcaigh	Ionad C&M Chorcaí Teach na Páirce	Na Coimisinéirí Ioncaim	06-Beal-05	05-Fea-15	314.00	43,940.00
Corcaigh	Corcaigh	Ionad C&M Chorcaí Teach na Páirce	Na Coimisinéirí Ioncaim	06-Beal-05	05-Fea-15	N/A	38,180.00
Corcaigh	Corcaigh	Cork DAF Cityhall Carpark	An Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Pobail	05-Noll-05	04-Noll-06	N/A	36,000.00
Corcaigh	Corcaigh	Seirbh Promh & Leasa Chorcaí Sráid an Chamais	An tSeirbhís Promhaidh agus Leasa	01-Aib-05	31-Már-25	1,483.82	283,982.00
Dún na nGall	Béal Átha Seanaidh	Oifig Mhuir-Thráchtála Bhéal Átha Seanaidh	An Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha	01-Ean-05	30-MF-14	264.00	25,000.00
Dún na nGall	Béal Átha Seanaidh	Oifig Mhuir-Thráchtála Bhéal Átha Seanaidh	An Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha	26-MF-05	25-Noll-06	18.00	3,380.00
Dún na nGall	Leitir Ceannain	Promh/Leasa Leitir Ceanainn An Phríomhshráid	An tSeirbhís Promhaidh agus Leasa	01-Fea-05	31-Ean-25	561.02	80,000.00
Gaillimh	Gaillimh	Oifigí Rialtais, Gaillimh Áras Uí Eidhin	An Roinn Leasa Shóisialaigh, Gnóthaí Pobail & Teaghlaigh	01-Iúil-05	31-Noll-20	1,333.17	222,425.00
Cill Dara	An Nás	Páirc na Mílaoise, An Nás	Ú.M.I.C.É	05-MF-05	04-MF-25	607.48	119,163.00
Cill Dara	Cill Dara	Oifig Daonáirimh Chill Dara	An Phríomh-Oifig Staidrimh	01-DF-05	30-Mei-06	30.00	10,400.00
Cill Chainnigh	Cill Chainnigh	Oifig Daonáirimh Chill Chainnigh	An Phríomh-Oifig Staidrimh	29-Mei-05	30-Mei-06	38.50	6,216.00
Laois	Port Laoise	Oifig Talmhaíochta Phort Laoise Eircom	An Roinn Talmhaíochta, Bia & Forbartha Tuaithe	25-Aib-05	24-Ean-10	1,323.82	191,000.00
Laois	Móinteach Mílic	Oifig Daonáirimh Mhóinteach Mílic	An Staidrimh-Oifig Staidrimh	01-MF-05	30-Mei-06	38.00	12,000.00
Luimneach	Luimneach	Oifigí Rialtais, Luimneach Halla Houston	An Lár-Oifig Staidrimh, An Roinn Talmhaíochta, Bia & Forbartha Tuaithe	01-Bealt-05	30-Aib-25	2,669.64	373,568.00
Lú	Dromad	Stáisiún Gardaí Sealadach Dhromad	An Garda Síochána	01-Noll-05	30-Samh-06	100.00	21,000.00
Lú	Droicheasd Átha	OLS Dhroichead Átha	An Roinn Leasa Shóisialaigh, Gnóthaí Pobail & Teaghlaigh	23-MF-05	22-Lún-15	257.00	70,533.00
Lú	Dún Dealgan	Oifig Oideachais Dhún Dealgan	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	01-Ean-05	30-MF-07	66.00	9,570.00
Lú	Droicheasd Átha	Droichead Átha Carrchlós Talmhaíochta	An Roinn Talmhaíochta, Bia & Forbartha Tuaithe	19-Noll-05	18-Noll-06	0	18,150.00
Maigh Eo	Caisleán an BharraighOifig	Oifig Daonáirimh Chaisleán an Bharraigh	An Phríomh-Oifig Staidrimh	01-MF-05	30-Mei-06	52.00	6,400.00

Contae	Ionad	Ainm	Roinn	Tús	Críoch	M² Inligthe	Cios Bliana
An Mhí	an Uaimh	Oifigí Rialtais, An Uaimh Áth Luimnigh	Na Coimisinéirí Ioncaim, An Roinn Talmhaíochta, Bia & Forbartha Tuaithe, An Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil, An tSeirbhís Promhaidh & Leasa, An Roinn Iompair, An tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais, An Roinn Oideachais & Eolaíochta	28-MF-05	27-MF-26	3,217.67	575,000.00
An Mhí	an Uaimh	Oifig Daonáirimh na hUaimhe	An Phríomh-Oifig Staidrimh	01-MF-05	30-Mei-06	150.00	12,000.00
Uíbh Fhailí	An Tulach Mhór	Ollstór Oideachais Tulach Mhór	An Roinn Oideachais & Eolaíochta	12-Bealt-05	11-Fea-15	529.54	25,365.00
Ros Comáin	Mainstir Na Búille	Oifig Oideachais Mhainistir na Búille	An Roinn Oideachais & Eolaíochta	01-MF-05	31-Beal-15	33.44	5,760.00
Sligeach	Sligeach	Oifig Sheirbhísí Pinsean Shligigh	An Roinn Leasa Shóisialaigh, Gnóthaí Pobail & Teaghlaigh	14-Iúil-05	02-Ean-24	0	105,000.00
Sligeach	Sligeach	Oifig Shealadach OOP i Sligeach	Oifig na nOibreacha Poiblí	01-DF-05	30-MF-06	325.00	6,500.00
Sligeach	Sligeach	Oifig Daonáirimh 2006 Shligigh	An Phríomh-Oifig Staidrimh	01-DF-05	30-MF-06	39.48	6,800.00
Tiobraid Árann	Tiobraid Árann	Oifig Dlí agus Cirt Dhurlais	An tÚdarás um Slándáil Phríobháideach	01-MF-05	31-Lún-07	428	69,150.00
Tiobraid Árann	Durlas	Aonad Breithnithe Sealadach an Gharda i nDurlas	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	01-MF-05	31-Lún-07	17.00	1,518.90
Tiobraid Árann	Durlas	Aonad Breithnithe Sealadach an Gharda i nDurlas	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	01-MF-05	31-Lún-07	376.00	64,736.00
Tiobraid Árann	Durlas	POS Dhurlais	An Phríomh-Oifig Staidrimh	29-Beal-05	30-Mei-06	92.90	18,200.00
An Iarmhí	An Muileann gCearr	Oifig Daonáirimh 2006 an Mhuilinn Chearr	An Phríomh-Oifig Staidrimh	01-DF-05	30-Mei-06	150.00	12,000.00
Loch Garman	Inis Córthaidh	OLS Inis Córthaidh Teach Portsmouth	An Roinn Leasa Shóisialaigh, Gnóthaí Pobail & Teaghlaigh	01-Aib-05	28-Fea-15	181.16	25,000.00
Loch Garman	Ros Mhic Treoin	Oifig Daonáirimh Ros Mhic Treoin	An Phríomh-Oifig Staidrimh	01-MF-05	30-Mei-06	88.26	13,000.00
Cill Mhantáin	Cill Mhantáin	Oifig Daonáirimh Chill Mhantáin	An Phríomh-Oifig Staidrimh	01-MF-05	30-Mei-06	54.00	10,800.00

Maoin a Géilleadh 01 Eanáir 2005 - 31 Nollaig 2005 - Baile Átha Cliath

Ainm	Ionad	Contae	Roinn	Dáta Géillte	Cíos Blianana
Sráid Fhreidric Theas 5-9	Baile Átha Cliath 02	Baile Átha Cliath	An Príomh-Aturnae Stáit	30-MF-05	950,001.00
Carrchlós Shráid Gloucester Theas	Baile Átha Cliath 02	Baile Átha Cliath	Ilghnéitheach	19-Feabh-05	22,000.00
Aerfort Bhaile Átha Cliath Teach Bhaile Uí Choileáin	Aerfort Baile Átha Cliath 02	Baile Átha Cliath	Met Éireann	27-MF-05	5,724.60

Maoin a Géilleadh 01 Eanáir 2005 - 31 Nollaig 2005 - Réigiúnach

Ainm	Ionad	Contae	Roinn	Dáta Géillte	Cíos Blianana
Carrchlós Shráid Bhéaslaoi, Corcaigh	Corcaigh	Corcaigh	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh	12-Aib-05	1,816.00
Oifig Fiadhúlra Shealadach Dhún ar Aill	Dhún ar Aill	Corcaigh	An Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta	16-Már-05	4,621.85
Seirbhís Promhaidh & Leasa Leitir Ceanainn	Leitir Ceanainn	Dún na nGall	An Roinn Dlí & Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí	25-Iúil-05	12,062.51
Oifigí Rialtais, Gaillimh, Áras Uí Eidhin	Gaillimh	Gaillimh	An Roinn Talmhaíochta & Bia An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh	30-Mei-05	55,250.00
Oifigí Rialtais, Gaillimh Teach Ross	Gaillimh	Gaillimh	An Roinn Oideachais & Eolaíochta agus Ranna eile	12-Aib-05	13,205.28
OLS Chill Mocheallóg	Cill Mocheallóg	Luimneach	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh	07-Már-05	7,262.90
DTC Seal na hUaimhe	An Uaimh	An Mhí	An Roinn Iompair	12-Fea-05	1,420.00
Oifig Talmhaíochta Ros Comáin	Ros Comáin	Ros Comáin	An Roinn Talmhaíochta & Bia	09-Mei-05	65,557.80
Oifig Talmhaíochta Ros Comáin	Ros Comáin	Ros Comáin	An Roinn Talmhaíochta & Bia	09-Mei-05	41,901.36
OLS Bhaile an Mhóta	Baile an Mhóta	Sligeach	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh	23-Ean-05	4,129.20
Seirbhísí Míoch. Teaghlaigh Loch Garman	Loch Garman	Loch Garman	An Roinn Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh	03-Mei-05	15,236.86

Bainistíocht ar Shaoráidí agus ar Imeachtaí

Caisleán Bhaile Átha Cliath.
Ba bliain an-ghnóthach a bhí sa bhliain 2005 maidir leis na saoráidí Comhdhála i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus na seirbhísí do chuairteoirí in ollionad Chaisleán Bhaile Átha Cliath go ginearálta. Reáchtáladh 501 imeacht ar leith san ollionad agus thug 151,080 duine cuairt ar Árasáin an Stáit ag leanacht isteach nó amach le 6,500 cuairt faoi threoir.

Mar is iondúil, bhí ócáidí de chineálacha éagsúla ar siúl in ollionad an Chaisleáin, ina measc dinnéir Stáit, comhdhálacha idirnáisiúnta, coirmeacha ceoil agus taispeántais ealaíne. Bhí líon iomlán de timpeall is 55,000 duine a d'fhreastail ar na hócáidí sin.

Is cuid lárnach den obair a dhéanann baill d'fhoireann OOP i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an bhainistíocht réamhluaite ar imeachtaí agus feidhmeanna maidir le seirbhísí do chuairteoirí. Cuireann foireann bhainistíochta Chaisleán Bhaile Átha Cliath seirbhís iomlán bhainistiú maoine ar fáil d'áitritheoirí uile ollionad Chaisleán Bhaile Átha Cliath agus leanadh de dhéanamh na gné sin dá gcuid oibre go sásúil arís sa bhliain 2005.

An tOspidéal Ríoga, Cill Mhaighneann (ORCM)
Treisíonn Aonad Bainistiú Saoráidí agus Imeachtaí OOP, i gcomhar le Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (MNEÉ), leis an obair bhainistíochta ar chomhdhálacha agus ar imeachtaí eile in ionad ardchlú ORCM. Bhí bliain den rath ag ORCM sa bhliain 2005; eagraíodh [xxx] imeacht i rith na bliana ar ar fhreastail timpeall is [xx,xxx] duine in iomláine.

Farmleigh
Rinneadh cóiríocht i Farmleigh maidir le roinnt cuairteanna tábachtacha Stáit i rith na bliana 2005 lena n-áirítear cuairteanna cónaithe ag Cinn Stáit agus móruaisle ón tSeapáin, as Ceanada, ón Ungáir agus ón mBulgáir.

Chomh maith le cuairteanna cónaithe na móruasal iasachta, reáchtáladh 64 ócáid Rialtais ardleibhéil i Farmleigh i rith na bliana 2005 ar ar fhreastail 3,236 toscaire.

Cuireadh dlús leis an rath a bhíonn ar an gclár áis do chách i Farmleigh i rith na bliana 2005 nuair a d'fhreastail os cionn 180,000 cuairteoir ar na laethanta oscailte éagsúla, cuairteanna faoi threoir agus imeachtaí poiblí in aisce ó Mhárta go Nollaig.

Cuireadh feabhas arís ar na saoráidí do chuairteoirí i Farmleigh i rith na bliana 2005 nuair a osclaíodh spás nua taispeántais, Dánlann Farmleigh, go mall i ndeireadh na bliana.

Áras an Uachtaráin
Leanadh den obair ardchaighdeáin arís sa bhliain 2005 maidir le ról an Aonaid Bainistiú Saoráidí agus Imeachtaí ag déanamh comhordaithe agus bainistíochta ar réimse seirbhísí maoine, tís agus lónadóireachta in Áras an Uachtaráin. D'fhág cuairteanna Chinn Stáit agus mhóruaisle eile, turais phoiblí ar an Áras agus imeachtaí eile a reáchtáladh san Áras gur riaradh do 16,550 cuairteoir in iomláine i rith na bliana 2005.

Seirbhísí Bhainistiú Saoráidí go Ginearálta.
Déanann an tAonad Bainistiú Saoráidí agus Imeachtaí maoirseacht ar sholáthar réimse iomlán seirbhísí tacaíochta ag soláthraithe seirbhíse ar conradh, ag áitribh eile ar nós Saotharlanna nua an Rialtais i mBacastún, Co. Chill Dara agus Ionad Pobail Thuaisceart na Cathrach sa Chúlóg, Baile Átha Cliath. Is é a bhíonn d'aidhm leis sin, cinntiú go gcuirtear seirbhís bhainistiú saoráidí den ghairmiúlacht agus den sárchleachtas atá éifeachtach ó thaobh costais ar fáil do na cliaint Ranna Rialtais.

Sa bhliain 2005, rinneadh idirbheartaíocht den rath maidir le conradh faoi sheirbhís Bhainistiú Saoráidí chuimsitheach a chur ar fáil in Oifigí nua Rialtais i Ros Comáin.

Seirbhísí Chothabháil Maoine

Tuarascáil Achomair ar Chaiteachas de chuid OOP Seirbhísí Chothabháil Maoine i rith na bliana 2005	
Cothabháil	34,244,000
Caiteachas Caipitil	27,216,000
Cuntais Chliaint maidir le Cothabháil Ghinearálta	14,205,000
Obair Ghníomhaireachta arna déanamh ag OOP do Ranna Rialtais	5,814,000
Iomlán	**€81,479,000**

Láimhseálann aonad gnó Chothabháil Maoine OOP athchóiriú, tionscnaimh feistithe, agus gnáthobair chothabhála ar árais de chuid an Rialtais ar fud na tíre. Is trí ghréasán Oifigí Réigiúnacha agus Oifigí Ceantair OOP ar fud na tíre a chuirtear na seirbhísí ar fáil. Féachtar le luach agus riocht phunann maoine OOP a chaomhnú le modhanna éifeachtacha atá éifeachtúil ó thaobh costais de, trí chaidreamh dlúth oibre a chothú leis na cliaint - Ranna Rialtais agus a gcuid Oifigigh Cóiríochta.

I mórcheantar Bhaile Átha Cliath, déanann foireann OOP féin arna lonnú sa tSeirbhís Chothabháil Áitribh i nDún i Choileáin an ghnáthchothabháil. Soláthraítear seirbhísí eile nó cothabháil agus seirbhísí neamhghnácha taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath trí chonarthaí le dreamanna den earnáil phríobháideach.

Seo a leanas cuid de na seirbhísí a thairgtear dár gcuid cliant:

- Feistiú agus athchóiriú
- Mionobair chaipitil
- Suirbhéanna rialta d'fhonn cláir den chothabháil choisctheach a leagan amach
- Comhairle ar oifigigh cóiríochta
- Staidéar féidearthachta
- Cúnamh do Aonaid Ghnó eile de chuid OOP
- Obair chothabhála arna déanamh ag foireann oibre OOP go díreach nó ag dream ón earnáil phríobháideach ar conradh
- Athchóiriú tar éis aispeist a bhaint amach
- Seirbhís shainchaomhnaithe i.e. ar obair phláistéireachta nó glanadh cloiche
- Seirbhís Chothabhála don War Graves Commission

Clár Mionoibreacha an Gharda

Caiteachas de €5.2m a rinneadh ar an gclár thuas sa bhliain 2005 lenar bhain obair athchóirithe ar 41 stáisiún gardaí, ina measc Áth Í, Bun na hAbhann, An Baile Gallda, An Damhshraith, Inis Díomóin, Cearnóg Fhearchair, Sráid Mhuire (Luimneach), Ros Cré agus an tAonad Tráchta, Caisleán Bhaile Átha Cliath.

Seirbhísí Cothabhála ar Fhoirgnimh

Tá tús curtha le clár chun córais "Stad ó Thitim" a thabhairt isteach maidir le díonta na bhfoirgneamh oidhreachta i limistéir Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh cuntais bhliantúla ar fáil do Sheirbhísí Cothabhála ar Fhoirgnimh le trí bliana anuas. Rinne brabús de timpeall is 9% - 11.6% ar oibreacha inghearrtha gach bliain.

Clár na Naíolanna

Tá maoiniú á déanamh air sin faoin Tionscnamh Chúram Leanaí atá á reáchtáil ag an Roinn Airgeadais. Tá naíolanna tugtha chun críche i mBaile Átha Luain, in Inis agus i Sligeach. Tá breis naíolann á mbeartí i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach i rith na bliana 2006.

Rannóg an Troscáin

Tá an conradh tarraingt anuas do throscán oifige i bhfeidhm anois agus is leis a riarfar ar riachtanais troscáin a bhaineann leis an dílárú. Tá lámhleabhar sonraíochta maidir le feidhm curtha le chéile anois mar atá bróisiúr maidir le gach earra tarraingt anuas a sholáthraíonn Rannóg an Troscáin. Tá cáipéisíocht nósanna imeachta theastasú ISO 9001:2000 ar bun anois le súil creidiúnú a bhaint amach faoi dheireadh 2006.

Sláinte agus Sábháilteacht

Déanfaidh an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta nua faoi scáth Chothabháil Maoine an straitéis agus na prótacáil a thabhairt chun cinn maidir le réimse an chleachtais agus na ngnásanna sábháilte oibre atá riachtanach chun coinníollacha faoin Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 a chomhlíonadh.

Stáisiún Gardaí Ros Cré

Pailliún Theach Laighean

Seirbhísí Bhainistiú Tionscadail

Déanann Seirbhísí Bhainistíú Tionscadail (SBT), le cuidiú ó Sheirbhísí Ailtireachta agus Innealtóireachta OOP agus ó dhisciplíní gairme eile de chuid na hearnála príobháidí nuair is gá sin, bainistíocht maidir le tionscadail tógála, athchóirithe, chaomhnaithe agus mórthionscadail chothabhála a thabhairt i gcrích thar ceann OOP agus a chuid cliant agus custaiméirí.

Cuireann Seirbhísí Bhainistiú Tionscadail coimre mhionsonraithe ar riachtanais an chliaint nó an chustaiméara in alt a chéile d'fhonn cuidiú lena dtabhairt i gcrích go tráthúil, taobh istigh den bhuiséad agus ar na caighdeáin ailtireachta agus innealtóireachta is airde, i ngéilliúntas do nósanna imeachta an Rialtais agus an AE maidir le Soláthar.

Baineann bainistíocht ar cháipéisíocht tairisceana a thabhairt chun cinn, foireann dearaidh a thabhairt le chéile agus a cheapadh, an cead pleanála is gá a fháil, conraitheoirí a roghnú, maoirseacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar an suíomh, agus bainistiú a dhéanamh ar chostais na dtionscadal le riachtanais an chliaint agus an chustaiméara a thabhairt i gcrích.

An Clár Díláraithe

Ar Suil	Céim an Chead Pleanála / na Tairisceana etc	Arna Phleanail
Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Longfort - Cuasbhlaosc & Croí		Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Longfort - Feistiú
Sligeach - Fairsingiú ar Oifig na Seirbhísí Pinsean (An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh)		Na Fórsaí Cosanta, An Currach
		An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall.
		An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta, Na Forbacha, Gaillimh
		An tÚdarás um Slándáil Phríobháideach, Tiobraid Árann

Clár Cuíchóirithe maidir le hOifigí

Caiteachas de timpeall is €10m a bhain leis seo sa bhliain 2005.

Criochaithe	Ar Suil	Céim an Chead Pleanála/ na Tairisceana etc	Arna Pheanáil
Na Coimisinéirí Ioncaim, Blocanna 8 -10, Caisleán Bhaile Átha Cliath - oibreacha athchóirithe	An tSeribhís Promhaidh agus Leasa - Séipéal San Niocláis,Corcaigh - Athchóiriú	An Roinn Iompair - I onad Thástáil Tiomána, Fionnghlas, Baile Átha Cliath	Clárlann na Talún - Sráid an Teampaill / Lána an Chrochaire
An Roinn Iompair - Ionad Thástáil Tiomána, Bóthar an tSáirséalaigh, Corcaigh	An Roinn Cosanta, Coláiste Chaoimhín (Baile Átha Cliath) - oibreacha Sláinte & Sábháilteachta	Clárlann na Talún Seantreabh - Saoráid Stórála	An Roinn Talmhaíochta & Bia - Oifig Thréidliachta Ceantair, Droim Sean Bhó, Co. Liatroma
Oifigí Rialtais, Ros Comáin	Cosaint Shibhialta Oifigí Nua - Ros Cré, Co. Thiobraid Árann	An Roinn Comhshaoil & Rialtais Áitiúil - bealach nua isteach agus ibreacha eile	Saotharlann nua OOP, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
Na Coimisinéirí Ioncaim, Feistiú Ashtowngate, Baile Átha Cliath			An Roinn Gnóthaí Eachtracha, Teach Uíbh Eachach - oibreacha athchóirithe, Céim D
An Roinn Dlí & Cirt - Feistiú do Leanbh a Saolaíodh in Éirinn			Oifigí nua an Rialtais, An Uaimh
An Roinn Talmhaíochta - Feistiú Halla Houston			Na Coimisinéirí Ioncaim - Feistiú Fairgreen, Gaillimh
O.P.A.S Feistiú - Sráid Hanover, Baile Átha Cliath			O.P.A.S., Durlas
			Caisleán an Bharraigh - Oifigí Rialtais nua
			Bloc N - Ceanncheathrú an Gharda

Clár Tógála an Gharda Síochána

Mórthionscadail a tugadh chun críche i rith na bliana 2005
Facility Building at Templemore Garda College, Co. Tipperary.
International Liaison Unit, Garda Headquarters

Mórthionscadail i ngar dá dtabhairt chun críche i rith na bliana 2006
Fairsingiú ar an Halla Proinne/Giomnáisiam, Coláiste na nGardaí, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann Athchóiriú ar an sean-Stáisiún Gardaí & athfheistiú ar fhoirgnimh i gColáiste na nGardaí, An Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann

Tionscadail eile a tugadh chun críche i rith na bliana 2005.
Ceanncheathrú Ceantair an Gharda, Beanntraí, Co. Chorcaí
Ceanncheathrú Ceantair an Gharda, (maille le Teach Cúirte ar an suíomh céanna)
Béal Átha Seanaidh
Ceanncheathrú Ceantair an Gharda, Ros Mhic Treoin, Co. Loch Garman
Ceanncheathrú Ceantair an Gharda, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo

Tionscadail ar tosaíodh ar an obair ar an suíomh le linn na bliana 2005
Ceanncheathrú Ceantair an Gharda, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin - Fairsingiú/Athchóiriú
Ceanncheathrú Ceantair an Gharda, Scoil Mhuire, Co. Chorcaí - tógáil as an nua ar sheansuíomh
Stáisiún Gardaí, Áth na nUrlann, Co. Chill Chainnigh
Stáisiún Gardaí, Baile an Gharraí, Co. Luimnigh
Stáisiún Gardaí, Cairbre/Doire an Torainn, Co. Chill Dara
Stáisiún Gardaí, Dún Ard, Co. Chill Mhantáin

Tograí a thiocfaidh chun cinn i rith na bliana 2006
Ceanncheathrú Rannach an Gharda, Baile Muna, Baile Átha Cliath
Stáisiún Gardaí, An Baile Gaelach, Baile Átha Cliath
Stáisiún Gardaí, Cill na Gráinsí, Baile Átha Cliath
Stáisiún Gardaí, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara
Stáisiún Gardaí, An tÓrán Mór, Co. na Gaillimhe (conradh socraithe)
Stáisiún Gardaí, Fionnghlas, Baile Átha Cliath
Ceanncheathrú Limistéir an Gharda, Beannchor Iorrais, Co. Mhaigh Eo
Stáisiún Gardaí, Oileán Chiarraí, Co. Chiarraí
Stáisiún Gardaí, Dromad, Co. Lú
Ceanncheathrú Ceantair an Gharda, Baile an Mhóta, Co. Shligigh
Ceanncheathrú Ceantair an Gharda, Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo
Ceanncheathrú Rannach an Gharda, Port Laoise, Co. Laoise - fairsingiú / athchóiriú
Stáisiún Gardaí, Ail Finn, Co. Ros Comáin
Stáisiún Gardaí, Iascaigh, Co. Shligigh
Stáisiún Gardaí, Crois na Rae, Co. Thiobraid Árann
Stáisiún Gardaí, Béal Átha Bhearaigh, Co. Mhaigh Eo

Clár Theach Laighean / an Oireachtais

Tugadh Céim II den athfhorbairt ar Theach Chill Dara, Sráid Chill Dara, agus seomra gleacaíochta a chur ar fáil san áireamh, chun críche i rith na bliana 2005. Tabharfar an tionscadal iomlán chun críche go luath sa bhliain 2006 nuair a bheidh saoráid nua naíolainne i bhfearas agus i gcóir.

Tugadh an obair ar an mBealach isteach ag Pailliúm Shráid Chill Dara chun críche i rith na bliana 2005.

Rinneadh feistiú ar dhá urlár de Theach na Talmhaíochta d'fhonn cóiríocht phráinne do phearsanra an Oireachtais i rith na bliana 2005 chomh maith.

Leanadh ar aghaidh leis an bpleanáil i rith na bliana 2005 ar roinnt tograí i dTeach Laighean a dtosófar ar an obair orthu i rith na bliana 2006 i,e, an Siopa nua agus áis agallaimh faoin aer, forbhealach isteach nua ar Shráid Mhuirfean, leathnú ar dheiseanna TE i Seomra na Dála, an bealach atá beartaithe idir Teach Laighean agus an tArd-Mhúsaem agus feabhsú ar chúrsaí rochtana maidir le Seomra na Dála.

Clár na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Caiteachas de €1.45million a bhain leis an mbliain 2005.

Ar Siúl	Céim an Chead Pleanála / na Tairisceana	Arna Phleanáil
Cóbh - Oifig Áitiúil nua - Athchóiriú agus Fairsingiú		Béal an Átha (Co Mhaigh Eo) - oifig áitiúil nua
Áras Uí Eidhin, Gaillimh - feistiú ar urlár na talún agus an chéad urlár		Baile Munna - Oifig Áitiúil nua a Thógáil
	Bré - Oifig Áitiúil nua a Thógáil	Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall (arna dhéanamh i gcomhar le togra an Díláraithe).

Mórthionscadail Thógála

Rinneadh dul chun cinn maidir leis an athchóiriú agus an fhorbairt ar Theach Cúirte an Aonaigh, Co. Thiobraid Árann i rith na bliana 2005 agus tabharfar chun críche é, de réir an sceidil, i mí Márta 2006. Leagtar luach de €14m leis an bhforbairt.

Cuireadh tús leis an athchóiriú agus leis an bhforbairt ar Theach Cúirte Thulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí i mí Aibreáin 2005 agus tabharfar chun críche é i lár na bliana 2006. Leagtar luach de €13.5m leis an bhforbairt.

Rinneadh dul chun cinn maidir leis an athchóiriú agus an fhorbairt ar Theach Cúirte an Longfoirt i rith na bliana 2005 agus tabharfar chun críche é in Earrach na bliana 2006. Leagtar luach de €9m leis an bhforbairt.

Fuarthas cead pleanála maidir le Ceanncheathrú Rannach de chuid an Gharda agus Cóiríocht Oifige don Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, don tSeirbhís Chomhairle Airgeadais & Buiséadaithe agus don tSeirbhís Promhaidh agus Leasa i mBaile Munna sa bhliain 2005. Cuirfear tús leis an tógáil i lár na bliana 2006 agus beidh costas isteach is amach le €20m i gceist.

Tosaíodh ar an bpleanáil i rith na bliana 2005 maidir le Saotharlann Dlí-Eolaíochta nua i gCeanncheathrú an Gharda.

Stáisiúin na nGardaí Cósta

Tosaíodh ar Stáisiún Gardaí Cósta nua a thógáil ar an mBun Beag, Co. Dhún na nGall sa bhliain 2005. Tá beartaithe go dtabharfar an tionscadal chun críche i rith na bliana 2006.

Táthar ar aghaidh go maith sa phleanáil maidir le stáisiúin nua don gharda cósta ag Ceann Tuaithe, Co. Chorcaí agus i nDubhlinn, Co. an Chláir.

Gairdín na nAinmhithe, Baile Átha Cliath

Tugadh an leathnú ar na saoráidí ag an mbealach isteach agus na béalbhacha chun críche i rith na bliana 2005. Ba é an tionscadal sin an ceann deireanach sa Chlár Fhorbairt Chaipitil do na blianta 2001 go dtí 2005 a raibh luach €12.7m leis.

Cuirfear tús le Clár Fhorbairt Chaipitil 5 bhliana nua sa bhliain 2006. Is é an chéad tionscadal de chuid an chláir sin, a bhfuarthas cead pleanála ina leith sa bhliain 2005, áis nua taispeántais do na heilifintí.

Clár Sheirbhís na gCúirteanna.

Rinneadh caiteachas de €18.98 milliún ar an gclár seo sa bhliain 2005

Críochnaithe	Ar siúl	Céim an Chead Pleanála / na Tairisceana etc.	Arna Phleanáil
Na Ceithre Cúirteanna - Oibreacha Slándála Céim 1.	Longfort - Athchóiriú	Foirgneamh na Cúirte Coiriúla- Comhpháirtí-ocht Phoiblíocht Phríobháideach	
Béal Átha Seanaidh . - tógáil as an nua	An tAonach - Athchóiriú agus Síneadh Nua		Cúirt Dúiche Chorcaí - fairsingiú
	Bré - Teach Cúirte nua a thógáil		Eochaill - athchóiriú
	Tulach Mhór - athchóiriú		Cill Chainnigh - athchóiriú
			Loch Garman - athchóiriú
			Droichead Átha - tógáil as an nua
			Leitir Ceanainn - athchóiriú
			Muineachán - athchóiriú
			An Muileann gCearr - athchóiriú

Clár Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Críochnaithe	Ar siúl	Céim an Chead Pleanála / na Tairisceana etc.	Arna Phleanáil
Seirbhís Phríosúin na hÉireann - Glas Gheata Phríosún Phort Laoise	Seirbhís Phríosúin na hÉireann - Príosún Phort Laoise Bloc C		Seirbhís Phríosúin na hÉireann Droichead a thógáil go hOileán Spíce
Seirbhís Phríosúin na hÉireann - Príosún Luimnigh, Eite C			

Eile

Thug an Oifig faoi obair ar bhonn aisíoc do Ghíomhaireachtí eile Stáit chomh maith. I measc na dtionscadal a tugadh chun críche, bhí feistiú ar oifigí i mBaile Átha Cliath d'Ombudsman na Leanaí in Áras na Milaoise, 52 -56 Sráid na Trá Mhór, Baile Átha Cliath 1.

I measc na dtionscadal a bhfuiltear ar an suíomh leo, tá an t-athchóiriú ar oifigí in Ionad Setanta do na Coimisinéirí Ioncaim agus an fhorbairt as an nua don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i gCill Chainnigh.

I measc na dtograí a bhfuiltear i mbun na pleanála orthu, tá an t-athchóiriú ar oifigí don Údarás Uchtála i dTeach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath agus athchóiriú ar oifigí don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i Loch Garman.

Tosófar ar an obair thógála maidir le Ceanncheathrú Réigiúnach nua do Uiscebhealaí Éireann sa Scairbh, Co. an Chláir d'fhonn a thabhairt chun críche sa bhliain 2006.

Forais Chultúir/Maoin Oidhreachta

Completed	In Progress	In Planning
Athchóiriú ar Scoil Mharcaíochta; Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin,	Taispeántas Staire Míleata, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin	Athchoimisiúnú Teileascóp Bhiorra
Taispeántas Shackleton, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin,	Athchóiriú ar Uimh. 5 Sráid Laighean Theas, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	Athchóiriú ar Theach Peach, Áras an Uachtaráin
Athchóiriú ar 44-45 Cearnóg Mhuirfean do Chartlann Ailtireachta na hÉireann & Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann	Stóráil Íoslaigh, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann	Tionscnamh Cumarsáide, Áras an Uachtaráin
Crannlann JFK, Ros Mhic Thriúin - Saoráidí Foirne	Oibreacha Cur Faoi Chois Dóiteáin - Leabharlann Marsh	Athchóiriú ar Fhoirgnimh Stairiúla (Céimeanna 1 go dtí 4,6 & 10), Gailearaí Náisiúnta na hÉireann
Ionad Cuairteoirí Cheathrú Mhóir, Co. Shligigh		Teach Mhucrois, Cill Airne - Bealach Isteach do Dhaoine faoi Mhíchumas
Garinis, Co. Chorcaí - Uasghrádú ar Shaoráidí Foirne		Portach Chlóirtheach - Ionad nua do Chuairteoirí, Co. Uíbh Fhailí
		Baile Chruaich, Co. Mhaigh Eo - Ionad nua do Chuairteoirí
		Músaem Scoil Éanna - Athchóiriú
		Lóiste Flahive, An Gleann Garbh - Athchóiriú
		Teach Dinis, Cill Airne - Athchóiriú
		Soláthar Chóiríocht Oifige don NPWS - Cora Finne
		Soláthar Chóiríocht Oifige don NPWS ag Lagduff
		Páirc an Fhionnuisce, Gairdín le Balla ann - Athchóiriú
		Garraithe Náisiúnta na Lus - Athchóiriú ar Chactas, Lile & Teach Raithní
		Cúirt Ioma - soláthar seomra tae
		Caisleán Ráth Fearnáin - Clár Rochtaine Uilíoch
		Athfhorbairt ar Amharclann na Mainistreach ag Duga Sheoirse
		Tionscadal Dóiteáin, Slándála & Soilse Gailearaí in Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann
		Ceanncheathrú nua na Comhairle Oidhreachta, Cill Chainnigh
		Ceol-Áras Náisiúnta - Tionscadal Soilse Taobh Amuigh
		Amharclann Lios Dúin Bhearna/Áras Ealaíon

Aonad Tionscadal Speisialta.

Reáchtáladh oscailt oifigiúil an **tSaotharlann Stáit** nua 12,500m² an 23ú Bealtaine 2005. Tugadh chun críche go praiticiúil **coimpléacs na Saotharlann don Roinn Talmhaíochta & Bia atá** 25,000m² i mBealtaine 2005. Is thart ar €200m. an caiteachas iomlán atá i gceist ar choimpléacs Backweston.

Ceapadh go dtabharfaí obair thógála ar sholáthar **Cheanncheathrú nua Fhoras na Mara** €50m/11,000m² (tuairim) in Órán Mór, Co. na Gaillimhe chun críche ag deireadh 2005 ach deonadh síneadh ar chonradh ar iarratas ón gConraitheoir go dtí Feabhra 2006. Lean an próiseas Pleanála don **Phríomhfheirm Taighde Tréidliachta** nua i **Longtown Farm**, Claonadh, Co. Chill Dara a thiocfaidh in áit na saoráide faoi láthair i mBaile an Abba, Baile Átha Cliath don Roinn Talmhaíochta agus Bia ar aghaidh i rith na bliana agus fuarthas Cead Pleanála don Phríomhchonradh - atá comhdhéanta d'Fhoirgnimh Riaracháin, Clóis agus Seantáin agus saoráidí gaolmhara eile a chlúdóidh achar iomlán urláir thar 14,000m² - ó Chomhairle Chontae Chill Dara i nDeireadh Fómhair 2005.

Lár-Ionad Náisiúnta Comhdhála. Cuireadh an tionscadal casta seo de chuid na Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP) chun cinn go mór i rith na bliana. Tar éis na trí Thairiscint a fháil an 20ú Bealtaine 2005 agus tar éis próiseas measúnaithe forleathan chomhaontaigh an Rialtas le ceapachán beartaithe fheadhnacht Duga Spencer mar an Tairgtheoir Sealadach is fearr (PPT) chun an NCCD a Sholáthar. Cuireadh tús le caibidlíocht leis an bhfeadhnacht sin ansin le súil agus é a roghnú mar an Tairgtheoir is Fearr agus cuireadh tús le le Dámhadh an Chomhaontaithe Tionscadail (faoi réir cheadú an Rialtais) i Nollaig 2005 trí shraith cruinnithe Dlí/Tráchtála, Airgeadais agus Teicniúla. Seo a leanas an modh Fála Dearadh Tógáil Maoiniú Feidhmiú Cothabháil; íocfaidh an Stát as an tSaoráid thar 271/2 bliain trí Íocaíochtaí Aonadacha; níl aon chostas measta ar fáil de bharr nádúr fála an Ionaid.

Deoníodh Cead Pleanála i Nollaig 2004 faoin "**Clár: Ag Athrú Sócmhainní an Stáit**" de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí d'fhorbairt úsáid-mheasctha **Gheata Heuston** de 52,000m² ag Bóthar Eoin/An Bóthar Míleata Thoir ina mbeadh túr feiceálach 32 stór agus an Stáisiún Taiscéalaíochta (ar a dtugtaí Músaem na Leanaí roimhe seo) chomh maith le haonaid chónaithe agus mhiondíola, oifigí, Foirgneamh Mhúsaeim, Club Sláinte agus Saoráidí Cultúir eile, Bialanna, Teach Ósta agus Saoráid Chúram Leanaí. Rinne tríú páirtithe achomharc chuig an mBord Pleanála maidir leis an gCead. Cuireadh freagra Oifig na nOibreacha Poiblí maidir leis an Achomharc chuig an mBord Pleanála i Feabhra 2005. Fuarthas Cead Pleanála d'fhorbairt úsáid-mheasctha de c.52,000m² i Meitheamh 2005, le 32 Coinníoll. Tá cinneadh fós le déanamh maidir le conas leanúint ar aghaidh viz.a viz an Chead Pleanála a fuarthas, de bharr athlonnú (nó eile) an Ionaid Ríomhairí Ioncaim, carrchlós HSE etc.

Chuaigh an fhorbairt oifige nua de bhreis is 4,000m² atá beartaithe don Roinn Airgeadais ag **7-9 Rae Mhuirfean/Buannachtaí Míleata** i.e. an suíomh ar ar sheas foirgneamh Mhúsaeim na hÉireann tráth atá buailte le Reilig na nÚgónach agus leis na Buannachtaí Míleata ar Bhóthar Theas na bhFoirgneamh Rialtais, chun cinn go mór i rith 2005.Lorgaíodh tairiscintí do na hOibreacha Cumasaithe i.e. leagan/draenáil agus don Phríomhchonradh i 2005 agus socraíodh conradh do na hOibreacha Cumasaithe i mBealtaine 2005.

Samhlaítear go mbeidh na hOibreacha sin tugtha chun críche go déanach i Feabhra/go luath i Márta 2006 agus go mbeidh an Príomhchonradh á shocrú go gairid ina dhiaidh sin le bheith tugtha chun críche go déanach i 2007.Tionscadal casta a bheidh anseo ó thaobh bainistíochta de nuair a smaoinítear ar na baic loighistice atá air mar go bhfuil sé suite ar Rae Mhuirfean, áit a bhíonn an-ghnóthach, mar go bhfuil sé i ngar do Reilig na nÚgónach agus mar go bhfuil gné shlándála leis an gceangal, mar atá molta, leis na Foirgnimh Rialtais, ceangal a bheidh ag dul trí thollán faoin mBóthar ó Dheas. Mar sin féin, beidh an struchtúr 6 stór os cionn íoslach atá beartaithe a thógáil ar Bhuiséad Iomlán an Tionscadail de €24m mar fhoirgneamh luachmhar eile d'infrastruchtúr an Stáit.

Fuarthas Cead Pleanála don **Ionad Sábháilteachta Bia** 6,050m² (tuairim) atá beartaithe do 250 foireann den Roinn Talmhaíochta & Bia ag an gcoimpléacs faoi láthair ag **Backweston** i nDeireadh Fómhair 2005 agus lorgaíodh tairiscintí don Príomhchonradh, do na Conarthaí Meicniúla, Leictreachais agus Tógála i Nollaig 2005.

Iarradh ar an Aonad Tionscadal Speisialta go déanach i 2005 maoirsiú a dhéanamh ar **athfhorbairt Oifig Assay** atá lonnaithe i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. [Tá Cuideachta na nGabha Óir in Oifig Assay - an ceann is deireanaí de Chullachtaí na Cathrach; bunaíodh iad faoi Chairt Ríoga faoi Shéarlas 1 an 22ú Nollaig 1637 agus táthar i mbun gnó go leanúnach ó shin agus i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ó 1925]. Tá cóiríocht Oifig Assay i ndrochchaoi anois, agus níltear ag cloí le caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta reatha ach oiread maidir leis na próisis tástála scriosacha a úsáideann siad ina gcuid oibre. Fuair Oifig Assay Cead Pleanála, i 2003, do thionscadal athchóirithe agus ina mbeidh cuid de na foirgnimh aon stór reatha á leagan, an foirgneamh liostaithe coimeádta á chaomhnú agus á athchóiriú go dtí na caighdeáin chaomhnaithe is fearr, íoslach nua á thógáil faoin bhfoirgneamh coimeádta agus dhá stór á thógáil os cionn an tsíneadh ar an íoslach. Dhaingnigh Oifig na nOibreacha Poiblí Smachtbhanna na Roinne Airgeadais, do bhainistiú thionscadal athchóirithe Oifig Assay ó Vóta Oifig na nOibreacha Poiblí, faoi réir chomhaontú idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus Oifig Assay maidir le hardú suntasach ar chíos iníoctha ag an AO le Oifig na nOibreacha Poiblí ó thaobh cóiríochta. Ceapadh An tAonad Tionscadal Speisialta mar Bhainisteoirí Tionscadail i rith 2005 agus lean siad i gcomhar leis an bhFoireann Dearaidh ag ullmhú cáipéisíocht tairisceana i rith 2005. Fuarthas Léiriú Spéise ó Chonraitheoirí an 21ú Nollaig 2005 agus déanfar an tionscadal a chur chun cinn chuig céim thairisceana go luath i 2006. Samhlaítear tréimhse thógála de 15-18 mí don chonradh.

De thoradh saoráid Phríosún Mhuinseo a athlonnú chuig Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath (Halla Thornton), d'iarr An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar Oifig na nOibreacha Poiblí, dul i mbun próisis, maidir le Suíomh **Phríosún Mhuinseo** 7.9ha, chun a phoitéinseal athfhorbartha agus an luach is mó ar an margadh a aimsiú. Chun nithe a bhrú chun cinn, bunaíodh Foireann Tionscadail (PT) san Aonad Tionscadal Speisialta agus comhaontaíodh go mbeadh gá le seirbhísí na Foirne Ildhisciplíneach, chun Máistirphlean a tháirgeadh d'athfhorbairt an tSuímh, chun a roghnú cibé Máistirphlean a bheadh le cur faoi bhráid Iarratais Phleanála chuig Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath (DCC). Áirítear Iarratas Pleanála a chur faoi bhráid Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath le Scóp na nOibreacha don Tionscadal, ag lorg Cead Pleanála iomlán (10 mbliana is dócha) ar mhaithe le hathfhorbairt ar shuíomh 7.9ha an phríosúin, agus ní mór go mbeadh Máistirphlean Suímh agus Measúnú Tionchair Timpeallachta in éineacht leis an Iarratas. Beidh ar an Iarratas cloí le maoin stairiúil laistigh den Stát, aitheantas a thabhairt do chomhthéacs an tSuímh laistigh de limistéar thuaisceart na cathrach, an phobail máguaird agus an chathair go ginearálta.

Tá athruithe ar an **nGeata Thoir den RHK** ag an mBóthar Míleata riachtanach mar thoradh ar: -

oibreacha leathnaithe bóthair ar an mBóthar Míleata (de bharr Thionscadail an Gheata Thiar/Gheata Heuston). Imní Sláinte & Sábháilteachta maidir leis an IMMA ó thaobh cuairteoirí ag dul isteach sa Mhúsaem. Iniúchadh Inrochtana ar fhoirgnimh agus ar thalamh RHK ag Iniúchóir Inrochtana Oifigeach na nOibreacha Poiblí a léirigh, *inter alia*, nádúr contúirteach an bhealaigh isteach faoi láthair.

Lorgaíodh Cead Pleanála do na hAthruithe an 3ú Meitheamh 2005; fuarthas Iarratas ar Eolas Breise ó Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath, an 2 Meán Fómhair 2005 agus freagraíodh sin an 4 Samhain 2005. Táthar ag súil le cinneadh deiridh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in Eanáir 2006.

Lean an tAonad air ag gníomhú mar **Chomhairleoirí Teicniúla don Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta (DAST)** maidir leis an bhforbairt atá molta ar an Staidiam Náisiúnta. Bheartaigh an

Rialtas i mí Eanáir 2004 tacaíocht airgeadais - €191m - a thabhairt chun athfhorbairt a dhéanamh ar Bhóthar Lansdúin le Staidiam 50,000 duine, faoi shuíocháin go hiomlán, faoi chomh-urraíocht an IRFU agus an FAI. Bhunaigh an dá Chomhlacht spóirt sin Comhchuideachta fiontair go luath sa bhliain 2004, Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lansdúin Teoranta, (CFSBL) chun an athfhorbairt a chinntiú agus chun na Foirne Bainistíochta/Dearaidh Tionscadail ceaptha CFSBL a fháil don Tionscadal i 2005. Bhí an tAonad i ndlúthcheangal le Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lansdúin Teoranta agus leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta maidir le gach aon ní a bhaineann le cur i gcrích na seirbhísí Dearaidh agus Bainistíochta Tionscadal sa chomhthéacs sin m.sh. cáipéisíocht, freastal ar agallaimh agus meastóireacht ar aighneachtaí ó Chomhairleoirí. Bhí cáipéisíocht maidir leis an Iarratas Pleanála beagnach tugtha chun críche ag Cuideachta Forbartha Staidiam Bhóthar Lansdúin Teoranta faoi dheireadh 2005. Lean An tAonad Tionscadal Speisialta ag tabhairt comhairle don Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta i rith na bliana maidir leis na roghanna fála éagsúla a bhí á mbreithniú.

Mar chuid dá Chinneadh tacú le hathfhorbairt Bhóthar Lansdúin, thiomnaigh an Rialtas freisin, fad is a cheadódh acmhainní airgid dó, d'fhorbairt **Champas Spóirt i mBaile an Abba**. Tá tacaíocht lena n-áirítear tacaíocht leighis, taighde agus traenála d'fhorbairt lúthchleasaithe den scoth móide saoráidí riaracháin do chomhlachtaí níos lú spóirt, i dteannta raon de shaoráidí eile lena n-áirítear páirceanna imeartha agus traenála i gceist don Champas. Tá an Campas i mBaile an Abba le cur i gcrích ag Forbairt Champas agus Staidiam na hÉireann Teo.(CSID) agus cheadaigh an Rialtas a bPlean Rialaithe Forbartha don suíomh iomlán i Samhain 2005. Molann an DCP gur chóir na saoráidí spóirt a fhorbairt i 2 Chéim; Céim 1 chun saoráidí tiomanta do thraenáil agus do chomórtais spóirt ardfheidhmíochta, saoráidí d'imeachtaí ollmhóra, saoráid eolaíochta agus spóirt den scoth agus suíomh den scoth d'eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí spóirt na hÉireann, agus áirítear le Céim 2 saoráidí oifige/cóiríochta NGB laistigh roinnt de na foirgnimh reatha athchóirithe etc. Tá Buiséad Iomlán de Chéim 1 thart ar €120m ann. Samhlaíonn Forbairt Champas agus Staidiam na hÉireann Teo. go mbeidh an tSaoráid á maoiniú le meascán de Dheontais Stáit, Ranníoca Caipitil ó NGBanna, Comhairle Chontae Fhine Gall agus Díol/Léas talamh breise. Chuir an tAonad Tionscadal Speisialta le gnéithe éagsúla den DCP. Is é ról an Aonaid Tionscadal Speisialta i ndáil leis an Tionscadal a bheith mar Chomhairleoirí Teicniúla don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta/d'Fhorbairt Champas agus Staidiam na hÉireann Teo.

Soláthraíonn an tAonad Tionscadal Speisialta comhairle faoi láthair ar Thionscadail a dhéantar mar chuid de **Chlár Caipitil Spóirt na Roinne Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta,** agus tá Deontas os cionn €150,000, d'fhorbairt áirithe ceadaithe. Baineann na seirbhísí a chuirtear ar fáil, lena n-áirítear comhairle a sholáthar ar oibreacha a dhéantar ar pháirceanna CLG agus FAI (lena n-áirítear páirceanna Shraith Eircom), Linnte Snámha etc, den chuid is mó le scrúdú a dhéanamh ar cháipéisíocht lena chinntiú go bhfreastalaíonn na hoibreacha a fhaigheann cúnamh Deontais ar na ceanglais Reachtúla ar fad faoi na hAchtanna Pleanála, Acht Foirgníochta (Sábhailteacht Dóiteáin) agus Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta ag an Obair (Foirgníocht) etc. Tar éis an scrúdú de ghnáth ach na ceanglais riachtanacha ar fad a bheith á gcomhlíonadh, déantar moladh, chuig An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, le cur ar chumas an Deontaí an conradh a thabhairt don Tairiscint a n-éireoidh leis. Déanann an tAonad Tionscadal Speisialta scrúdú agus deimhniú ina dhiaidh sin, chuig An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Tuarasóireachta, ar gach iarratas ar íocaíocht tráthchodanna den Deontas. Ní dhéanann an tAonad Tionscadal Speisialta scrúdú ar na hoibreacha tógála ó thaobh cáilíochta, Sláinte & Sábháilteachta ná ó aon taobh eile, mar is ar an Deontaí (Club Spóirt), a bhFoirne Dearaidh agus a gConraitheoir a bhíonn na freagrachtaí sin.

Clár Díláraithe

Rinneadh Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail dul chun cinn suntasach i bhfeidhmiú Chlár Díláraithe an Rialtais i rith 2005. Tá níos mó ná 40 tionscadal Roinne/Gníomhaireachta ann atá ag céim Forbartha Tionscadail nó a bhfuil céim Tairisceana bainte amach acu, lena n-áirítear an 8 foirgneamh go léir atá molta mar Cheanncheathrú. Tá dhá thionscadal bhreise ar bun, ie. ar an suíomh.

€39.4m an Caiteachas Iomlán a rinne an tAonad Tionscadal Speisialta don bhliain 2005			
Tugtha chun críche	**Ar bun**	**Ag Céim Cead Pleanála/Tairisceana**	**Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach**
Athlonnú Shaotharlann na Roinne Talmhaíochta agus Bia (Agrai-Shaotharlanna) ó Bhaile an Abba go Backweston	Athlonnú Cheanncheathrú Fhoras na Mara go Gaillimh	Soláthar Cóiríochta don Roinn Airgeadais ag 7-9 Rae Mhuirfean (Príomhchonradh)	Lár-Ionad Náisiúnta Comhdhála.
	Soláthar Cóiríochta don Roinn Airgeadais ag 7-9 Rae Mhuirfean (Oibreacha Cumasaithe)	Forbairt molta ag an nGeata Heuston Thiar ar shuímh Bhóthar Eoin/An Bhóthair Mhíleata	
		Saoráid Feirme na Roinne Talmhaíochta & Bia i Longtown, Claonadh, Co. Chill Dara.	
		Oifig Assay Athfhorbairt Phríosún Mhuinseo Foráil do chóiríocht oifige don Roinn Talmhaíochta & Bia ag Backweston	

EXPO 2005

Bhí Expo 2005, a rinneadh ceiliúradh ar 'Chríonnacht an Nádúir', ar siúl in Aichi na Seapáine ó Mhárta go Meán Fómhair 2005.

Bhí rannpháirtíocht na hÉireann faoi cheannas Roinn an Taoisigh. D'iarr Roinn an Taoisigh ar Oifig na nOibreacha Poiblí bainistiú a dhéanamh ar ghnéithe tógála agus cóirithe an tionscadail.

Is éard a bhí mar chroílár Pavilion /Áras na hÉireann rogha de sé mhacasamhail d'Ardchrosa a bhí ar iasacht ó Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is ón 6ú - 12ú haois iad na crosa. Rinneadh na macasamhla go deireanach sa 19 ú céad /go luath sa 20 ú céad agus b'éigean iad a atógáil agus a dheisiú le taispeáint sa tSeapáin. Spreag na samhlaoidí saibhre ar na crosa taispeántas ilmheán san Áras a chuir tréimhse 5,000 bliana de chruthaíocht na hÉireann i láthair.

Rinneadh na Crosa a dheisiú agus a athchóiriú in Ard-Mhusaem na hÉireann ag Dún Uí Choileáin. Seoladh chun na Seapáine ar bord loinge iad i 27 bosca agus chuir foireann Oifig na nOibreacha Poiblí agus Ard-Mhusaem na hÉireann le chéile arís iad san Áras. Rinneadh foireann Oifig na nOibreacha Poiblí SCF na Crosa a dheisiú agus a atógáil ionas go bhféadfaí iad a chur ar ais chuig Ard-Mhusaem na hÉireann nuair a bheadh an Expo thart.

I dteannta na gCros, chuir an tÁras macasamhla eile de thaisce na hÉireann i láthair ar nós Cros Conga agus Leabhar Ceanannais. Codarsnacht a bhí iontu le péinteáil, dealbhóireacht, ailtireacht, ceardaíocht, faisean, litríocht, drámaíocht, scannáin agus ceol comhaimseartha na hÉireann a cuireadh i láthair freisin. Chuir spás closamhairc raon tionscnamh comhshaoil Éireannach tábhachtach i láthair.

Ba í Oifig na nOibreacha Poiblí a rinne gach gné de thógáil an Árais/Pavilion a chomhordú agus a stiúradh. Ba iad Martello Media, Cuas an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath a rinne an taispeántas a dhearadh agus a ullmhú agus ba é Asatsu-DK Inc, an tSeapán, a thóg é.

Leag Roinn an Taoisigh amach buiséad de €4m d'EXPO 2005. Áiríodh air sin an taispeántas a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil, costais foirne in Áras na hÉireann go dtí deireadh mhí Meán Fómhair 2005 agus maoiniú an chláir i rith thréimhse oibríochta an Expo.

Soláthraíonn cleachtas ailtireachta Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhís den cheád scoth. Soláthraítear seirbhís chuimsitheach dearaidh agus bhainistiú tionscadal do thionscadail tógála san earnáil phoiblí, seirbhís bhainistiú caomhnaithe agus comhairleach agus cuireann siad comhairle neamhspleách ar an Rialtas faoi shaincheisteanna ailtireachta.

Trí oibriú go dlúth leis na Rannóga Innealtóireachta Struchtúrtha agus Meicniúla agus Leictreachais de chuid Aonad Gnó na Seirbhísí Innealtóireachta agus le Rannóg na Suirbhéireachta Cainníochta tairgeann siad seirbhís iomlán idirdhisciplíneach intí dá gcustaiméirí.

Tá clú agus cáil ar na Seirbhísí Ailtireachta as a gcaighdeán agus a ngairmiúlacht mar atá léirithe ag an iliomad gradam atá gnóthaithe acu.

Tá córas bhainistiú cuimsitheach forbartha ag an gcleachtas a bhfuil creidiúnú ISO 9002 aige agus cuireann sé cuntais bhliantúla ar fáil a léiríonn go rialta na Seirbhísí Ailtireachta ag feidhmiú ar fharasbarr barúlach.

Áirítear ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil dár gcustaiméirí:

- Seirbhís iomlán sa dearadh agus sa bhainistiú tógála a sholáthar
- Staidéar féidearthachta agus tuarascálacha ar thionscadail
- An chéad choimre a fhorbairt
- Comhairle faoin gcéad chuid den tógáil agus faoi chostais fhadsaoil
- Comhairle ar shaincheisteanna a bhaineann le rialachán pleanála agus tógála
- Comhairle ar shláinte agus ar shábháilteacht
- Comhairle faoi mhodhanna caomhnaithe agus faoi nósanna imeachta
- Comhairle faoi rochtain ar thimpeallacht tógtha

Tá saineolas faighte ag an gcleachtas i roinnt mhaith réimsí:

- Cóiríocht nua-aimseartha oifige
- Maoin oidhreachta a chaomhnú agus a athchóiriú
- Foirgnimh Phríosúin
- Foirgnimh don Gharda Síochána
- Oifigí Poiblí agus Ranna Rialtais
- Rochtain phoiblí ar shuímh oidhreachta
- Dearadh Taispeántais

Portfóilió na dTionscadal

De ghnáth is léiriú ar an méid oibre a bhíonn idir lámha ag na Seirbhísí Ailtireachta luach phortfóilió na dTionscadal. Bhí na Seirbhísí Ailtireachta rannpháirteach in obair bhreise shubstaintiúil maidir leis an gclár díláraithe i rith 2005 áfach. Áirítear air sin forbairt dhearaidh Ceanncheathrú nua Oifig na nOibreacha Poiblí i mBaile Átha Troim, Co. na Mí tar éis comórtas dearadh intí. Sa chás go ndeachaigh obair an chlár díláraithe chun cinn ón gcéim scrúdaitheach agus anailíseach go dtí stádas tionscadail, tá a luach san áireamh sa chlár oibre. Bhí 374 tionscadal sa chlár oibre don bhliain 2005 agus luach 1.552 billiún leo go léir in éineacht.

Tháinig athrú ar an dul chun cinn a bhí leagtha síos do roinnt áirithe de na tionscadail i rith na bliana mar go raibh tosaíochtaí an chliaint ag athrú. Cé gur cuireadh 84 tionscadal leis an gclár, baineadh roinnt áirithe mórthionscadal den chlár freisin agus d'fhág sin gurbh €1.635 billiún, don 409 tionscadal ar láimh, luach an aschuir ag deireadh na bliana.

Teach na Pailme Garraithe Náisiúnta na Lus, Baile Átha Cliath.

Tar éis iarratas ó Oifig na nOibreacha Poiblí le saoráidí breise a sholáthar chun freastal ar chinneadh an Rialtais 200 Gardaí breise a earcú, d'fhreagair Seirbhísí Ailtireachta le clár dearaidh agus tógála luathaithe. Críochnaíodh na foirgnimh nach beag i 2005 in am do thús a chur le tionscadal 20m chun go mbeidh an saoráid ábalta feidhmiú go hiomlán.

Forbairt Leanúnach Ghairmiúil (FLG)

Rinneadh anailís ar thaifid foirne ar Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil mar chuid d'Iniúchadh ISO cuimsitheach ar Sheirbhísí Ailtireachta i Nollaig 2005. Tugadh ar aird gurbh 34 uair an chloig an meánlíon na n-uaire oiliúna san Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil a chuir comhaltaí foirne aonair isteach. Sháraigh sin figiúir 2004 de 28 uair an chloig agus ba 25 uair an chloig oiliúna an sprioc san Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil.
Tháinig ardú ar laethanta oiliúna in aghaidh na foirne ó trí lá go leith i 2004 go dtí ceithre lá go leith i 2005.

Leanadh den Chlár ar Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil i 2005 agus áirítear idir oiliúint agus imeachtaí eile

- Rannpháirtíocht ag foirne Ailtireachta roghnaithe ag Pleanáil & Dearadh i Seimineár Forbartha Oidhreachta i gcomhar leis an DoE.
- Sraith léachtaí agus cúrsaí athnuachana ceadaithe ag an RIAI, do chomhaltaí foirne roghnaithe, ar Shláinte agus ar Shábháilteacht agus ar Reachtaíocht na Pleanála.
- Creidiúnú Safepass do 45 comhalta foirne breise lena n-áirítear na Céimithe Ailtireachta.
- Seimineáir agus cúrsaí lae do chomhaltaí aonair den fhoireann ar Shábháilteacht Dóiteáin i bhfoirgnimh Stairiúla, Innealtóireacht Caomhnaithe, Díonta Stairiúla agus Rindreáil Athchóirithe Caomhnaithe i gcomhar le hIontaobhas Sibhialta Bhaile Átha Cliath agus Cumann Seoirse na hÉireann.
- Rannpháirtíocht foirne roghnaithe Ailtireachta ag Comhdháil Gairdíní Stairiúla i gCaisleán Bhaile Átha Cliath
- Rannpháirtíocht foirne roghnaithe ag Comhdháil Bhliantúil Thithe Stairiúla na hÉireann.
- Mioneolas dlí ar an Acht Sláinte agus Sábháilteachta ag an Obair, 2005.
- Cuireadh oiliúint ar 12 comhalta foirne buan breise mar Iniúchóirí Rochtaine faoin gclár Ollscoil Uladh.
- D'fhreastail foireann bainistíochta Ailtireachta shinsearach ar chomhdhálacha maidir le, Beartas Comhshaoil Eorpach, Comhdháil Gnóthaí Poiblí ar Dílárú, Measúnú Comhshaoil Straitéiseach.
- Fuair Foireann Ailtireachta roghnaithe oiliúint i Measúnú BREEAM d'oifigí, ag an Building Research Establishment in Watford, Sasana.
- Thug cuideachtaí a raibh creidiúnú cuí RIAI nó RIBA cuir i láthair Powerpoint éagsúla Teiciúla agus Trádála don fhoireann Ailtireachta ar feadh 2005.

Clár Oiliúna Céimithe

Bunaíodh Clár nua Oiliúna Céimithe RIAI/OPW i 2004. Tá 17 céimí in Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair agus tá ar a cumas 20 céimí san iomlán a thógáil.

Tá sé i gceist leis an gclár oiliúna an taithí atá riachtanach do scrúdú RIAI/OÉ sa chleachtadh gairmiúil a chur ar fáil agus fad is a bhí na céimithe istigh leis na Seirbhísí Ailtireachta, tá tionchar dearfach acu ar dhearadh agus ar fhorbairt tionscadal éagsúil.

Caomhnú

Lean an tAonad Caomhnaithe le raon de thionscadail taighde ar chaomhnú, mar aon le mórthionscadail tógála a bhain le caomhnú, a chur i gcrích, áirítear orthu:

- Bunachar sonraí ar aolchloch don tógáil a fhorbairt i bpáirt leis an tSaotharlann Stáit agus le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
- Taighde a bhaineann le caomhnú ar phéinteanna stairiúla i gcomhaonú leis an tSaotharlann Stáit.
- Clár taighde a fhorbairt agus clár comhoibritheoirí a bhunú chun tabhairt faoi roinnt na hoibre in ábhair a bhaineann go sainiúil leis an gcleachtadh: sábháilteacht dóiteáin (foirgnimh stairiúla); oibreacha iarainn a chaomhnú; gaothrú laistigh d'fhoirgnimh stairiúla agus modheolaíochtaí athchóirithe adhmaid inbhuanaithe do shiúinéireacht stairiúil
- Na hidirghabhálacha sna Maoine Stairiúla agus sna Struchtúir Chosanta eile a chur ar taifead agus i bhfoirm cáipéise i gcomhar le Scoil na hAiltireachta, Ollscoile na hÉireann, Baile Átha Cliath.

Polasaí ar Fhorbairt Inbhuanaithe agus ar Bhealaí Rochtana do gach Duine

- Lean SD+ UA de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (An Grúpa Oibre ar Dhearadh Inbhuanaithe agus ar Bhealaí Rochtana do Gach Duine) ag leanúint dá thaighde i dtaca le scothchleachtas, modhanna agus caighdeáin de na Seirbhísí Ailtireachta agus thugadar comhairle maidir leis an gClár FLG.
- Tá Liosta Seiceála an Dearaidh Ghlais, uirlis féin-iniúchta, ar fáil ar an inlíon chun cuidiú le próiseas an dearaidh ag céimeanna éagsúla.
- Tá an Liosta Seiceála Iniúchta ar Bhealaí Rochtana ar fáil ar shuíomh inlín Oifig na nOibreacha Poiblí chun cuidiú le dearthóirí iniúchadh a dhéanamh chun cloí le rialacháin reachtúla reatha don tógáil.
- I rith na bliana 2005 d'fhreastail beirt ailtirí (in éineacht le beirt Innealtóirí M+E) ar chúrsa ar Iniúchadh Comhshaoil BREEAM ag an BRE.
- Tá fiche cúig d'iniúchóirí cáilithe rochtana ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair chun cuidiú le hiniúchadh a dhéanamh, ar iarratas ó Roinn Rialtais, ar fhoirgnimh atá i bportfóiló maoine an Stáit.
- I rith na bliana 2005 chuir an Grúpa Oibre SD +UA cuidiú agus comhairle ar fáil i dtaca le forbairt an aschuir chineálaigh shonraithe a mbeadh úsáid le baint as i gClár Díláraithe an Rialtais agus tionscadail PPP eile.

Tá foireann ó réimse disciplíní innealtóireachta ag an aonad gnó seo a chuireann seirbhísí agus comhairle innealtóireachta ar fáil i réimsí na hinnealtóireachta sibhialta, meicniúla agus leictreachais agus hidriméadraigh maidir lena chlár oibre féin agus clár oibre aonaid ghnó eile de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí.

Clár an Bheartais faoi Thuillte

D'ainmnigh an Rialtas Oifig na nOibreacha Poiblí mar Phríomhghníomhaireacht maidir le cúrsaí tuillte sa bhliain 2004 agus táthar ag tabhairt faoi chlár ilghnéitheach atá dírithe ar an mbaol agus an turraing ó thuillte ar fud na tíre a mhaolú. Cuirfidh Seirbhísí Innealtóireachta an clár i bhfeidhm as seo go ceann roinnt blianta, i gcomhar le geallsealbhóirí eile, gníomhaireachtaí stáite den chuid is mó, nuair is cuí sin. Faoi dheireadh na bliana 2005, bhí dul chun cinn mar seo a leanas déanta ar an gclár a chur i bhfeidhm:

An Clár chun an Tuairisc Staidéir ar Thuilte a thabhairt cothrom le Dáta

Táthar amach go maith sa chlár seo agus coimisiúnú déanta maidir le líon áirithe conarthaí faoi ullmhú, taighde agus forbairt ar shonraí agus roinnt acu sin curtha i gcrích. Eiseofar tuilleadh conarthaí maidir le taighde agus le forbairt ar chórais eolais sna blianta 2006 agus 2007.

Athbhreithniú Straitéiseach ar an gClár Monatóireachta Hidriméadraí

Tá an buntogra taighde agus breithnithe (óna n-eascróidh an plean monatóireachta straitéisí) agus plécháipéis ullmhaithe d'fhonn a athbhreithnithe ag Grúpa Stiúrtha na ngeallsealbhóirí a bheidh ag déanamh maoirseachta maidir leis an gClár.

Clár Taighde agus Forbartha

Tá creat riaracháin imlíneach tugtha chun cinn don Chlár Taighde agus Forbartha agus meastar go dtosófar á chur i bhfeidhm i rith na bliana 2006.

Clár na Mapála ar Bhaol Tuilte

Táthar ag teannadh le deireadh Chéim I de Chlár na Mapála ar Bhaol Tuilte agus é i gceist an suíomh idirlín (ar a mbeidh sonraí stairiúla agus ionchais faoi bhaol tuilte agus smacht i bhfeidhm mar gheall ar chaighdeán na sonraí) a chur sa siúl i rith samhradh na bliana 2006.

Déanfar cuid shlán den Chlár Pleanála maidir le Bainistíocht ar Bhaol Tuilte in Abhrantrachtaí (féach thíos) de Chéim II an Chláir seo.

Clár Pleanála maidir le Bainistíocht ar Bhaol Tuilte in Abhantrachtaí

Tá sonraíocht ullmhaithe agus tairiscintí iarrtha maidir le staidéir phíolótacha faoi Staidéar ar Mheasúnú Baoil agus ar Bhainistíocht maidir le Tuilte (modh chur i bhfeidhm an Chláir) i gcás abhtrachtaí na Laoi agus na Dothra. Tá ullmháchán á dhéanamh maidir le staidéar den chineál céanna, a dhéanfaí go hinmheánach, i gcás Abhantracht na Siúire. Tá staidéar logánta ar siúl i gcás Thulach Mhóir agus Chúl an tSúdaire i bhfianaise an bhrú suntasach ó fhorbairt. Tá na staidéir á n-eagrú de réir an tsárchleachtais reatha go hidirnáisiúnta agus mholtaí de chuid an AE maidir le measúnú agus bainistíocht ar bhaol tuilte atá ag teacht chun cinn.

Tá ullmhúchán ar siúl do choimisiúnú ar shuirbhé aeir ar réimsí suntasacha tuilemhá ar fud na tíre a bhfuil gá leis mar chloch bhoinn faoin gClár seo. Táthar ag beartú gur i gcomhar le geallsealbhóirí eile a thabharfar faoin gconradh don tsuirbhé sin.

Clár Tuartha agus Rabhaidh maidir le Tuilte

Tá córais chun tuilte a thuar á dtabhairt chun cinn agus á dtástáil maidir le Mala, Mainistir Fhear Maí agus Cluain Meala mar chuid de na scéimeanna fóirithinte tuilte atá á gcur i bhfeidhm sna bailte sin agus atá ag brath ar rabhadh maidir le tuilte.

Clár chun an Fhóirithint Éigeandála a thabhairt chun cinn

Tá OOP i mbun togra a thionscnamh chun treoirlínte a ullmhú maidir le pleananna don fhóirithint éigeandála i gcás tuilte a ullmhú, i gcomhar leis na geallsealbhóirí cuí.

Clár Fheasacht agus Airdeall an Phobail

Foilsíodh an bróisiúr agus an suíomh idirlín (www.flooding.ie) maidir le feasacht ghinearálta agus airdeall i mí na Nollag 2005 agus táthar ag treisiú leo le feachtas fógraíochta leanúnach.

Clár maidir le Pleanáil agus Bainistíocht ar Fhorbairt

Tionscnaíodh plé tríthaobhach idir OOP, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha faoin mbaol ó thuilte a thabhairt san áireamh i gcúrsaí pleanála agus sa bhainistíocht ar fhorbairt.

Clár Ainmniúchán na gCainéal Ghéarchontúirte

Cuireadh tús le meas ar mhodhanna a bhféadfaí tabhairt faoi chainéil ghéarchontúirte a ainmniú agus ar cheisteanna reachtaíochta a d'fhéadfadh a theacht i gceist le próiseas dá leithéid.

Ord tábhachta don chaiteachas

Bunaíodh dréachtchórais trína bhféadfaí ord tábhachta a shocrú maidir le cláir agus scéimeanna agus tá siad á gcur faoi thástáil, athbhreithniú agus sainchóiriú faoi láthair.

Clár maidir le Bunachar Sonraí faoi Shócmhainní agus le Bainistíocht

Tá bunachar sonraí faoi shócmhainní cosanta a thabhairt chun cinn luaite mar mhír sa tsonraíocht a ullmhaíodh do cheann de na Staidéir píolótacha ar Mheasúnú Baoil agus ar Bhainistíocht maidir le Tuilte d'fhonn a úsáid mar chuid den staidéar sin agus ar fud na tíre.

Clár maidir le Nós Fóirithinte OOP i gcás Tuilte a thabhairt chun cinn

Tá nós imeachta dréachtaithe d'fhóirithint OOP i gcás tuilte agus é faoi athbhreithniú.

Seirbhís Ardchaighdeáin

- Bhain Seirbhísí Innealtóireachta creidiúnú amach le scéim oiliúna Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúlachta Institiúid Innealtóirí Éireann maidir le lucht foirne ghairme agus theicniúil.

  Choinnigh gach brainse de chuid Sheirbhísí Innealtóireachta a raibh creidiúnú chaighdeán ISO 9001 acu cheana féin an stádas sin tar éis iniúchta seachtraigh a rinneadh i rith na bliana 2005.

- Thug an Brainse Cothabhála Draenála an t-ullmhúchán maidir le creidiúnú chaighdeán ISO 18001 (Sláinte & Sábháilteacht) a lorg chun críche.

- Léirigh an clár monatóireachta ar shásamh an chustaiméara sa Rannóg Cothabhála Draenála ráta ard maidir le sásamh na gcliant arís.

- The customer satisfaction-monitoring programme in Drainage Maintenance Division again yielded a high satisfaction rating from clients.

Seo a leanas príomhbhearta oibre agus príomhthorthaí eile Sheirbhísí Innealtóireachta i rith na bliana:-

	Réigiún an Oirthir		Réigiún an Iarthair		Réigiún an Iardheiscirt		Iomlán	
	2004	**2005**	**2004**	**2005**	**2004**	**2005**	**2004**	**2005**
Príomhchainéil (km)	59	94	221	178	123	98	403	370
Mionchainéil (km)	869	894	536	537	523	507	1928	1938
Deisiú / athsholáthar ar struchtúir	58	107	66	66	109	113	233	286
Iarratais maidir le droichid a fhorbairt	31	147	142	35	78	95	351	277
Foireann saothair (ar an 31 Nollaig)	120	121	98	95	72	71	291	287
Caiteachas ar chothabháil (€m)	5.9	5.9	4.9	5.2	4.6	4.6	15.4	15.7

Cothabháil Draenála

Gné neamhghnách de chlár an obair chothabhála i rith na bliana 2005 a bhí san obair ar Chanál na Gaillimhe. Tá athchóiriú ar uiscebhealaí Chathair na Gaillimhe ar cheann de chuspóirí Ghrúpa an Chomhshaoil Nádúrtha agus na nUiscebhealach ag Bord Forbhartha Chathair na Gaillimhe a bhfuil OOP ina chomhalta de. Rinneadh scéim phíolótach i rith na bliana maidir le píosa 420m ar fhaid de Chanál Bhealach an Oirthir ina raibh páirt ag OOP, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair. Glanadh gláir agus bruscair, díonacht mar a raibh uisce á ligean tríd agus athphointeáil agus athnuachan ar obair chloiche a bhain leis an togra. Lean an obair ar feadh timpeall is 12 seachtaine agus bhain costas timpeall is €90,000 leis.

An tAonad Comhshaoil

Rinne an tAonad Comhshaoil i rith na bliana 2005:

- Comhordú ar aighneacht de chuid OOP maidir le stádas an Phlean Náisiúnta Bithéagsúlachta.

- Cáipéis straitéise a dhréachtadh ina leagtar amach clár ilbhliana de staidéir éagsúla maidir le hoibríochtaí Chothabháil Draenála OOP a bhaineann le suíomhanna cosanta de réir deimhniú an AE.

- Leathnú ar chlár taighde reatha d'fhonn speicis chosanta breise a thabhairt isteach faoina scáth.

- Coimisiúnú ar Mheasúnú ar Thionchar Eiceolaíochta ar Phortaigh Crochta.

- Nós Imeachta Caighdeánach Oibre a chur le chéile maidir le Diúilicíní Riabhacha d'fhonn a úsáid ag foireann oibre de chuid OOP agus ag geallsealbhóirí comhshaoil.

- Córas mionsonraithe a chur le chéile d'fhonn cainéil dhraenála de chuid OOP a thabhairt faoi deara i Limistéir Speisialta Caomhnaithe agus i Limistéir Speisialta Cosanta.

Innealtóireacht Mheicniúil

Ceannaíodh trealamh agus feithiclí nua ar chostas €0.9 mar chuid de chlár bainistíochta leanúnach innealra.

Chomh maith le hobair ag treisiú le hoibríochtaí draenála Sheirbhísí Innealtóireachta e.g. loc-chomhlaí agus báid fhíailí etc. a dhéanamh, chuir na Lárcheardlanna Innealtóireachta tionscadail eile i gcrích d'aonaid ghnó eile de chuid OOP agus d'eagrais sheachtracha, lena n-áirítear:-

Páirc an Fhionnuisce: Rinneadh Geataí na Cabraí a bhaint anuas, a dheisiú agus a chrochadh ar ais; rinneadh ráillí a cuireadh timpeall ar loch Ghairdín na nDaoine; tosaíodh ar an obair chun fad timpeall is 2Km de ráillí imill a dhéanamh le cur thart ar Áras an Uachtaráin

Na Ceithre Chúirteanna: Obair ar siúl maidir le hathchóiriú ar sheangheataí agus ar sheanráillí os comhair na n-áitreabh.

Caladh Bheann Éadair: Cuireadh bóthar iarainn nua isteach ar ardán an tsioncro-ardaitheora.

Caladh Bhaile Chaisleáin Bhéarra: Gránchóiriú agus péinteáil ar an sioncró-ardaitheoir.

Leanadh le seirbhís reachtúil cigireachta a chur ar fáil maidir le gléasra meichniúil.

Hidreolaíocht & Hidriméadraic

Bailiú sonraí himriméadracha

Ag deireadh na bliana 2005, bhí sonraí á mbailiú ag 354 stáisiún tomhais hidriméadraigh ar fud na tíre (293 stáisiún buan agus 61 stáisiún a bhaineann le tionscadail ar leith).

Iarratais ar shonraí hidreolaíochta

D'fhreagair an Brainse 368 iarratas ar shonraí nó eolas i rith na bliana 2005, ardú 44% ar líon na n-iarratas sa bhliain 2004. Rinneadh próiseáil ar 97% de na hiarratais taobh istigh de 7 lá óna dteacht. Cuirtear sonraí ar fáil trí shuíomh idirlín sainchóirithe chomh maith (www.opw.ie/hydro /home.asp).

Cuireadh eolas ar fáil do ghníomhaireachtaí eile chomh maith maidir le measúnú ar réimsí uisce a bhaineann leis an Treoir faoi Chreat Uisce agus an Clár Monatóireachta Sciar Sciar Thuaidh Theas.

Trealamh tomhais

Ceannaíodh agus cuireadh isteach roinnt aonaid threalaimh tomhais sofaisticiúla maidir le córais píolótacha rabhaidh faoi thuilte ar Abhainn na Siúire agus ar Abhainn Mhór na Mumhan..

Innealtóireacht Struchtúir

Lean an tAonad seo ag cur seirbhíse ar fáil maidir le comhairle, dearadh agus monatóireacht. Caitheadh cuid mhaith d'acmhainn an Aonaid i rith na bliana 2005 le suíomhanna d'Oifigí Díláraithe a mheas. Bhí Stáisiún Gardaí agus Ceanncheathrú Limistéir nua i mBéal an Átha agus Togra Schengen i gCeanncheathrú an Gharda, Páirc an Fhionnuisce i measc na dtograí ardcháile a tugadh chun críche.

Is féidir achoimre mar seo a leanas a thabhairt ar na cásanna ar pléadh leo i rith na bliana:

Tionscadal / Gníomhaíocht	Líon ar láimh 1/1/2005	Tionscadail nua sa bhliain 2005	Iomlán	Líon a Críoch-naíodh sa bhliain 2005
Tógáil	13	10	23	3
Struchtúir Sibhialta	8	5	13	0
Tuairiscí	120	124	244	87

Cheanncheathrú Limistéir an Gharda i mBéal an Átha

Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreachais

Bhí ról díreach ag an mbrainse sa dearadh ar roinnt tograí nua suntasacha, go háirithe Coláiste Oiliúna an Teampaill Mhóir agus Amharclann Opera Loch Garman.

Tá na seirbhísí teicniúla ar fad do Chlár an Díláraithe tugtha i gcrích go sásúil de réir na bpróiseas soláthair éagsúla.

Rinneadh coimisiúnú ar chóras monatóireachta ar fhuinneamh a oibríonn tríd an Idirlíon agus cuireadh isteach i gcuid mhaith foirgneamh atá i seilbh an Stáit é le linn an chéad chéim de chlár caomhnaithe.

Leanadh ar aghaidh le hathrú ar an tseirbhís chothabhála le Deasc Fónaimh nua agus tairiscint maidir le Conradh faoi Thacaíocht Theicniúil, tairiscint maidir le conarthaí chreata nua do sheirbhísí deartha agus an chéad phróiseas tairisceana do chonarthaí oibreacha de chineál an chreata.

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar thoradh na hoibre i rith na bliana 2005.

Réimse Oibre	Luach Iomlán (€m)
Oibreacha nua	25
Mionoibreacha Cothabhála	15
Obair Chothabhála de réir Cláir	2.5
Comhairle agus Monatóireacht (Clár an Díláraithe san áireamh)	200

An Clár Fóirithinte Tuilte

Tá clár Scéimeanna Fóirithinte Tuilte OOP, atá faoi bhainistíocht Sheirbhisí Innealtóireachta, ar siúl ón mbliain 1995. Is i gcomhar leis na húdaráis áitiúla a chuirtear scéimeanna i bhfeidhm. Is faoin Acht Siltin Airtéirigh 1945 agus faoin Acht Siltin Airtéirigh (Leasú) 1995 a dhéantar an obair go hiondúil cé gur tharla le blianta beaga anuas go ndearna na húdaráis áitiúla roinnt céimeanna de na scéimeanna faoi Rialacháin Pleanála agus Forbartha na bliana 2001.

Rinne OOP caiteachas de 16.2m ar an gClár sa bhliain 2005. Leanadh den obair thógála i dtrí cinn de phríomhlimistéir i rith na bliana 2005. Is faoi na hAchtanna Siltin Airtéirigh a rinneadh an scéim a tugadh chun críche i gCill Chainnigh agus is faoi chumhachtaí na n-údarás áitiúil atá na hoibreacha ar an Tulcha i gContaetha Bhaile Átha Cliath agus na Mí á ndéanamh. Tá oibreacha déanta chomh maith ar chéim réamhchúraim de Scéim Fóirithinte Tuilte Mhala a bhfuil Comhairle Chontae Chorcaí ag tabhairt faoi arna chistiú ag OOP. Bhain 70% den bhuiséad Fóirithinte Tuilte sa bhliain 2005 leis na trí scéim sin; caitheadh €5.1m i gCill Chainnigh, €1.6m i Mala agus €4.2m ar Abhainn na Tulcha.

I measc na scéimeanna móra eile a cuireadh chun cinn i rith na bliana 2005, bhí scéim Chluain Meala ar abhainn na Siúire, scéim Mhainistir Fhear Maí ar Abhainn Mhór na Mumhan agus scéim na hInse ar abhainn an Fhorghais. I measc na scéimeanna beaga a ndearnadh dul chun cinn orthu i rith na bliana 2005 bhí Abhainn Bhaile Uí Mhornáin, Co. na Mí agus an Tulach, Co. Cheatharlaigh.

Tá obair shuntasach déanta ar chórais luathrabhaidh faoi thuilte a thabhairt chun cinn i gcás Abhanntrachtaí na Siúire agus Abhainn Mhór na Mumhan. Tá tábhacht leis na córais sin go háirithe i gcás Chluain Meala agus Mhainistir Fhear Maí óir beidh úsáid leitheadach le baint as cosaint inleagtha in aghaidh thuilte sna scéimeanna atá beartaithe do na bailte sin.

Scéim Chill Chainnigh

Tugadh an scéim seo chun críche a bheag nó a mhór i rith na bliana 2004 ach rinneadh roinnt obair feabhais i rith na bliana 2005.

An Tulcha

Leanadh de na hoibreacha leis an Tulcha i gContaetha na Mí agus Bhaile Átha Cliath i rith na bliana 2005. Ba ghné suntasach a bhain leis an togra seo a rinne baill foirne de chuid OOP gur leagadh trí phíopa nua 1.8m trasna dhéchonair an N3 i gCluain Aoidh, Contae na Mí. Bhí codanna den déchonair dúnta le linn na n-oibreacha seo agus bhí gá le plean cuimsitheach bhainistíocht tráchta dá bharr lenar bhain pábháil ar dhá chuid den dealán láir d'fhonn a laghad agus ab fhéidir de chur isteach a chur ar chúrsaí tráchta.

Oibreacha ar dhéchonair an N3 i gCluain Aoidh lena mbaineann píopaí a leagan faoin mbóthar

Tugtar achoimre ar an obair ar an gClár Fóirithinte Tuilte i rith na bliana 2005 thíos.

Scéim	Stádas	€
An Fheoir, Cathair Chill Chainnigh	Críochnaithe, liosta fadhbanna á réiteach	5,127,315
An tSiúir, Cluain Meala	Tógáil Scéim Thiar Chluain Meala ag tosú lár 2006	421,814
Scéim Fóirithinte Tuilte Mhala, Co. Chorcaí	Céim I i ndáil le bheith críochnaithe. Mionobair dheartha ar siúl ar Scéim Mhala Thuaidh	1,781,536
Clár Forbartha an Eolais Straitéisigh	Cláir oibreacha ar siúl	627,658
Mapáil ar Bhaoil Tuilte	Céim I i ndáil le bheith críochnaithe	2,241,339
Fóirithint Tuilte Mhainistir Fhear Maí	An Scéim Bheartaithe ar Taispeántas	128,941
An Forghas, Inis	Na Scéimeanna Beartaithe ar Taispeántas	337,459
An Teampall Mór	Staidéar Féidearthachta Críochnaithe	146,340
Abhainn Bhaile Uí Mhornáin	Taispeántas i lár na bliana 2006	169
An Tulcha (Limistéar Chathair Bhaile Átha Cliath)	An chuid is mó de na hoibreacha críochnaithe	1,635,800
An Tulcha, Limistéar Fhine Gall	An Chéad Chéim de na hoibreacha críochnaithe	878,482
An Tulcha (Limistéar na Mí)	An chuid is mó de na hoibreacha críochnaithe	1,755,259
Abhainn Eoin, Cathair Phort Láirge	An Scéim Bheartaithe ar Taispeántas	1,321
An tSláine, An Tulach	An Scéim Bheartaithe ar Taispeántas	37,547
Luimneach (Harry's Mall)	An tÚdarás Áitiúil i mbun na n-oibreacha arna gcistiú ag OOP	300,000
An tSláine, Inis Córthaidh	Staidéar Féidearthachta ar siúl	25,792
Drainage Surveys and Flood Suirbhéanna Draenála agus Fóirithint Tuilte, Ilghnéitheach		251,050
An tSiúir, Carraig na Siúire	Scéim críochnaithe	150,675
An tInbhear Mór	Staidéar Féidearthachta á thabhairt i leith na linne	150,000
An Mhaoilchearn, An Ceapach Mór	Próiseáil ar éilimh ar chúiteamh ar siúl	105,128
Abhainn na Bandan, Dún Mánmhaí	Próiseáil ar éilimh ar chúiteamh ar siúl	63,847
IOMLÁN		**16,167,472**

Seirbhísi Oidhreachta

Maoin Stairiúil

Tá Maoine Stairiúil freagrach as caomhnú, bainistiú, láithreachas agus forbairt a dhéanamh ar níos mó ná 20 Maoin Stairiúil lena n-áirítear Tithe, Páirc agus Gairdíní Stairiúla. Áirítear orthu sin maoin d'ardchlú ar nós Pháirc an Fhionnuisce, Garraithe Náisiúnta na Lus, Caisleán Chill Chainnigh, Teach Bhaile an Chaisleáin agus Crannlann JFK.

Áirítear leis an obair fhorbartha foirgnimh stairiúla a athchóiriú, foráil do shaoráidí feabhsaithe don chuairteoir, uasghrádú agus athchóiriú a dhéanamh ar ghairdíní agus ar chrannlanna stairiúla agus léirmhíniú agus láithreachas a dhéanamh ar an maoin stairiúil sin don phobal.

Sa bhreis ar chaiteachais reatha a bhain le foireann agus le cothabháil na maoine sin, chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú caipitil ar fáil chomh maith. Mhaoinigh Vóta Oifig na nOibreacha Poiblí clár leathan a bhain le hoibreacha cothabhála ar scála beag, feabhsúcháin, caomhnaithe agus sláinte agus sábháilteachta, chomh maith le hinnealra a chur ar fáil sa bhliain 2005.

Páirc Réigiúnach Ghleann na Life, Leamhcán

Cheannaigh an Stát Diméin Leamhcáin sa bhliain 1996 agus é mar aidhm aige Páirc Réigiúnach Ghleann na Life a bhunú a bheadh na trí Údarás Áitiúla ábhartha ábalta a leathnú sa todhchaí agus d'aontaigh na trí Údarás an suíomh a bhainistiú agus a chothabháil go comhoibríoch mar aonán singil agus d'aontaigh siad ar chlár comhaontaithe oibreacha le forbairt. D'fhonn sin a chur i gcrích, ceadaíodh maoiniú iomlán de €4.7m., thar thréimhse roinnt blianta. Rinne na hÚdaráis Áitiúla tuilleadh dul chun cinn i bhfeidhmiú an chláir oibreacha sin i rith 2005. Maoiníonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an tionscadal sin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta reatha.

Páirc an Fhionnuisce

Rinneadh dul chun cinn mór ar shíneadh a chur ar líonra na n-oibreacha rotharbhealaí i bPáirc an Fhionnuisce, Ascaill Chesterfield sa bhliain 2005. Tá céim bhreise de na hoibreacha ar an líonra rothair le feidhmiú i 2006. Tá an tionscadal sin cómhaoinithe ag Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath.

Tá pleananna d'athnuachan chuimsitheach Ascaill Chesterfield, an príomhbhóthar isteach sa Pháirc, tugtha chun críche tar éis comhchomhairle leis an nGarda Síochána agus daoine eile agus cuirfear faoi bhráid iad le cead pleanála i 2006.

An Blascaod Mór, Co. Chiarraí

Ó tharla gur thit an tAcht um Páirc Náisiúnta Stairiúil an Bhlascaoid Mhóir i 1989 as a chéile, tosaíodh ar phróiseas comhairliúcháin maidir le todhchaí an Oileáin chun geallsealbhóirí an Oileáin agus páirtithe ábhartha eile a thabhairt le chéile. Tháinig na trí shaincheist maidir le rochtain, caomhnú agus leibhéal inghlactha forbartha chun cinn sa phróiseas. Cheadaigh Cinneadh Rialtais dar dáta 6ú Iúil 2005 caiteachas iomlán de €8.5 milliun ar mhaithe le leasanna talún a cheannach, céanna a thógáil, oibreacha caomhaithe,

costais oibriúcháin agus táillí comhchomhairle. Bunaíodh Coiste Monatóireachta faoi stiúir Oifig na nOibreacha Poiblí a bhí comhdhéanta d'ionadaithe ón Údarás Áitiúil, ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá sé beartaithe Coiste Bainistíochta áitiúil a bhunú a bheidh comhdhéanta de ghníomhaireachtaí Stáit, úinéirí talún agus an pobal áitiúil. Shínigh formhór na n-úinéirí talún an Plean Bainistíochta don Oileán cheana féin.

Tar éis chinneadh an Rialtais an 6 Iúil 2005 tá na saoráidí tuirlingte nua atá beartaithe don Oileán agus don mhórthír le soláthar ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae Chiarraí. Tá na húinéirí talún ag cur díol a gcuid gabháltas ar athló go dtí go mbeidh a n-iarratais aonair ar chead pleanála próiseáilte. Faoi réir sin agus do réiteach na saincheisteanna dlí, lena n-áirítear teideal agus rochtain, táthar ag súil go dtabharfar ceannach na talún agus na maoine ar an Oileán chun críche i 2006 agus cuirfidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an maoiniú ar fáil.

Cúirt Ioma, Co. Laoise

Thosaigh pleanáil i rith 2005 do Sheomraí Tae a sholáthar i dTeach Dower i gCúirt Ioma. Tá an obair seo ceaptha a bheith críochnaithe i samhradh 2006.

Tionóladh an tAonach Tuaithe ar thalamh Chúirt Ioma i 2004 agus i 2005. Tionólfar an tAonach Tuaithe ann arís é i Meitheamh 2006.

Páirc Ghlas Faiche Stiabhna

Clár imeachtaí, lena n-áirítear léiriú an chumadh ceoil a bhí coimisiúnaithe go speisialta a reachtáladh i rith samhradh 2005 chun comóradh a dhéanamh ar chothrom 125 bliain bhainistiú Oifig na nOibreacha Poiblí ag Páirc Ghlas Faiche Stiabhna. Tabharfar clár cuimsitheach oibreacha chun críche chun na cosáin imheánacha sa Pháirc a athchóiriú roimh dheireadh 2006.

Cuirtear an maoiniú do mhórthionscadail chaipitil ar fáil ó Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Eolas Airgeadais

	2004 €,000	2005 €,000
Foireann	9,751	9,844
Costais Reatha Neamhphá	3,605	3,842
Cothabháil	1,637	2,556
Iomlán	**14,993**	**16,242**

Séadchomharthaí Náisiúnta

Airgeadas

Fo-mhírcheann I2 -

Caitheadh €16,822,083.63 sa bhliain 2005 as an bhFo-mhírcheann I2. (Caitheadh €10,249,095 dó ar PHÁ agus caitheadh an €6,572,988 a bhí fágtha ar NEAMHPHÁ).

Oibreacha/Seirbhísí don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil -

Chaith Séadchomharthaí Náisiúnta Oifig na nOibreacha Poiblí 1,734,625 sa bhliain 2005 ar oibreacha/ar sheirbhísí ar son na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Baineann an caiteachas sin le suiteáil/le huasghrádú na dtaispeántas closamhairc agus na dtaispeántas ar shuímh séadchomharthaí náisiúnta atá faoi chúram an Stáit; feidhmiú scéim phrintíseachta atá dírithe ar bhunús scileanna a fhorbairt i scileanna caomhnaithe sa tógáil traidisiúnta; agus líon áirithe tionscadal caomhnaithe ar shuímh séadchomharthaí náisiúnta.

Gníomhaíochtaí

Ardeaglais Chill Fhionnúrach, Co. an Chláir

Tá aithne fhorleathan ar Ardeaglais Chill Fhionnúrach agus ní gan iontas agus tugann go leor daoine cuairt uirthi mar gheall ar na hardchrosa den scoth ón 12ú aois. Tá Cros Doorty ar cheann de na cinn is cáiliúla, cros a léiríonn triúr easpag le cineálacha éagsúla bachall acu agus éan le dhá cheann agus go leor ainmhithe miotasacha ar an gcúl.

Bhí imní ar Oifig na nOibreacha Poiblí mar an comhlacht atá freagrach as portfóilió séadchomharthaí an Stáit a chaomhnú maidir leis an damáiste a d'fhéadfadh eilimintí gnéithe lasmuigh a dhéanamh do na snoíodóireachtaí cloch ar na hArdchrosa. I 2000, cinníodh gur chóir na crosa a bhí suite sa reilig a aistriú laistigh den ardeaglais chun coinníollacha timpeallacha cuí a chruthú do léirmhíniú na gcros agus chun feabhas a chur ar chur i láthair foriomlán an tsuímh iomláin.

Tugadh an obair ar chaomhnú an tsuímh, lena n-áirítear suiteáil díon gloine sa chroslann thuaidh chun críche i Meitheamh 2005 agus d'oscail an tUasal Tom Parlon, T.D. Aire Stáit an suíomh go hoifigiúil. Is féidir na crosa a fheiceáil le solas nádúrtha a bhuíochas don díon gloine agus tá siad curtha i láthair chomh gar agus is féidir don áit a raibh siad lasmuigh ar dtús.

Maoiníodh an tionscadal sin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Caisleán Lios Tuathail, Co. Chiarraí

Tugadh obair ar chaomhnú Chaisleán Lios Tuathail a dtéann an tagairt is luaithe dó siar go dtí 1549, chun críche i Samhradh 2005 agus tá an suíomh ar oscailt don Phobal anois mar chuid den chlár seirbhísí do chuairteoirí Oifig na nOibreacha Poiblí.

Áirítear ar na hoibreacha a rinneadh mar chuid de chaomhnú an Chaisleáin, staighre seachtrach nua a sholáthar chun rochtain a thabhairt ar na leibhéil uachtair; athphointeáil lasmuigh den Chaisleán ag baint úsáide as moirtéal stairiúil; urlár nua sna seomraí agus sna pasáistí; agus athchóiriú ar fhuinneoga agus ar dhoirse. Sa bhreis air sin, de bharr an áit a bhfuil sé suite i lár an bhaile, bhí obair mhór de dhíth ar thírdhreachú an tsuímh, lena n-áirítear soláthar macasamhail de ráillí chun dul in oiriúint do na ráillí stairiúla i gcearnóg an bhaile, agus athsholáthar ballaí teorann.

D'oscail an tAire Stáit Tom Parlon, T.D. an tionscadal go hoifigiúil an 2 Meitheamh, 2005.

Maoiníodh an tionscadal sin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Caisleán Charraig an Fheabhail, Co. Chiarraí

D'oscail an tAire Stáit, An tUasal Tom Parlon, T.D. Caisleán Charraig an Fheabhail, Co Chiarraí i Lúnasa, 2005 tar éis clár oibre caomhnaithe ollmhór a bheith tugtha chun críche. De bharr an áit a bhfuil sé suite ar Inbhear na Sionainne bhí sé deacair an obair a bhí le déanamh a phleanáil agus a chur i gcrích agus dá réir bhí gá le dúthracht faoi leith ó cheardaithe na Séadchomharthaí Náisiúnta a bhí ann.

Áirítear ar an obair a rinneadh comhdhlúthú ar na ballaí seachtracha ag úsáid macasamhail moirtéal blaoscbhunaithe; cuireadh scannán uiscedhíonadh ar an urlár uachtair; athchóiríodh seomra gardaí agus boghtain; suiteáladh urlár darach; agus suiteáladh gríleanna sábháilteachta lena chinntiú go bhféadfadh an pobal rochtain a dhéanamh ar an séadchomhartha

Maoiníodh an tionscadal sin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Mainistir Dharú, Co. Uíbh Fhailí

IChoimisiúnaigh Oifig na nOibreacha Poiblí Ailtirí Howley Harrington go déanach i 2004 chun Plean Caomhnaithe a ullmhú do Mhainistir Dharú, Co. Uíbh Fhailí a thabharfadh eolas maidir le bainistiú agus caomhnú an tsuímh amach anseo.

Tá tábhacht idirnáisiúnta le Mainistir Dharú a cheannaigh an Stát i Nollaig, 2003 de bharr gur suíomh mainisteach atá fágtha mar a bhí se ó bhunaigh Naomh Colm Cille é sa 6ú aois. Tugadh obair ar an bPlean Caomhnaithe chun críche sa tríú ráithe de 2005 agus sheol an tAire Stáit Tom Parlon é ag fáiltiú ar an suíomh i nDeireadh Fómhair, 2005.

Tá na cúiseanna le tábhacht Mainistir Dharú leagtha amach sa Phlean Caomhnaithe, na saincheisteanna a chuireann an suíomh i mbaol agus moltar beartais a chuideoidh le cosaint a thabhairt d'ionracas agus tábhacht an tsuímh.

Bhain moladh amháin a rinneadh sa Phlean leis an mbealach is fearr a bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar rochtain an phobail chuig an suíomh. Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí sonraí

an mholaidh san áireamh nuair a chuir siad iarratas pleanála faoi bhráid Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí sa ráithe dheireanach de 2005 maidir le forbairt saoráidí do chuairteoirí agus páirceáil carranna ag an suíomh. Má éiríonn leis an iarratas pleanála tá sé beartaithe tús a chur leis an obair maidir leis na saoráidí sin a sholáthar i 2006.
Lean fórsa oibre na séadchomharthaí náisiúnta le hobair chaomhnaithe ar an séipéal ón 18ú aois atá lonnaithe ar an suíomh i rith 2005. An príomhfhócas i rith 2005 ná díon nua a chur ar an séipéal. Mar chuid den tionscadal caomhnaithe tógadh Ardchros Darú ón reilig agus cuireadh isteach sa séipéal í chun go mbeadh cosaint chuí aici.

Tá an tionscadal seo á mhaoiniú faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006.

Seirbhísí do Chuairteoirí

Príomhfheidhm de chuid na Seirbhísí Oidhreachta, in Oifig na nOibreacha Poiblí is ea caomhnú agus cur i láthair suímh na hoidhreachta tógtha atá faoina gcúram.
I rith 2005 lean Seirbhísí do Chuairteoirí ag seachadadh a gclár oibre leathan leanúnach. Seo a leanas forléargas de roinnt de na príomhchuspóirí a baineadh amach i rith na bliana:

Seirbhís Threorach

Baineadh amach rochtain phoiblí shábháilte chuig na suímh oidhreachta tógtha trí cur le buíon na dTreoraithe buana nuair a earcaíodh thart ar 350 Treoraí ar bhonn séasúrach. Ba chruthúnas ar an tarraingt sheasmhach a bhí ag na suímh líon na gcuairteoirí, os cionn 2.2 milliún san iomlán, a d'íoc agus a thug cuairt ar shuímh i 2005. Sa bhreis air sin, thug sealbhóirí Cárta Oidhreachta cuairt ar an líonra leathan suíomh.

Cárta Oidhreachta

Tugann cárta Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí deis cuairt a thabhairt ar go leor de na suímh oidhreachta is fearr in Éirinn agus soláthraítear rochtain gan teorainn ar feadh bliana amháin ar thart ar 50 suíomh ar fud na tíre a mbíonn táille le n-íoc. Athdhearadh Cárta Oidhreachta Oifig na nOibreacha Poiblí i rith 2005 agus tugadh isteach vallait láithreachais bronntanais. Ceannaíodh beagnach 20,000 Cárta Oidhreachta i rith 2005 agus is léiriú soiléir é sin ar an méid tóir atá ar shuímh oidhreachta agus ar luach ar airgead den scoth a thugann sé do shealbhóirí an chárta.

'Sliocht na Muintire'
Tithe agus Caisleáin Oidhreachta trí Theaghlaigh Stairiúla de chuid a hÉireann

Tionóladh an clár imeachtaí saor in aisce seo i rith Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair ag ocht gcinn de na maoine ailtireachta agus stairiúla is suntasaí atá faoi úinéireacht an Stáit, agus atá á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá baint ag an

mhaoin sin le roinnt de na Teaghlaigh Éireannacha agus daoine aonair is mó trácht le 800 bliain agus tá ról suntasach acu inár stair, bídis ina Normannaigh, ina bhFrancaigh, ina hÚgónaigh, ina Sasanaigh, ina nGaeil nó Angla-Éireannaigh.

Chuir ceol ón tréimhse sin ó roinnt de na ceoltóirí is fearr sa tír leis na himeachtaí. Bhí roinnt de shliocht na dteaghlach agus na ndaoine eile le naisc níos faide ón dteaghlach nó ón maoin i láthair, ach bhí ceangal speisialta acu go léir.

Seirbhís do Chustaiméirí

I rith 2005 lean Seirbhísí do Chustaiméirí lena gcur chuige forghníomhach maidir le heolas a sholáthar ar bhealaí éagsúla faoi na suímh oidhreachta tógtha atá faoina ndualgas ar nós an láithreán gréasáin tiomanta margaíochta - heritageireland.ie agus trí bhróisiúir d'ardchaighdeán atá ar fáil i nGaeilge, i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, i Spáinnis agus in Iodáilis. Agus iad i mbun seachadta a misin lean Seirbhísí do Chuairteoirí ag dul i gcomhairle go rialta le Fáilte Éireann, le Turasóireacht Éireann, le Gníomhaireachtaí Stáit agus le geallsealbhóirí eile i seachadadh agus i bhfeabhsú a seirbhísí oidhreachta.

ATHBHREITHNIÚ AR AN OBAIR

Seirbhís Soláthair

Seirbhís Soláthair
Cuireann Gníomhaireacht Soláthairtí an Rialtais seirbhís láraithe soláthair ar fáil do Ranna agus d'Oifigí Rialtais sna margaí a n-oireann an comhbhailiúchán dóibh. Ábhar de chineál tráchtearraí a bhíonn sna hearraí agus sna seirbhísí seo go hiondúil agus iad ar fáil ó mhargaí soláthair rialta. Is iondúil gur nithe iad a úsáidtear go coitianta ar fud an Stáit agus go mbíonn lón mór díoh i gceist.

Bhí luach iomlán de 54,928,053 leis na hearraí agus na seirbhísí ar bhain na cliaint Ranna úsáid astu de réir chonarthaí de chuid Gníomhaireacht Soláthairtí an Rialtais astu i rith na bliana 2005. Tugtar briseadh síos de réir na margaí éagsúla sa tábla a leanas:

Margadh	Luach (€)
Breosla (Leacht, Gás agus Dlúthbhreosla)	13,252,317.00
Feithiclí agus Iompar	11,493,504.38
Priontáil agus Leabharcheangal	9,782,880.58
Éide agus Éadach	6,288,207.00
Stáisiúnóireacht agus Soláthairtí Oifige	5,011,264.07
Seirbhísí Fógraíochta	4,933,466.00
Soláthairtí Airíochta	1,776,376.00
Trealamh Cosanta Phearsanta	1,362,136.00
Coisbheart	976,078.00
Trealamh Oird Phoiblí	51,824.00
Iomlán	**54,928,053.03**

Lean an GSR ag cur barr feabhais ar an saineolas maidir leis an Margadh Fuinnimh i rith na bliana 2005. D'ainmnigh an Roinn Airgeadais GSR ar an bpríomhghníomhaireacht a d'fheidhmeodh thar ceann earnáil an Rialtais Láir i margadh an Leictreachais. Bhí laghdú praghsanna níos mó ná 25% i gcomparáid le gnáthrátaí an mhargaidh de thoradh ar chomórtais Gáis Nádúrtha de chuid an GSR sa bhliain 2005.

Fágann tabhairt chun cinn an chomhbhailiúcháin go bhfuiltear níos tréine anois sna margaí maidir le hÉide agus Coisbheart Mhíleatach. De thoradh air sin baineadh amach praghas ar éide a bhí 8% níos saoire ná an praghas a baineadh amach trí bliana ó shin agus laghdú de 30% ar chostas na gcoisbheart i gcomparáid le praghsanna láithreach an mhargaidh

Foilseacháin

Lean Seirbhís Fhoilseachán Rialtais na Gníomhaireachta ag cur seirbhíse miondíolacháin agus ordaithe tríd an bpost ar fáil maidir le díol agus dáileadh ar Fhoilseacháin an Rialtais. Bhí luach €979,000le díolachán na bliana 2005.

Iris Oifigiúil

Foilsíonn Gníomhaireacht Soláthairtí an Rialtais Iris Oifigiúil faoi dhó sa tseachtain. Tá leagan Idirlín den Iris Oifigiúil ar fáil chomh maith agus teacht air ag www.irisoifigiuil.ie.

Crannlann JFK,
Ros Mhic Thriúin,
Co. Loch Garman

Seirbhísí Corparáideacha

Seirbhís Soláthair

Cuireann Rannóg Pearsanra Oifig na nOibreacha Poiblí seirbhís tacaíochta ar fáil d'eagraíocht mhór ilghnéitheach ilionaid lena mbaineann foireann de níos mó ná 2,000 duine i ngrádanna riaracháin, gairmiúla, teicniúla agus tionscail.

Mar gheall ar éagsúlacht na hoibre a dhéanann tá réimse leathan cumais agus scileanna ag baint leis an bhfoireann. Déanann an fhoireann éagsúil, ábalta sin a gcion san obair a dhéanann OOP ar fud réimsí ar nós soláthair, cothabháil maoine, bainistíocht maoine agus tionscadal, dearadh ailtireachta, caomhnú oidhreachta agus bainistíocht d'fhonn fóirithint ó thuilte.

Sa bhliain 2005 chuir an Rannóg Pearsanra réimse seirbhísí ar fáil do lucht na bainistíochta agus don fhoireann in OOP (e.g. earcú, ardú céime, pá agus pinsin, roghanna maidir le cothromaíocht idir an saol oibre agus an saol baile agus roghanna éagsúla maidir le saoire) agus ag an am céanna thángthas roimh an dúshlán eagrúcháin inmheánaigh a d'eascair ón dílárú agus an plé le castacht shíorathraitheach dhlí na fostaíochta agus cásanna bhaill foirne faoi leith.

Rinneadh cumarsáid leanúnach leis an bhfoireann agus leis na ceardchumainn trí na fóraim fhoirmeálta ionadaíochta, an Chomhairle Comhphairtíochta agus an Chomhairle Roinne chomh maith le ceisteanna sonracha a phlé le ceardchumainn ar leith agus baill foirne ar leith.

An tAonad Eagrúcháin

Bíonn ról riachtanach in OOP ag an Aonad Eagrúcháin mar chuid de na Seirbhísí Corparáideacha. Is é a chuireann an t-infrastruchtúr TE, teileachumarsáide agus trealamh oifige ar fáil atá mar bhonn le hobair na coda eile den Oifig agus a dhéanann cothabháil air. Tháinig athrú suntasach ar an aonad i rith na bliana 2005 agus leanfar den athrú sa bhliain 2006 agus béim leanúnach ar athbhreithniú feidhmíochta agus ar bhaint amach spriocanna oibre. Tugadh Brainse na Seirbhísí Dlí isteach faoin Aonad Eagrúcháin i rith na bliana 2005 agus tá siad anois ar an aon láthair, rud a ligean níos fearr don aistriú scileanna i measc bhaill foirne an Aonaid.

Ba ar na tograí agus na seirbhísí a leagadh amach sa Phlean Gnó arna aontú ag Grúpa Úsáideoirí TE a thabhairt i gcrích a bhí an phríomhbhéim i rith na bliana 2005. Déanann Grúpa Úsáideoirí Theicneolaíocht an Eolais, ar a bhfuil ionadaithe thar ceann na réimsí gnó éagsúla taobh istigh de OOP, moltaí faoi gach mórthogra TE chomh maith lena gceadú agus a chur in ord tábhachta.

Leagtar amach go hachomair thíos na príomhréimsí oibre ar thug an tAonad Eagrúcháin fúthu i rith na bliana 2005:

(a) Córas mapála ar bhaol tuilte
Leanadh ag cur tacaíocht TE ar fáil do Sheirbhísí Innealtóireachta i rith chéim na forbartha ar an gCóras Mapála ar Bhaol Tuilte. Tá beartaithe go gcuirfear an Córas sa siúl sa bhliain 2006.

(b) Gréasán ríomhaireachta gan sreanga a chur isteach i nGairdíní Náisiúnta na Lus
Cuireadh gréasán nua gan sreang isteach ar fud ollionad Ghairdíní na Lus in áit an tseanchórais cábla. Fágann an córas nua modh solúbhta, éifeachtach chun cumarsáid sonraí a dhéanamh taobh istigh den ollionad.

(c) Uasghrádú ar an gcóras Corepay
Tugadh faoin gcóras Corepay a uasghrádú i rith na bliana agus cuirfear leagan nua ar féidir leas a bhaint as an ngréasán leis ar fáil de réir a chéile do na cléirigh pá go luath sa bhliain 2006.

(d) Farmleigh, Páirc an Fhionnuisce
Leagadh amach Bunachar Sonraí maidir le Suirbhé Custaiméirí agus cuireadh ar fáil do bhaill na

foirne i Farmleigh é d'fhonn cur ar a gcumas monatóireacht a dhéanamh maidir le sástacht na gcuairteoirí leis na seirbhísí éagsúla a chuirtear ar fáil i Farmleigh.

(e) Bunachar Sonraí maidir le hAgallaimh ar Threoraithe Seirbhísí Cuairteora
Leagadh amach bunachar sonraí agus cuireadh ar fáil é do Sheirbhísí Oideachais & Cuairteora d'fhonn eolas mar gheall ar oibrithe séasúracha a choimeád.

(f) Teachtaireachtaí taifeadta ó bhéal, áis bhreise
Leathnaíodh córas taifeadta teachtaireachtaí ó bhéal ar fud ionaid uile OOP i rith na bliana 2005 mar áis bhreise.

Scála na hoibre

Tugtar léiriú sa tábla a leanas ar scála na hoibre TEC in OOP

Cur síos	Líon
Ionaid a gcuirtear tacaíocht ar fáil iontu	Tuairim is 120
Líon na n-úsáideoirí ríomhairí	Tuairim is 1,100
Líon na bhfreastalaithe	Tuairim is 65
Líon na bprintéirí	Tuairim is 180
Líon na n-inneall fótachóipeála	Tuairim is 130
Líon na bhfeidhmchlár bogearra	Tuairim is 120
Líon na bhfón póca	Tuairim is 600
Líon na meaisíní faics	Tuairim is 140
Glaonna ar an deasc cúnta	11,313

Uasghrádú ar shaoráidí infrastruchtúir TEC

Tugadh faoi roinnt bearta uasghrádaithe suntasacha i rith na bliana 2005. Orthu sin bhí seirbhísí sonraí níos fearr a chur ar fáil do Líonra Príobháideach Fíorúil an Rialtais, athfheistiú ar sheomraí ríomhaireachta Cheannoifig OOP, agus bogearra nua chartlannú sonraí (Caminosoft) a chur isteach. Tosaíodh i rith na bliana 2005 ar an uasghrádú ar an 45 freastalaí Novell Netware chun leagan 6.5 a chur isteach agus tabharfar sin chun críche sa bhliain 2006. Cuirfear áiseanna breise, lena n-áirítear "oifig fhíorúil" agus cianrochtain ar chomhad, ar fáil don fhoireann leis an uasghrádú sin.

Suirbhé ar Chustaiméirí

Thug an tAonad Eagrúcháin isteach Suirbhé míosúil ar Chustaiméirí chomh maith sa bhliain 2005. Is é a bhain leis sin, sampla randamach de na glaonna ar an Deasc Cúnta gach mí a thógáil agus aiseolas a lorg ó chríochúsáideoirí OOP maidir leis an gcaoi inar pléadh leis na glaonna de réir mar a chonacthas sin dóibhsean. Ligfidh an t-aiseolas a fhaightear don Aonad Eagrúcháin anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht an Deasc Cúnta maidir le glaonna d'fhonn feabhas a chur ar leibhéal na seirbhíse a thugtar do na custaiméirí.

Soláthar

D'aistrigh an tAonad Eagrúcháin a chuid tairisceana ar fad go dtí suíomh idirlín r-thairiscintí an rialtais i rith na bliana agus baineadh leas as an mbreis feidhme a bhaineann leis an suíomh sin. Baintear úsáid i gcás gach tairiscint as an deis "bosca postais slán" atá ar fáil ar shuíomh idirlín r-thairiscintí maidir le cáipéisí tairisceana a chur isteach. Dlitear i gcás an "bhosca postais" sin go mbíonn beirt oifigeach deimhnithe a bhaineann an "glas" de, neamhspleách ar a chéile, tar éis am deiridh na tairisceana.

Rannóg na Seirbhísí Dlí

Lean Seirbhísí Dlí i rith na bliana 2005 den chaidreamh le Gníomhaireacht Éileamh an Stáit ag tuairisciú mar gheall ar thimpistí agus ag cur cáipéisíochta ar fáil ina dhiaidh sin ag teacht leis an bPrótacal a aontaíodh idir an dá eagraíocht sa bhliain 2002.

Thángthas ar aontú le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir le réimse iomlán na seirbhísí dlí a bhíonn de dhíth ar OOP a chur ar fáil. Roghnaíodh painéal aturnaetha tar éis próiseas tairisceana agus agallaimh agus aontaíodh ar Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse maidir leis an nós imeachta a leanfaidh an dá pháirtí agus síníodh an comhaontú le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit ina dhiaidh sin. Foráiltear sa Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse d'athbhreithniú rialta ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil agus tarlóidh athbhreithniú i rith na bliana 2006 de réir an sceidil.

An tAonad Saoráil Faisnéise (SF)

Leagadh tábhacht arís i rith na bliana 2005 ar láimhseáil éifeachtach críochnúil ar iarratais SF. 61 iarratas in iomláine ar déileáladh leo i rith na bliana agus nuair ba chuí, tugadh gach cúnamh do na hiarratasóirí maidir le teacht ar na taifid gan gá le hiarratas foirmeálta SF.

Tugadh an Treoir maidir le Feidhmeanna, Taifid, Rialacha agus Cleachtais na hOifige, a éilítear faoi Altanna 15 agus 16 den Acht um Saoráil Faisnéise agus atá ar fáil anois ar shuíomh gréasáin OOP, cothrom le dáta. Cuireadh le roinn an Aonaid SF den Inlíon trí Lámhleabhar don Deantóir Cinnidh a chur ann chomh maith le treoir maidir leis na heisceachtaí is minicí a dhéantar le linn cinneadh a dhéanamh faoi iarratas SF. Tá múnla litir chinnidh ar fáil ann chomh maith.

Ag leanacht den dúthracht maidir le sárchleachtas agus géilliúntas maidir le forálacha an Achta um Saoráil Faisnéise, freastalaíonn ionadaí de chuid an Aonaid SF ar chruinnithe Ghréasán Úsáideoirí na Státseirbhíse (GUS) agus an Ghrúpa Oibre Idir-Rannach (GOIR). Bíonn fóram ar fáil de bharr na ngréasán seo chun plé a dhéanamh le comhghleacaithe i Ranna agus Oifigí eile de chuid na Státseirbhíse maidir le cásanna agus chun cur leis an bhforás ar ethos Saoráil Faisnéise go ginearálta.

De thoradh Ordú Maolaithe arna shíniú ag an gCathaoirleach, údaraítear do cheapadh aon bhall foirne ar ghrád Oifigeach Feidhmiúcháin nó níos airde ina nDéantóirí Cinnidh agus do cheapadh aon bhall foirne ar ghrád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin nó níos airde ina nAthbhreithneoirí Inmheánacha. Tugadh cuireadh do na baill foirne a bhain le hábhar cur isteach ar oiliúint fhoirmeálta arna cur ar fáil ag CMOD. Cuirfear an oiliúint sin ar fáil go luath sa bhliain 2006.

Iomlán na nIarratas a fuarthas	61
Iriseoirí	22
Gnó	16
Comhaltaí den Oireachtas	5
Baill Foirne	0
Eile	18

Leagtar amach go hachomair sa tábla a leanas an obair maidir le SF i rith na bliana. Iarratais ó iriseoirí a bhí i gceist leis an gcuid is mó de na hiarratais SF a fuarthas.

Achoimre

Go hachomair, is obair leathanréimseach iléagsúil an obair a dhéanann an tAonad Eagrúcháin agus riachtanas ag baint léi maidir le hobair OOP. Fágann deiseanna tuairiscíochta nua a fuarthas gur féidir anailís a dhéanamh ar chórais agus fadhbanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a réiteach sula mbíonn siad ina bhfadhbanna tromchúiseacha.

An tAonad Oiliúna

Chuir foireann tionscail neamhbhuan Stáit na Seirbhíse Oidhreachta an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF), arna shainchóiriú, i bhfeidhm agus, chun na críche sin, tugadh an clár oiliúna don fhoireann Oidhreachta chun críche agus 118 ball foirne ag freastal ar an gcúrsa oiliúna a chuir foireann an Aonaid Oiliúna ar fáil.

I rith na bliana 2005, rinneadh sainchóiriú ar ghné an Aiseolais Aníos den CBFF d'fhonn a usáid ag baill foirne Stáit neamhbhuana de ghrádanna tionscail. An tAonad Oiliúna, i gcomhar le Pat Donovan as Seirbhísí Innealtóireachta a rinne an sainchóiriú sin. Rinne an tAonad Oiliúna Clár Oiliúna a leagan amach ansin agus cuireadh sin ar fáil d'fhonn Aiseolas Aníos a bheith á chur i bhfeidhm faoin mbliain 2006. Cuireadh oiliúint ar 354 ball foirne sa bhliain 2005 agus tabharfar an clár chun críche go luath sa bhliain 2006. Tá i gceist Aiseolas Aníos a thabhairt isteach i gcás fhoireann na hOidhreachta sa bhliain 2007 agus tá clár oiliúna do na baill foirne sin beartaithe do dheireadh na bliana 2006.

Leanadh ag cur CBFF i bhfeidhm don fhoireann bhuan i rith na bliana 2005. De bharr chumasc breise an CBFF le Polasaí Bainistíochta na nAcmhainní Daonna agus Córas Grádaithe leasaithe a bheith á thabhairt isteach maidir leis an bhfoireann sa bhliain 2006, tá Clár Oiliúna leagtha amach ag an Aonad Oiliúna do gach ball foirne agus é beartaithe an oiliúint a chur ar fáil go luath sa bhliain 2006.

I measc na gcúrsaí a d'eagraigh an tAonad Oiliúna, bhí cúrsaí i scileanna TE ar nós Excel, Access agus Word. Ritheadh cúrsaí i réimsí inniúlachta eile ar nós Scríobh Tuairisce, Scileanna Cruinnithe agus Soláthar. Cuireadh oiliúint i scileanna agallaimh ar fáil do gach ball foirne a chuir isteach ar chomórtas ar bhain agallamh leis. Tá an-rath i gcónaí ar an Scéim Aisíoc Táillí trína gcuidítear le baill foirne atá ag freastal ar chúrsaí Ardoideachais ina gcuid am saor.

D'fhreastail 36 ball foirne ar chúrsaí réamhscoir.

Brainse na gCuntas

Tá Brainse na gCuntas in Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as:

- íocaíochtaí údaraithe a dhéanamh, go háirithe íocaíochtaí maidir leis an bpá-rolla agus éilimh ó chonraitheoirí,

- taifid a choimeád agus bainistíocht agus cuntasaíocht a dhéanamh maidir le hacmhainní airgeadais na hOifige,

- riachtanais na hOifige maidir leis na Meastacháin a chur in iúl go tráthúil, éifeachtúil agus bainistiú a dhéanamh ar an gcaiteachas taobh istigh den leithdháileadh de réir mar a vótáladh, agus

- coimre a chur ar fáil don Aire agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta maidir le ceisteanna airgeadais.

I rith na bliana 2005, rinne Brainse na gCuntas próiseáil ar

- 37,000 Treoir Íocaíochta,
- 7,700 admháil,
- 5,520 éileamh mar gheall ar thaisteal,
- 3,600 íocaíocht maidir le cíos, agus
- íocaíochtaí tuarastail agus pá do 2,450 ball foirne.

Chomh maith leis sin, rinne Brainse na gCuntas bainistíocht ar chaiteachas vóta agus neamh-vóta de 517m, fáltais de luach 136m agus luach 33.2m d'aisíocaíochtaí ar Iasachtaí Áitiúla.

I mí Deireadh Fómhair 2005, cuireadh mór-uasghrádú ar chrua-earra agus ar bhogearra Corepay i bhfeidhm i réimse an phá-rolla. Bhain crua-earra agus bogearra nua a chur in áit na seanchinn leis sin chomh maith le hacmhainn a oibriú ar an ngréasán a chur leis an gcóras, rud a ligfidh d'fhorbairt bhreise ar an gcóras ina dhiaidh seo. Tá an córas Core arlíne ar cheann de na háiseanna breise is féidir a úsáid de bharr an uasghrádaithe rud a ligeann don chianrochtain ar chóras pá-rolla Core óna hionaid pá. Cuirfear sin ar fáil de réir a chéile maidir le gach ionad pá i rith na bliana 2006.

Is é an príomhthasc a bheidh roimh Bhrainse na gCuntas sa bhliain 2006 an Cúras r-Airgeadais nua Integra a chur i bhfeidhm taobh istigh de Bhrainse na gCuntas. Tá sin ar an gcéad chéim den Chreat Eolas Bainistíochta (CEB). Tá scaipeadh an CEB ar fud OOP á riaradh ag an mBrainse Lárnach CEB atá lonnaithe sa phríomhoifig.

An Rannóg CEB

Is ar an mBrainse CEB atá an cúram maidir leis an bhforbairt ar an gCreat Eolas Bainistíochta in OOP. Creat chun bainistíocht a dhéanamh ar acmhainní airgeadais agus eile atá sa Chreat Eolas Bainistíochta; déantar ceangal idir acmhainní agus pleananna, táirgí agus tuarascálacha; déantar monatóireacht ar an gcaoi a gcruthaítear. Is é is cuspóir dó seirbhís phoiblí níos éifeachtaí agus níos críochnúla a bhaint amach agus breis buntáiste a bheith ag an bpobal as an obair.

Córas bainistíochta airgeadais de chuid na linne seo a fhorbairt agus a thabhairt isteach atá ar an gcéad chéim den CEB. Bhronn OOP conradh go luath sa bhliain 2005 ar chomhlacht as Baile Átha Cliath, iB Solutions, maidir leis an gcóras Integra e-Financials a sholáthar agus a chur i bhfeidhm san Oifig. Bhí an Brainse CEB, chomh maith leis an Aonad TE, an tSeirbhís Bainistíochta Cuntasaíochta agus Brainse na gCuntas, ag obair leis na conraitheoirí ar feadh na bliana 2005 ag cur an Chórais Airgeadais nua le chéile. Bhain dearadh agus tógáil ar struchtúr nua códaithe do chóras cuntasaíochta na hOifige leis sin chomh maith le bogearra a shuíomh agus a thástáil.

Tá i gceist an córas Integra a chur sa siúl san Oifig ag deireadh mhí na Márta 2006 agus tiocfaidh sé in áit an tseanchórais Votes trína ndearnadh an bhainistíocht ar thaifid airgeadais agus íocaíochtaí na hOifige le os cionn 20 bliain anuas. I measc na mbuntáistí suntasacha a bheidh leis an gcóras Integra i gcomparáid leis an seanchóras, beidh feidhmiúlacht iomlán ceannach-go dtí-íoc ar fud na heagraíochta agus an cumas go leor bearta airgeadais a dhéanamh ag leibhéal an deasca rud a laghdóidh ar líon na mbearta páipéarachais.

Seirbhís na Cuntasaíochta Bainistíochta

Bhí béim straitéiseach ag Seirbhís na Cuntasaíochta Bainistíochta i rith na bliana 2005 ar thabhairt chun cinn thionscadal an Chreat Eolas Bainistíochta. Cuireadh le chéile cuntais nó ráitis airgeadais bhliantúla nó thréimhsiúla maidir le Seirbhísí Ailtireachta, Seirbhísí Soláthair, Farmleigh, Bainistíocht Ealaíne, Seirbhísí Airgeadais agus na Príomhshaotharlanna Innealtóireachta. Is ar Sheirbhís na Cuntasaíochta Bainistíochta atá an fhreagracht chomh maith maidir le Clár Shócmhainní Caipitil OOP a thiomsú.

Iniúchadh Inmheánach

Rinne Iniúchadh Inmheánach iniúchadh ar gach Aonad Gnó agus Seirbhís Taca i rith na bliana 2005. Scrúdaíodh na measúnuithe riosca a chuir na haonaid sin ar fáil chomh maith le ceisteanna géilliúntais leis an iniúchadh sin.

Déanann an Coiste Iniúchta maoirseacht ar oibriú fheidhm an iniúchta inmheánaigh san Oifig. Is comhaltaí seachtracha beirt den triúr comhalta agus an Cathaoirleach ar dhuine den bheirt sin.

An Oifig Bainistíochta Ealaíne

Ba bhliain an-ghnóthach a bhí sa bhliain 2005 d'Oifig Bainistíochta Ealaíne OOP agus méadú ar an éileamh ar chomhairle agus cúnamh ó fhoinsí go leor. Is iomaí prionta agus saothar péintéireachta bunaidh chomh maith le roinnt saothair dhealbhadóireachta a ceannaíodh nó a Coimisiúnaíodh faoin Scéim Céatadán don Ealaín de chuid an Rialtais i rith na bliana de réir mar a bhí airgead ar fáil d'fhoirgnimh nua agus do thionscadail athchóirithe san earnáil phoiblí. Bhí gá chuige sin le freastal go minic ar dhánlanna, taispeántais ealaíne, ceantanna agus stiúideonna ealaíontóirí i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile. Chomh maith leis sin, thug foireann na hOifige Bainistíochta Ealaíne go leor comhairle agus cúnaimh do mhic léinn fochéime agus iarchéime a bhí i mbun taighde ar nua-Ealaín na hÉireann mar ábhar tráchais nó leabhar.

Chomh maith leis sin, ullmhaíodh taispeántas Ealaín an Stáit 2005 dar teideal 'Trasna Teorainneacha' i gcomhar le Roinn Airgeadais agus Pearsanra Thuaisceart Éireann agus tugadh ar chamchuairt é i rith na bliana go dtí seacht n-ionad ó thuaidh agus ó dheas, ar a n-áirítear Caisleán Ráth Fhearnáin, Cúirt Emo agus Teach Fota (i dtraoslú Bhliain an Chultúir le Corcaigh) chomh maith le Dún Phádraig, Sraith Bhán, Loch Garman agus Béal Feirste. Mar is gnách, bhí catalóg lánléirithe ag dul leis an taispeántas de na saothair a ceannaíodh le deireanas agus bhí na mílte den phobal ar spéis leo an cineál sin a chonaic an taispeántas agus a thug taitneamh do na saothair.

Chomh maith leis sin, tugadh cuid mhaith cabhrach maidir le hullmhúchán agus socrú Bhailiúchán Comerford de Phortráidí Miondealbh Éireannach agus Sasanach de chuid an 17ú, 18ú agus an 19ú aois i gCaisleán Chill Chainnigh i rith an earraigh. Tá an sárbhailiúchán seo de cheithre chéad saothar miondealbh máistriúil ar iasacht go fadtéarmach ag an náisiún ó na bailitheoirí príobháideacha John agus Pauline Comerford. Ba é Cathaoirleach OOP, Seán Benton, a d'oscail an taispeántas go foirmeálta i mí Márta agus bhí na saothair ar taispeáint don phobal i gcoitinne ina dhiaidh sin. Thug an Dr Paul Caffrey ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha léacht poiblí sárspéise ar an mbailiúchán níos deireanaí sa bhliain. Thart ar an am sin chomh maith, rinneadh éadáil ar shaothair ealaíne do Choimisinéir an AE, Charles McCreevy, a tháinig ar cuairt d'aon turas go dtí OOP d'fhonn saothair oiriúnacha a roghnú dá oifig sa Bhruiséil. Rinneadh éadáil chomh maith ar shaothair phéintéireachta agus dhealbhadóireachta a cuireadh isteach in oifigí athchóirithe na gCoimisinéirí Ioncaim i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Iúil.

Tugadh cuireadh do St John's i dTalamh an Éisc don Chomhairleoir Ealaíne, Pat Murphy, ar Lá Fhéile Pádraig agus thug sé léacht a raibh léaráidí leis ansin dar teideal 'An Overview of Painting, Sculpture and Architecture in 20th century Ireland' agus slua mór i láthair. Níos faide amach sa bhliain, thaistil sé go Islamabad, Lahore agus Karachi ar chuireadh ó Rialtas na Pacastáine chun comhairle a thabhairt maidir le healaíne chomhaimseartha sa Phacastáin agus chun páirt a ghlacadh san eagrúchán ar thaispeántais thar lear. Tugadh léachtaí poiblí i rith na bliana chomh maith sa Ghailearaí Náisiúnta, in Atrium OOP agus i Farmleigh maidir le hábhar na healaíne. Thug an Oifig Bainistíochta Ealaíne cúnamh i rith an Earraigh don Danlann Glebe i nDún na nGall agus tugadh Saothair ealaíne áirithe ar iasacht ar théama an Ama arna leagan amach faoi chúram Adrian Kelly a ndearna an Taoiseach, an tUasal Bertie Ahern, T.D. é a oscailt go foirmeálta agus a cuireadh ar siúl ina dhiaidh sin arís i nDánlann Farmleigh.

Rinneadh roinnt bearta ceannacháin speisialta ar shaothair ealaíne i rith na bliana, de bhreis ar Scéim Chéatadán na hEalaíne. Ina measc sin, bhí portráid iontach le haghaidh Chaisleán Ráth Fhearnáin de Lady Loftus le máistir de chuid phéintéireachta na hEorpa sa 17ú aois, Sir Peter Lely agus saothar péintéireachta den scoth le Eugene McSwiney de Dhó Theach na Cúirte i

gCorcaigh, 1891 a ceannaíodh thar ceann Sheirbhís na gCúirteanna i gCorcaigh. Rinneadh éadáil chomh maith ar roinnt saothar tábhachtach le cur in áit ceithre shaothar péintéireachta a bhí ar iasacht ag Roinn an Taoisigh ó Dhánlann Cathrach Bhaile Átha Cliath An Hugh Lane, a tugadh ar ais.

Thug Jacquie Moore agus Pat Murphy cuairt ar Bheairic Mhic Aoidh i rith an Fhómhair chun comhairle agus cúnamh a thabhairt maidir le taispeántas a bheartaítear a chur ar siúl sa bhliain 2006 mar cheiliúradh ar Éirí Amach 1916. D'fhreastail siad freisin ar roinnt cruinnithe de Fho-Choiste Portráidí agus Péintéireachta an Choiste um Nós Imeachta agus Phribhléidí i dTeach Laighean faoi chathaoirleacht an Cheann Comhairle, an Dr Rory O'Hanlon, T.D. I gcomhar le Rannóga Seirbhísí Ailtireachta OOP, chuidigh Jenny Lonergan le Angela Rolfe, Príomh-Ailtire Cúnta, ag tabhairt go leor tograí ealaíne choimisiúnaithe i gcrích go sásúil in ionaid ar fud na tíre, Bacastún, Gairdíní na Lus, Teach na Cúirte san Aonach agus áiteanna eile san áireamh. Bhí baint ag an bhfoireann ar fad leis na socruithe chun go bpéintéalfaí fiche dó saothar péintéireachta faoi anáil Raphael lena gcur isteach in Eaglais na hOllscoile, Faiche Stiabhna i rith na bliana 2006.

Cuireadh le hacmhainn na hOifige Bainistíochta Ealaíne i rith na bliana le ceapadh Adrian Kennedy, caomhnóir, ar an bhfoireann agus tháinig an Príomh-Ailtire nuacheaptha, Patrick Cooney, isteach ina bhall den Ghrúpa Bainistíochta Ealaíne san earrach.

Eagraíodh roinnt taispeántais ealaíne spéisiúla in Atrium OOP i rith na bliana 2205, ina measc taispeántas den bhailiúchán suntasach de phéintéireacht ola, de líníocht agus de phéintéireacht uiscedhathanna le Patrick Swift (1927-1983) chomh maith le saothair dhealbhadóireachta agus phictiúrtha le Michael Thatcher, ar cuireadh roinnt acu ar ceant ina dhiaidh sin agus na fáltais á dtabhairt ar láimh do UNICEF, Ciste Idirnáisiúnta Oideachais Leanaí na Náisiún Aontaithe. Cé go raibh na saothair mealltach, bhain blas an bhróin leis an Taispeántas Aisbhreathnaitheach de shaothair phéintéireachta le Tony Treacy (1968-2004) a bhíodh ar fhoireann OOP tráth. Dhíol muintir an ealaíontóra go leor de na saothair i ndiaidh an taispeántais agus bronnadh an fáltas iomlán ar eagrais charthanachta.

An Roinn Caidrimh Phoiblí

Déileálann an Roinn Caidrimh Phoiblí le fiosrúcháin ó na meáin chumarsáide agus ó dhaoine den phobal maidir le cúrsaí a thagann faoi chúram OOP. Déantar monatóireacht chomh maith ar an trácht a dhéantar ar OOP agus a chuid oibre sna meáin chlóite agus chraolta agus freagraítear dó d'fhonn cinntiú go mbíonn cás OOP á chur i láthair go cuimsitheach agus go cothrom. Déanann an Roinn Caidrimh Phoiblí bainistíocht maidir leis an gcur i láthair sna meáin ar ról an Aire Stáit in Oifig na nOibreacha Poiblí agus cuirtear ábhar mionteagaisc, lena n-áirítear aithisc, ar fáil don Aire de réir mar a bhíonn gá leis.

Cuireann an Roinn Caidrimh Phoiblí roinnt foilseachán de chuid OOP le chéile, leithéid na Tuarascála Bliantúla agus an leathbhliantán irise "Obair". Is modhanna éifeachtacha iad na foilseacháin sin chun cuid de na hoibreacha agus de na tascanna a dhéanann OOP a chur chun cinn, go hinmheánach agus go seachtrach.

Sa bhliain 2005, phléigh an Roinn Caidrimh Phoiblí le níos mó ná 1,300 fiosrúchán ó na meáin chumarsáide agus ó dhaoine den phobal. Socraíodh conradh nua maidir le Monatóireacht ar na Meáin agus beidh gearrtháin as na nuachtáin a bhaineann le hábhar OOP ar fáil do bhaill na foirne go luath sa bhliain 2006. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana 2005 le huasghrádú Inlíon OOP a mheastar a bheidh sa siúl go luath sa bhliain 2006. Tosaíodh ar an obair maidir le hathbhrandáil agus athdhearadh ar shuímh idirlín uile OOP i rith na bliana 2005 agsu meastar go n-eiseofar tairiscintí maidir leis an togra sin sa dara ráithe den bhliain 2006. Rinne an Roinn Caidreamh Poiblí, i gcomhar leis an Aonad Polasaí, Suirbhé ar Chustaiméirí go luath sa bhliain 2005 agus tá torthaí na Suirbhé ar fáil mar chuid den Tuarascáil seo.

Darú
An Tulach Mór

Athbhreithniú Airgeadais 2005

Clar Caitheachais

Taispeántar sa tábla thíos, ar bhonn na gclár, gach caiteachas faoi bhainistíocht OOP i rith na bliana 2005 (taispeántar figiúirí 2004 ar mhaithe leis an gcomparáid). Áirítear leis sin cistí a tugadh d'Oifig na nOlbreacha Poiblí go díreach de réir Vóta 10; cistí arna riaradh thar ceann na Roinne Airgeadais; agus Caiteachas ar oibreacha agus seirbhísí faoi bhainistíocht OOP ar íoc Ranna nó Gníomhaireachtaí eile Rialtais orthu.

Caipiteal agus Neamhchaipiteal	2004	2005
1 Seirbhísí Bainistíochta Maoine		
1.1 Ceannach suíomh agus foirgneamh	7,019	30,754
1.2 Cíos, rátaí etc.	114,481	121,460
Iomlán an Chláir	**121,500**	**152,214**
2. Cothabháil Maoine		
2.1 Cothabháil, ábhar agus soláthairtí	46,028	49,934
2.2 Breosla, leictreachas, uisce, ábhar glantacháin	13,496	1,203
2.3 Foireann Tí an Uachtaráin	729	702
Iomlán an Chláir	**60,253**	**51,839**
3. Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal		
3.1 An Clár Tógála	246,896	186,739
3.2 Faoiseamh ó thuilte (Cúnamh Daonna san áireamh)	18,421	16,186
3.3 Deontas do Chumann Zú-Eolaíochta na hÉireann	2,539	2,539
3.4 Deontas do Shéipéal Choláiste Mhaigh Nuad	750	370
3.5 Deontas d'Institiúid na hÉireann, An Lobháin	1,000	1,500
3.6 Deontas d'Iontaobhas Sainchomharthal Tíre na hÉireann	325	0
Iomlán an Chláir	**269,931**	**207,334**
4. Seirbhísí Innealtóireachta		
4.1 Suirbhéanna Draenála	933	911
4.2 Oibreacha Cothabhála - Costais chothabhála maidir le scéimeanna críochnaithe	15,670	15,840
4.3 Seirbhísí do Roinn na Mara agus na nAcmhainní Nádúrtha	147	36
4.4 Ceannach gléasra agus innealra Innealtóireachta	764	906
4.5 Cothabháil ar ghléasra agus innealra Innealtóireachta	1,935	1,942
4.6 Oibreacha Innealtóireachta don Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán	78	64
Iomlán an Chláir	**19,527**	**19,699**
5. An Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais		
5.1 Clódóireacht agsus Foilseacháin	22,638	10,306
5.2 Seirbhísí Ginearálta Soláthair	29,368	53,611
Iomlán an Chláir	**52,006**	**63,917**
6. Seirbhísí Oidhreachta		
6.1 Maoin Stairiúil	21,093	16,242
6.2 Séadchomharthaí Náisiúnta	16,390	16,822
6.3 Seirbhísí do Chuairteoirí	668	7,742
Iomlán an Chláir	**38,151**	**40,806**
7. Seirbhísí Corparáideacha		
7.1 Tuarastail, pá agus liúntais	30,429 3	3,063
7.2 Taisteal agus cothabháil	1,783	1,820
7.3 Costais theagmhasacha	1,116	1,321
7.4 Seirbhísí postais agus teileachumarsáide	1,212	1,686
7.5 Trealamh oifige agus feisteas eile oifige	3,170	3,291
7.6 Costais áitreabh oifige	856	897
7.7 Seirbhísí Comhairleoireachta	150	63
Programme Total	**38,716**	**42,141**
8. Cistí arna mbainistiú ag OOP thar ceann na Roinne Airgeadais		
8.1 Iasachtaí Áitiúla	41,724	33,155
Iomlán an Chláir	**41,724**	**33,155**
Glanchaiteachas Iomlán	**641,808**	**611,105**
Is féidir réiteach a dhéanamh idir sin agus caiteachas faoi Vóta 10 mar seo a leanas:		
Dealaítear: Cistí arna mbainistiú ag OOP thar ceann na Roinne Airgeadais	41,724	33,155
Oibreacha arna maoiniú ag Ranna Rialtais	82,483	98,904
Soláthairtí do Ranna Rialtais	62,882	63,370
Iomlán	**454,719**	**415,676**
Bhain iomlán de €222,618,915 le Leithghabháil i gCabhair (fáltais) sa bhliain 2005.		

Caipiteal agus Neamhchaipiteal	2004	2005
Maoiniú na gClár		
1. Arna mhaoiniú ag Oifig na nOibreacha Poiblí		
Vóta 10 (Comhlán)	454,719	415,676
Iomlán	**454,719**	**415,676**
Obair arna maoiniú as Vótaí Ranna eile		
2. Oibreacha agus Seirbhísí Tógála		
An Roinn Oideachais	5,790	10,580
Oibreacha Ilghnéitheacha	54,572	63,806
Ciósanna Ilghnéitheacha	6,920	8,728
Oibreacha Cothabhála [1]	14,227	15,754
Seirbhísí do Roinn na Mara & na nAcmhainní Nádúrtha [2]	147	36
Soláthairtí do Ranna Rialtais		
Clódóireachta agus Stáisiúnóireacht	18,511	10,212
Feithiclí Iompair	13,424	0
Troscán	8,853	8,991
Éadach etc.	6,495	43,927
Fógraíocht	3,937	0
Fuinneamh	10,796	242
Ábhar Ginearálta Glantacháin etc	1,693	0
Iomlán	**145,365**	**162,276**
Cistí arna mbainistiú ag OOP thar ceann na Roinne Airgeadais		
3 Iasachtaí Áitiúla [3]	41,724	33,155
Iomlán [4]	**41,724**	**33,155**

1. Mionoibreacha cothabhála ar chóiríocht áitithe ag an Stát atá i gceist leo seo.
2. Ar obair ar Chalafort Bheann Éadair agus sna Cealla Beaga a rinneadh an caiteachas.
3. Déantar na cistí seo a bhainistiú thar ceann na Roinne Airgeadais. Aisghabháil íocaíochtaí iasachta ó údaráis áitiúla
4. Chomh maith leis sin, rinne Seirbhísí Ailtireachta deimhniú maidir le híoc dheontais spóirt dar luach caipitil €44.1m don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta sa bhliain 2005.

Nóta: Tá de pholasaí ag OOP sonraisc a phróiseáil gan mhoill. Tá an Oifig ag feidhmiú de réir an Achtaum Íoc Pras Cuntas,1997 ón 2 Eanáir 1998.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2004			
	Nóta	31/12/2004	31/12/2003
Ioncam		€	€
Ús infhála	1	4,063	6,350
Aisíoc ó Cháin Choinneála ar Ús Taisce	1	-	1,051
		4,063	**7,401**
Caiteachas			
Táillí Dlí agus Cuntasaíochta		1,815	2,146
Scéim Scoláireachta Camper		5,000	5,000
Damhsa Chaisleán Bhaile an Bharóidigh		2,000	1,400
		8,815	**8,546**
Easnamh don bhliain		**(4,752)**	**(1,145)**

CLÁR COMHARDAITHE ar an 31 Nollaig 2004			
	Nóta	31/12/2004	31/12/2003
SÓCMHAINNÍ REATHA		€	€
Oifig na nOibreacha Poiblí - cuntas reatha	6	3	2,831
Cuntas taisce ACC	4	259,886	257,333
		259,889	**260,164**
FIACHAIS REATHA			
Fabhruithe	5	7,403	2,926
SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN		**252,486**	**257,238**
ARNA LÉIRIÚ DE RÉIR			
CUNTAS CAIPITIL	**6**	**252,486**	**257,238**

NÓTAÍ FAOI NA RÁITIS AIRGEADAIS 31 Nollaig 2004

1. **Ioncam**
   Baineann ús infhála leis an ús a saothraíodh ar chuntas taisce ACC.

2. **Costais**
   De réir théarmaí an léasa reatha le Gang Camp, is ar Gang Camp atá freagracht maidir le gach eisíocaíocht lena n-áirítear cothabháil agus deisiúchán ar an gcaisleán.

   Baineann íocaíocht €5,000 (2003: €5,000) Scéim Scoláireachta Camper le gealltanas an iontaobhais athnuachan a dhéanamh ar urraíocht do leanbh ag an gcampa go ceann cúig bliana ón mbliain 2003 ar chostas iomlán de €25,000.

3. **Cuntas Taisce ACC**
   Tagann an iarmhéid ar chuntas taisce ACC leis an ráiteas baince mar a bhí ar an 31 Nollaig 2004.

4. **Féichiúnaithe**

(suimeanna dlite le híoc taobh istigh de bhliain amháin)	**31/12/2004** €	**31/12/2003** €
Ernst & Young:		
- Táille Cuntasaíochta	1,815	2,057
Scéim Scoláireachta Camper	5,000	-
Fabhrú Ginearálta	488	809
BSL	100	60
	7,403	**2,926**

   Baineann fabhrú na táille cuntasaíochta le hullmhú na tuarascála airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004.

5. Baineann cuntas reatha OOP de €3 (2003: €2,831) le suimeanna a bhí le híoc leis an Iontaobhas mar léiriú ar an gcuntas reatha nó "fionraí" a choimeádann OOP.

6. Leanann OOP ag tacú le hIontaobhas Chaisleán an Bharóidigh maidir le caiteachas ar oibreacha caipitil, tuarastail agus cothabháil. Tugadh na costais sin san áireamh i gcuntais an Rialtais.

Suim Chaipitil	**31/12/2004** €	**31/12/2003** €
Iarmhéid ar aghaidh	252,238	258,383
Easnamh don bhliain	(4,752)	(1,145)
Iarmhéid ag deireadh na bliana	**252,486**	**257,238**

7. Is do bhainistíocht an iontaobhais amháin a thagraítear i ráitis airgeadais Iontaobhas Chaisleán Bhaile an Bharóidigh. Ní luaitear na sócmhainní (Caisleán Bhaile an Bharóidigh agus na tailte máguaird), a ndéanann OOP cothabháil orthu, sna ráitis airgeadais ó tharla gur gnóthaíodh gan aon chostas iad.

Gradaim de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí 2005

Gradaim de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí 2005

Tionscadal/Rannóg	Scéim an Ghradaim	Cliant
Seirbhísí Innealtóireachta OOP	Creidiúnú Fhorás Leanúnach Ghairmiúlachta IIÉ	
Seirbhísí Innealtóireachta OOP AD Section	ROSPA Bronze Award Managing Occupational Road Risk	
Garraithe Náisiúnta na Lus Athchóiriú na dTithe Móra Gloine	An Institiúid Ghairneoireachta, Gradam Norah Stucken	
Garraithe Náisiúnta na Lus	Príomhghradam bliantúil agus corn Alpine Garden Society of Ireland.	
Músaem Phríosún Chill Mhaighneann Cur i láthair closamhairc	Gradam an Fheabhais sa Léirmhíniú Cumann Léirmhíniú na hOidhreachta Gradaim Léirmhíniú na Breataine agus na hÉireann	
Seirbhísí Oidhreachta Ionad Cuairteoirí Ghleann Dá Loch	An Gradam Náisiúnta Barr Feabhais 2005 arna bhronnadh ag CIE Tours International.	
Seirbhísí Ailtireachta Seirbhísí Ailtireachta	Gradam Ghairdín Tírphictiúir Uile-Éireann Gradam Ailtireachta agus Tógála OPUS	Saotharlann an Stáit Bacastún
Seirbhísí Ailtireachta Seirbhísí Ailtireachta 5	Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann Gradam Ailtireachta na hÉireann 2005 Gradaim Ailtireachta agus Tógála OPUS Cartlann Ailtireachta na hÉireann Gradam Oidhreachta (Caomhnú agus Athchóiriú)	Cartlann Ailtireachta na hÉireann

Taispeántais agus ócáidí san Atrium le linn na bliana 2005

Taispeántais agus ócáidí le linn na bliana 2005

San Atrium, 51 Faiche Stiabhna

Feabhra 23 - 25	Seoladh an Taispeántais The Reflecting City
Márta 16 - 20	Taispeántas de chuid Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann i gcomhar le Allianz Irish Visions Fhéile Naomh Pádraig
Aibreán 20 - 29	"Carachtair na Miotaseolaíochta" Scáthán ar ár gcultúr féin (Taispeántas agus Léacht)
Bealtaine 16 - 31	Taispeántas Tony Treacy
Meitheamh 2	Gradaim Ailtireachta na hÉireann 2005
Meitheamh 14 - 21	AWARE - "The Aware, Dublin Faces Photography Exhibition
1 Iúil - Lúnasa 15	Oireachtas na Gaeilge, i gcomhar le Coiste na hÉireann den Festival Interceltique de Lorient - Taispeántas ag cur gach cineál d'ealaín na hÉireann chun cinn, Ceol, Amhráin, Damhsa, litríocht agus na hamharcealaíona
Iúil - Lúnasa 17 - 4	Ceiliúradh 125 bliain de Pháirc Fhaiche Stiabhna a bheith ar oscailt don phobal
Iúil - Lúnasa 5 - 23	Taispeántas Patrick Swift
Meán Fómhair 24 - 4	Tionscnamh Ealaíne Lundbeck 2005 - Taispeántas Bliantúil Ealaíne
Deireadh Fómhair - Samhain 7 - 30	Bailiúchán Thatcher - taispeántas de shaothair dhealbhadóireachta agus de shaothair ealaíne eile
2 Nollaig	Cur i láthair de chuid CPD - OOP agus Áisiúlacht agus an Clár Bhainistíocht Fuinnimh
14 - 15 Nollaig	Seoladh an Fheachtas Feasachta Poiblí de chuid Seirbhísí Innealtóireachta OOP mar gheall ar thuilte.

An Fhoireann agus Baill Foirne Sinsearacha 2005

An Fhoireann agus Baill Foirne Sinsearacha

Foireann Oifig na nOibreacha Poiblí mar a bhí ar an 31 Nollaig 2005

Aire Stáit agus Riarachán	419
Ailtireacht	155
Innealtóireacht	83
Eile	41
Grádanna OOP	1291
Iomlán	**1989**

Baill Foirne Sinsearacha

Seán Benton
Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí

Seirbhísí Maoine
An Coimisinéir David Byers

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal
An Coimisinéir Clare McGrath

Seirbhísí Bainistíochta Maoine

Tom Costello
Príomh-Oifigeach

Paul Molloy
Príomh-Oifigeach

Cothabháil Maoine

Des Thorpe
Ceannasaí na Cothabhála

An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta

Kevin Fleming
Príomh-Oifigeach Cúnta

Seirbhísí Oidhreachta

Dermot Burke
Stiúrthóir

Seirbhísí Innealtóireachta

Tony Smyth
Stiúrthóir na Seirbhísí Innealtóireachta

Jim O'Sullivan
Príomh-Innealtóir Meicniúil & Leictreach

Seirbhísí Ailtireachta

Pat Cooney
Stiúrthóir na Seirbhísí Ailtireachta

Liam Egan
Príomh-Ailtire Cúnta

Michael Haugh
Príomh-Ailtire Cúnta

Ciaran O'Connor
Príomh-Ailtire Cúnta

Klaus Unger
Príomh-Ailtire Cúnta

Finbar Wall
Príomh-Ailtire Cúnta

Angela Rolfe
Príomh-Ailtire Cúnta

Bainistíocht Saoráidít

Liam Basquille
Príomh-Oifigeach

Mary Heffernan
Bainisteoir Ginearálta, Farmleigh

Tom Sherlock
Príomh-Oifigeach

Tom Bolger
John Curtin
John Gallagher
Príomh-Innealtóirí Cúnta

Seirbhísí Corparáideacha

Vincent Campbell
Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Seirbhísí Pearsanra & Forbartha

June Thompson
Príomh-Oifigeach

An t-Aonad Eagrúcháin, SF, Seirbhísí Dlí

Enda Mulvihil
Príomh-Oifigeach

Bainistíocht Ealaíne

Pat Murphy
Comhairleoir Ealaíne

Jacquie Moore
Comhairleoir Ealaíne Cúnta

Tommy O'Shaughnessy
Bainisteoir Ginearálta, Caisleán Bhaile Átha Cliath

George Moir
Oifigeach Caidreamh Poiblí

Lorus Collum
Eileen Maher
Oifigigh um Chabhair d'Fhostaithe

Seirbhísí Airgeadais agus an Áisíneacht Soláthairtí Rialtais

Joe Farrell
Príomh-Oifigeach

Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal

Kevin Connolly
Stiúrthóir na dTionscadal Speisialta

John Mc Mahon
John Sydenham
Brian Allen
Príomh-Oifigeach

Oifig na nOibreacha Poiblí

Ceannoifig	**Address**
Oifig an Aire Stáit.	51 Faiche Stiabhna,
Oifig an Chathaoirligh	Baile Átha Cliath 2
Seirbhísí Corparáideacha,	Teil: (01) 647 6000
Seirbhísí Bainistíochta Maoine,	Príomhuimhir Faics: (01) 661 0747
Seirbhísí Bainistíochta Tionscadal,	Suíomh gréasáin: www.opw.ie
Seirbhísí Cothabhála Maoine,	Ríomhphost: info@opw.ie
Seirbhísí Ailtireachta,	
Seirbhísí Innealtóireachta	

Seirbhísí Oidhreachta	
6/7 Plás Ely Uachtarach, Baile Átha Cliath 2	(01) 647 6000
Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2	(01) 411 7100
Suirbhéireacht Cainníochta, Cuntasóirí Gairmiúla	
4 - 5 Bóthar Harcourt, Baile Átha Cliath 2	(01) 647 6000
Draenáil Artaireach - Dearadh, Brainse Hidreolaíochta & Hidriméadraic,	
Brainse na hInnealtóireachta Struchtúraí	
17-19 Sráid Hatch Íochtarach, Baile Átha Cliath 2	(01) 647 6000
Seirbhísí Airgeadais	
Oifigí Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh	(056) 7772600 Lóghlao 1890 213 424
An Gníomhaireacht Soláthairtí Rialtais	
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2	(01) 647 6000 Lóghlao 1890 213 434
Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais,	
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2	(01) 679 3515
Brainse an Troscáin	
Bóthar Bhaile Uí Bheoláin, Rialto, Baile Átha Cliath 8	(01) 453 1588
An tSeirbhís Cothabhála Foirgneamh	
Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Buirbe, Baile Átha Cliath 7	(01) 702 8811
Ionad Comhdhála Chaisleán Bhaile Átha Cliath	
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2	(01) 679 3713
Farmleigh	
Bóthar an Fhaoitigh, Baile Átha Cliath 15	(01) 815 5900
An Phríomhcheardlann Innealtóireachta	
Bóthar Bhaile Shéamais, Inse Chór, Baile Átha Cliath 8	(01) 453 4204
Cothabháil don Draenáil Artaireach	
An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí	(046) 943 1352
Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú	(041) 685 3256
Baile Róibín, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí	(044) 48332
Ballycraine, Droichead an Chaisleáin, Co. Loch Garman	(053) 24181
Droim Biúir, Bóthar na Muinchille, Muineacháin	(047) 83201
An Phríomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe	(093) 35456

Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	(096) 22065
Bóthar na Croiche, Leifear, Co. Dhún na nGall	(074) 914 1273
Baráiste Chomhla na Coiribe, Teach na Comhla, Gaillimh	(091) 563 097
Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Luimneach	(061) 227 139
Droichead na hInse, Lios Tuathail, Co. Chiarraí	(068) 21166
Caladh Chonnacht, Port Omna, Co. na Gaillimhe	(090) 974 1086
Foirgnimh an Rialtais, Bóthar na Spá, Trá Lí, Co. Chiarraí	(066) 24479

Seirbhísí Hidreolaíochta & Hidriméadracha

Sráid na Beairice, Áth Luain, Co. na hIarmhí	(090) 649 2918
Bóthar Hebron, Cill Chainnigh	(056) 777 2641
Páirc an Aonaigh, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú	(041) 685 7992
Teach Theampall Mhungairit, Mungairit, Co. Luimnigh	(061) 227 139
Bóthar Bhéal Easa, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo	(096) 22065

Oifigí Réigiúnacha Ailtireachta

Teach Steward, Bóthar an Fhaoitigh, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15	(01) 812 8122
Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2	(01) 677 6106
Foirgneamh an Rialtais, Bóthar San Alfansas, Dún Dealgan, Co. Lú	(042) 933 4221
2 Sráid an tSéipéil, Sligeach	(071) 914 2202
Oifigí Rialtais, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn	(074) 912 1365
Sráid na Beairice, Áth Luain, Co. na hIarmhí	(090) 649 2087
13 Sráid Chaitríona, Port Láirge	(051) 874 134
Foirgnimh an Rialtais, Port Laoise	(0502) 21133
Foirgnimh an Rialtais, An tInbhear Mór, Co. Chill Mhantáin	(0402) 32761
Foirgnimh an Rialtais, Sráid Áine, Loch Garman	(053) 22470
14 Seanbhóthar na Carraige Duibhe, Corcaigh	(021) 496 6200
An Diméin, Cill Airne, Co. Chiarraí	(064) 31028
2 Sráid Mhala, Luimneach	(061) 313 500
Oifigí Rialtais, Durlas, Co. Thiobraid Árann	(0504) 21532
16 An Fhaice Mhór, Gaillimh	(091) 563 016
Bóthar an Phailliúin, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo	(094) 902 1331

Iostaí na Seirbhísí Oidhreachta

Iosta Bhaile Átha an Rí	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Raithín, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe	(091) 844 084
Iosta Chill Chainnigh	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Eastát Tionsclaíochta Bhóthar Hebron, Cill Chainnigh	(056)7721813/1868
Iosta Chill Áirne	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Caisleán an Rois, Cill Airne, Co. Chiarraí	(064) 33565
Iosta Mhala	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Mala, Co. Chorcaí	(022) 42278
Iosta Dhrom Dhá Thiar	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, Droim Dhá Thiar, Co. Liatroma	(071) 916 4186
Iosta Bhaile Átha Troim	
Bainisteoir na nOibreacha Ceantair, An Baile Nua, Baile Átha Troim, Co. na Mí	(046) 943 1452

Oifigí OOP agus Láithreáin Oidreachta